

LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DON FHOGHLAIM AGUS DON SAOL

**An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an
Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga**

2011-2020



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

Arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

© An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011

CLÁR NA nÁBHAR

Brollach le Ruairí Quinn, TD, Aire Oideachais agus Scileanna	5
1. Réamhrá	7
2. Cad ba chóir do na daoine óga a bhaint amach	19
3. Tuismitheoirí agus pobail á gcumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí	23
4. Feabhas á chur ar obair phroifisiúnta na múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ¹	31
5. Cumas cheannaireacht na scoile á neartú	45
6. Feabhas á chur ar an gcuraclam agus an taithí oideachais	51
7. Ag cabhrú le scoláirí le riachtanais foghlama bhreise chun a lánacmhainneacht a chomhlíonadh	71
8. Feabhas á chur ar an measúnú agus ar an meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht	85
Giorrúcháin	101
Aguisín	103

¹ Cúram agus oideachas na luath-óige



Ruairí Quinn, TD
Aire Oideachais agus Scileanna

BROLLACH

Tá an litearthacht agus an uimhearthacht i measc na scileanna saoil is tábhachtaí a dhéantar a theagasc inár scoileanna. Níor chóir do leanbh ar bith an scoil a fhágáil gan na scileanna seo ar a dtoil acu. Tá rithábhacht le scileanna litearthachta agus uimhearthachta le cur ar a gcumas forbairt a dhéanamh mar dhuine, le saol sásúil agus fiúntach a bhaint amach agus páirt a ghlacadh go hiomlán inár sochaí. Má chinntimid go mbaineann na daoine óga uile na scileanna seo amach cinntimid ceann amháin de na hionchuir is mó a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun ceartas sóisialta agus cothromas a bhaint amach sa tír seo.

Tá a fhios againn, áfach, nach bhfuil na scileanna seo á fhorbairt mar ba chóir ag leanaí áirithe. Léiríonn an fhaisnéis ó mheasúnachtaí náisiúnta léitheoireachta agus matamaitice, ó chigireachtaí sna scoileanna agus ó staidéar idirnáisiúnta go bhfuil neart scoláirí i scoileanna na hÉireann nach bhfuil ag forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta de réir a gcumas. Ní féidir linn leanúint ar aghaidh leis seo.

I gClár an Rialtais déantar soiléir é go bhfuil sé mar rún daingean ag an Rialtas go bhfágfaidh gach duine óg an scoil agus iad in ann léamh, scríobh, cumarsáid a dhéanamh ó bhéal, i scríbhinn agus sna meáin dhigiteacha, agus in ann an mhatamaitic a thuiscint agus a úsáid ina saol go laethúil agus sa bhreisfhoghlaim. I *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* leagtar amach an chaoi ina n-oibreoidimid chun na spriocanna rithábhachtacha seo a bhaint amach sa tréimhse go dtí 2020. Leagtar amach spriocanna uailmhianacha agus tugtar tuairisc ar na gníomhartha nach mór dúinn a dhéanamh chun feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta.

Bheadh dúshlán i gceist i gcúinsí ar bith leis na gníomhartha seo a dhéanamh agus na spriocanna seo a bhaint amach, ach beidh dúshlán níos mó romhainn anois go háirithe agus sinn ag iarraidh caiteachas poiblí a chiorrú sna cúinsí atá ann faoi láthair. Is é is brí leis seo ná go mbeidh orainn teacht ar na hacmhainní chun an straitéis seo a bhaint amach trí thús áite a thabhairt arís don chaiteachas agus trína chinntiú go bhfaighimid na torthaí is fearr as na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ann cheana féin.

Cé go bhfuil na dúshláin mhóra seo romhainn, is mór an t-ábhar misnigh dom an líon mór daoine agus eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin a raibh ionchur acu agus an straitéis seo á cur le chéile. Léiríonn a rannpháirtíocht cé chomh tiomanta is atá muintir na hÉireann – laistigh den chóras oideachais agus taobh amuigh de freisin – chun feabhas a chur ar na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta. Sa straitéis seo tá i gceist leas a bhaint as an tiomantas sin agus é a dhírú i dtreo iarracht náisiúnta chomhaontaithe a dhéanamh chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta den scoth a bhaint

amach i measc ár leanaí agus na ndaoine óga. Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair libh sa tasc náisiúnta seo a bhfuil ríthábhacht leis.

Ruairí Quinn, TD
Aire Oideachais agus Scileanna

1. RÉAMHRÁ

Cuirfimid feabhas ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta

Is é atá i gceist le *Litearthacht agus Uimhearthacht don Foghlaim agus don Saol* ná an straitéis náisiúnta chun feabhas a chur ar na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta i measc leanaí agus daoine óga sa chóras oideachais. Sa straitéis seo déantar iarracht díriú ar na hábhair imní shuntasacha atá ann maidir le cé chomh maith is atá forbairt á déanamh ag ár ndaoine óga ina scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bheidh de dhíth orthu le rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh sa chóras oideachais, le saol sásúil agus fiúntach a chaitheamh, agus le bheith rannpháirteach mar shaoránaigh ghníomhacha agus eolacha sa tsochaí.

Bhí ionchur ag líon mór daoine sa straitéis seo

Tá sé an-soiléir go bhfuil an-chuid daoine laistigh den chóras oideachais agus taobh amuigh de atá tiomanta agus díograiseach lena chinntiú go mbíonn na scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar a dtoil ag na daoine óga sa tír seo. Cuireadh *Litearthacht agus Uimhearthacht don Foghlaim agus don Saol* le chéile trí dhianchomhairliúchán phoiblí a bheith ann ar an mbealach is fearr inar féidir linn feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim na scileanna seo sa chóras oideachais in Éirinn.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna dréachtphlean náisiúnta i mí na Samhna 2010 chun feabhas a chur ar an litearthacht agus an uimhearthacht agus lorgaíodh tuairimí ón gcóras oideachais agus ón bpobal. Ag eascairt as an bhfoilseachán seo bhí díospóireacht tromchúiseach ann faoin litearthacht agus uimhearthacht. Tháinig tuairimí agus moltaí mionsonraithe maidir leis an gcaoi ar chóir an straitéis a chur le chéile ó dhaoine aonair, tuismitheoirí, scoláirí, múinteoirí, grúpaí foirne i scoileanna, léachtóirí, taighdeoirí agus ranna i gcoláistí agus institiúidí tríú leibhéal eile, ionadaithe ó eagraíochtaí pobail agus ó chomhlachtaí poiblí, chomh maith le cumainn tuismitheoirí, na ceardchumainn, cumann na bhfostóirí agus comhlachtaí bainistíochta scoile. Fuarthas beagnach 480 aighneacht scríofa, chomh maith le roinnt tráchtanna ar líne ghutháin thiomnaithe; bhí an chuid is mó díobh siúd a chuir tuairim scríofa isteach sásta go bhfoilseofaí iad agus tá na doiciméid seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. San áireamh i roinnt de na haighneachtaí éagsúla tá athbhreithnithe atá an-luachmhar agus achoimrí ar thaighde ábhartha agus leabharliostaí mionsonraithe maidir le teagasc agus foghlaim na scileanna litearthachta agus uimhearthachta chomh maith le measúnú a dhéanamh orthu.

*Cuireadh an straitéis seo i gcrích
tar éis dianchomhairliúcháin*

Mar fhreagra don dréachtphean, d'aithin ionadaithe de na páirtithe leasmhara i gcúrsaí oideachais agus sa phobal i gcoitinne go bhfuil gá le feabhas a chur ar na caighdeáin i gcúrsaí litearthachta agus uimhearthachta. D'aithin siad go bhfuil sé riachtanach go ndéanfadh gach leanbh forbairt ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta de réir a gcumas. D'aithin siad freisin, na comharthaí go bhfuil na caighdeáin ag titim agus leis na héilimh atá ag méadú do leibhéal arda i gcúrsaí litearthachta agus uimhearthachta i ngach earnáil fostaíochta gur ghá d'ionadaithe an Rialtais i gcúrsaí gnó, tionscail agus fiontair gníomhú láithreach agus go cinntitheach. Leag siad béim ar an tábhacht atá ann na caighdeáin a ardú chuig na leibhéal a bhaintear amach sna tíortha ardfheidhmíochta is mó d'fhonn leanúint leis ár n-eacnamaíocht eolais dhúchasach a forbairt agus leanúint le poist ard-luacha a mhealladh tríd an infheistíocht isteach.

Rinneadh mion-anailís ar na haighneachtaí uile i scríbhinn agus an straitéis seo á hullmhú. Chomh maith leis sin, bhuail oifigigh na Roinne le níos mó ná seasca eagraíocht chun tuilleadh eolais a fháil faoina moltaí agus chun scrúdú a dhéanamh ar na príomh-mholtaí a bhí déanta acu. D'oibrigh oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna go dlúth lena gcomhghleacaithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freisin agus d'imigh siad i gcomhairle leis an bhfoireann agus na saineolaithe sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), sa bhForas Taighde ar Oideachai (FTO), i nDroim Conrach agus sa Chomhairle Múinteoireachta

Is é is brí le litearthacht ná an cumas leis an teanga labhartha, prionta, scríbhneoireacht agus na meáin dhigiteacha a úsáid agus a thuiscint

Tá i bhfad níos mó i gceist leis an litearthacht agus an uimhearthacht ná “an léitheoireacht, scríbhneoireacht agus an uimhríocht”

Go traidisiúnta nuair a smaoiníomar ar **litearthacht** smaoiníomar ar na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta; ach sa lá atá inniu ann leis an tuiscint atá againn ar an litearthacht tá i bhfad níos mó i gceist ná sin. **Is é atá i gceist sa litearthacht ná an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha ina measc.** Nuair a dhéanaimid tagairt don “litearthacht” sa doiciméad seo is é atá i gceist againn ná an tuiscint leathan seo ar an scil, an labhairt agus éisteacht ina measc, chomh maith leis an gcumarsáid ina n-úsáidtear ní hamháin an scríbhneoireacht agus prionta traidisiúnta ach na meáin dhigiteacha freisin.

Níl an **uimhearthacht** teoranta amháin don chumas chun uimhreacha a úsáid, chun suimiú, dealú, iolrú agus roinnt a dhéanamh. **Clúdaíonn an uimhearthacht an cumas chun tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid chun na fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla ag maireachtáil i suíomhanna sóisialta casta a chomhlíonadh.** Leis an gcumas seo a bhaint amach, ní mór don duine óg a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, ciall a bhaint as na sonraí, feasacht ar spásúlacht

Is é is brí le huimhearthacht ná an cumas an mhatamaitic a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus a bheith in ann tabhairt faoi na héilimh mhaireachtála laethúla

a bheith aige/aici, na patrúin agus na seichimh a thuiscint, agus na hócáidí a aithint nuair is féidir leis an réasúnaíocht mhatamaitice a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach.

Ní mór dúinn scileanna litearthachta agus uimhearthachta na ndaoine óga uile a fhorbairt

Ní mór do gach duine óg a bheith liteartha agus uimheartha. Bainimid úsáid as na bunscoleanna litearthachta agus uimhearthachta i mbeagnach gach páirt dár saol nuair a dhéanaimid cumarsáid lena chéile – nuair a leanaimid comharthaí nó treoracha, nuair atáimid ag obair nó ag baint sult as an am saor a bhíonn againn, nuair a dhéanaimid iarracht ciall a bhaint as an méid faisnéise agus sonraí atá ar fáil trí na meáin, agus nuair a bhímid ag déanamh bainistíochta ar ár saol. In Éirinn, bainimid tairbhe as an bhfáil atá againn ar dhá theanga; trí bheith in ann úsáid a bhaint as an nGaeilge agus as an mBéarla ó bhéal agus i bhfoirmeacha eile tá sé mar bhuntáiste againn sinn féin a thuiscint agus ionchur a dhéanamh chun ár gcultúr a shaibhriú.

Mura bhfuil na scileanna litearthachta agus uimhearthachta ag an duine óg nó ag an duine fásta, tá sé/sí scoite ó bheith lánpháirteach i ngnéithe éagsúla den saol: ní féidir leo tabhairt faoi bhuntascanna, ar nós léamh a dhéanamh nó ríomhphost a sheoladh; níl aon chiall le baint aige/aici as cúrsaí fógraíochta nó fógraí; ní féidir leo liosta siopadóireachta a bhreacadh síos nó bille fóntais a thuiscint; tá siad scoite ó bheith rannpháirteach agus ionchur a bheith acu i ngnéithe éagsúla den tsochaí agus den chultúr ina bhfuil siad ag maireachtáil. Ní féidir le daoine óga agus daoine fásta nach bhfuil scileanna litearthachta agus matamaitice imleora acu a bheith rannpháirteach go hiomlán i gcúrsaí scolaíochta nó sa bhreisoideachas agus ardoideachas, agus bíonn níos deiseanna ann dóibh chun poist agus gairmeacha sásúla a fháil.

Cuireann litearthacht agus uimhearthacht níos fearr do dhaoine le sochaí atá níos córa agus níos cothroime

Má bhíonn scileanna litearthachta agus uimhearthachta in easnamh ag duine nó mura n-éiríonn leis/léi na scileanna seo a fhorbairt de réir a c(h)umais ní caill é seo don duine é féin amháin: is caill mhór í freisin do gach duine againn i sochaí na hÉireann. Baineann an duine aonair agus an tsochaí ar an iomlán líon mór tairbhí sóisialta, eacnamaíochta agus sláinte amach trí scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bheith ar a t(h)oil aige/aici. Tá sé riachtanach daoine óga a bheith againn atá in ann tuiscint mhatamaitice a chur i bhfeidhm i raon comhthéacsanna eacnamaíochta, teicniúla, eolaíochta, sóisialta agus eile má táimid lena chinntiú go mbainfear rathúnas fostaíochta agus eacnamaíochta amach sa todhchaí. Tá a fhios againn freisin gur dócha go bhfágfaidh leanaí nach bhfoghlaimíonn conas léamh, scríobh nó cumarsáid a dhéanamh i gceart an scoil go luath agus beidh siad dífhostaithe nó fostaithe i bpoist ar bheagán oiliúna, beidh

Tá forbairt na scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta i measc na ndaoine óga uilig fíor-riachtanach do sheansanna saoil na ndaoine aonair uilig agus bunúsach do cháilíocht agus do chothromas shochaí na hÉireann

drochshláinte mothúchán agus coirp acu, beidh cumas tuillimh teoranta acu, agus tá seans níos mó ann go gcuirfear i bpríosún iad, níos déanaí ina saol. Tá an straitéis seo bunaithe ar an gcreideamh láidir atá ann go bhfuil ríthábhacht ann scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt i measc na ndaoine óga uile le haghaidh deiseanna gach duine sa saol agus go bhfuil sé riachtanach do cháilíocht agus cothromas shochaí na hÉireann.

Baineann an straitéis seo le hionchur an chórais oideachais i litearthacht agus uimhearthacht níos fearr

D'fhéadfaí nach n-éireodh le scoláirí scileanna litearthachta agus uimhearthachta imleora a bhaint amach ar chúiseanna éagsúla. Tá roinnt díobh seo lasmuigh den chóras oideachais agus scoile. Mar shampla, tá a fhios againn gur dócha go mór go mbeidh deacrachtaí ag leanaí ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíochta i gcúrsaí litearthachta agus uimhearthachta ar chúiseanna a mbaineann leis an mbochtanas, drochshláinte, agus réimse leathan toisca eile. Níl líon mór de na bunchúiseanna nach n-éiríonn leo le fáil sa chóras oideachais agus tá roinnt díobh nach bhfuil oiriúnach do réitigh scoilbhunaithe.

Mar sin féin, tá a fhios againn *gur féidir* le hidirghabhálacha scoileanna agus oideachasúla atá éifeachtach feabhas suntasach a chur leis na torthaí foghlama do gach scoláire, iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ina measc. Tá an straitéis seo dírithe ar na gníomhartha a d'fhéadfadh an córas oideachais a dhéanamh lena chinntiú go gcuireann cúram agus oideachas na luathóige (COLÓ) agus na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna na deiseanna is fearr ar fáil do dhaoine óga chun scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo a chinntiú go bhfágann gach leanbh ár gcóras oideachais le tuiscint ar an matamaitic agus iad in ann labhairt, léamh, scríobh agus litriú ag leibhéal ina bhfuil siad in ann rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh i gcúrsaí oideachais agus sna pobail áitiúla, náisiúnta agus domhanda ina bhfuil siad ag maireachtáil.

Ní mór dúinn an litearthacht agus an uimhearthacht a chothú ón luathóige go haois an duine fhásta

Forbróidh leanaí scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta má chothaítear na cumais sin i mbealach comhsheasmhach ón luathóige go dtí deireadh an oideachais dara leibhéal.

Le linn na luathóige, an tréimhse idir an bhreith agus sé bliana d'aois, tá deis shuntasach ann don fhoghlaim. Le linn na mblianta tosaigh seo, glacann leanaí leis na chéad chéimeanna ar a n-aistir chun na foghlama ar feadh an tsaoil. Tá an cumas iontu ó dhúchas foghlaim a dhéanamh ón uair a shaolaítear iad agus bíonn tionchar mór ag an taithí a bhíonn acu ina mbailte agus sa timpeallacht i gcoitinne ar an bhforbairt agus ar an

Tá mór-ról ag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon i dteagasc na mbunscoileanna litearthachta agus uimhearthachta.

bhfoghlaim a dhéanann siad sa todhchaí. Tá ról lárnach ag an luath-thaithí a thacaíonn le forbairt scileanna cumarsáide na leanaí (ar nós an tuiscint atá acu ar an gcumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha; an t-eolas atá acu ar fhuaim, patrún, rithim agus athrá; an tuiscint atá acu ar shiombailí ar nós priontaí agus pictiúir; na deiseanna atá acu chun eolas a fháil ar phriontaí agus taitheamh a bhaint astu i mbealach lánbhrí; agus na deiseanna atá acu chun ábhair líníochta a úsáid) agus a scileanna litearthachta á bhforbairt. Tá tábhacht ann go bhfuil siad ar an eolas faoi ábhair, cruthanna, spás, patrúin agus éagsúlachtaí, rangú, meaitseáil, comparáid a dhéanamh agus ordú leis an uimhearthacht a fhorbairt. Bíonn tionchar mór ag an eolas, na scileanna, dearchtaí agus meonta a fhorbraítear sna blianta tosaigh seo ar an taithí foghlama a bhíonn acu níos déanaí ina saol.

Déantar dul chun cinn ar an bhfoghlaim seo sa bhunscoil. Leanann gnéithe criticiúla d'fhorbairt scileanna an linbh sa litearthacht (i mBéarla agus i nGaeilge araon) agus san uimhearthacht ag forbairt le linn na tréimhse iomláine den oideachas dara leibhéal go háirithe le linn na sraithe sóisearaí, nuair a thagann na scoláirí trasna ar théacsanna in ábhair nua don chéad uair. Le linn na mblianta bunscoile, ní mór na scileanna luaithe criticiúla a fhorbairt i dtaithí curaclaim atá leathan, cothromaithe agus taitheamhach. Is gá na scileanna litearthachta agus uimhearthachta a dhaingniú agus a fhorbairt go cúramach le linn na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí sna hiar-bhunscoileanna agus sna hionaid don oideachas.

D'fhéadfadh míthuairim a bheith ann gur chóir d'fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bheith críochnaithe faoi dheireadh na tréimhse sa bhunscoil: Ach ní mar seo atá. Tá a fhios againn, go deimhin, go mbeidh éagsúlacht mhór i leibhéal na scileanna a bheidh faighte ag leanaí ag dhá bhliain déag d'aois. *Beidh* scileanna litearthachta bunúsacha ar a dtoil ag leanaí áirithe ag dhá bhliain déag d'aois, ach beidh na scileanna seo fós á bhforbairt ag formhór díobh. Beidh taithí teagaisc deaphleanáilte agus foghlama a bhfuil cuspóir léi de dhíth ar *gach* páiste ag an aois seo san iar-bhunscoil chun iad a chumasú leis na scileanna nach bhfuil acu go fóill a bhaint amach, leis na scileanna a d'fhoghlaim siad cheana féin a dhaingniú, agus chun iad a réiteach don obair, don bhreiseoideachas agus d'am saor.

Forbraíonn scileanna litearthachta leanaí ag rátaí éagsúla, agus tá éagsúlacht freisin leis an gcaoi a bhforbraíonn an tuiscint atá acu ar chúrsaí matamaitice. Ní mór dúinn a chinntiú nuair a dhéantar an uimhearthacht a theagasc san iar-bhunscoil go dtógtar ar an bhfoghlaim atá déanta ag na leanaí sna blianta bunscoile, ionas go mbeidh an cumas riachtanach iontu matamaitice a thuiscint agus a úsáid go laethúil agus sa bhreiseoideachais, thar an tréimhse den oideachas éigeantach.

Ní mór dúinn cuimhneamh freisin nach bhfuil an fhreagracht ar na múinteoirí teanga agus matamaitice amháin sna hiar-bhunscoileanna agus scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí á bhforbairt. Tá ról

lárnach ag na múinteoirí i ngach ábhar sna hiar-bhunscoileanna chun cumas scoláirí a fhorbairt agus a dhaingniú leis an litearthacht agus an uimhearthacht a úsáid.

Tá ríthábhacht leis an leanúnachas sa taithí foghlama agus forbairt an linbh ón luathóige go dtí deireadh na tréimhse iar-bhunoideachais. Ní éireoidh leis na foghlaimeoirí ach amháin má chinntimid go bhfuil trasdul neamhlochtach ann dóibh ag gach pointe athraithe sa chóras oideachais. Ba chóir go mbeifí in ann a chinntiú leis na nósanna imeachta ó na soláthraithe oideachais éagsúla go n-aistrítear an fhaisnéis chuí ag gach pointe chun an leanúnachas agus an dul chun cinn a éascú don leanbh.

Ní mór dúinn leanúnachas a chinntiú don bhfoghlaimeoir ar fud céimeanna uilig an oideachais

Leis na suíomhanna teangeolaíochta éagsúla inár scoileanna tá dúshlán dhifriúla ann don litearthacht

Bíonn taithí foghlama teanga ag na foghlaimeoirí i scoileanna na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge le linn a mbunoideachais agus an n-iar-bhunoideachais. Chomh maith leis sin tá suíomhanna teangeolaíochta éagsúla againn inár scoileanna – scoileanna Béarla, Gaelscoileanna, Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta. Cuirtear COLÓ ar fáil i suíomhanna trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla. Tá raon na scoileanna agus na suíomhanna seo agus an deis chun litearthacht a fháil sa dá theanga mar chuid den saibhreas agus neart atá i gcóras oideachais na hÉireann. Tá sé tábhachtach freisin a aithint go bhfuil dúshlán ar leith in éineacht leis an éagsúlacht seo do theagasc agus foghlaim na litearthachta.

An Litearthacht i scoileanna Gaeilge

Na scoileanna ina bhfuil an meán teagaisc trí Ghaeilge ná na scoileanna Gaeltachta chomh maith le Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá bunaithe taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá an Ghaeilge mar an meán teagaisc i sruthanna nó aonaid áirithe i scoileanna dara leibhéal áirithe agus i líon suíomhanna COLÓ laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. D'fhéadfadh foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar na scoileanna agus suíomhanna seo teacht ó bhailte ina bhfuil an Ghaeilge mar an chéad teanga nó ó bhailte ina bhfuil an Béarla (nó teanga eile) mar an chéad teanga. **Sa straitéis litearthachta agus uimhearthachta seo aithnítear go bhfuil riachtanais foghlama atá an-éagsúil ag foghlaimeoirí i scoileanna Gaeilge agus gur gá dóibh na scoileanna litearthachta a fhorbairt i nGaeilge (mar an chéad teanga atá acu nó mar chéad teanga na scoile) agus i mBéarla.** Beidh na foghlaimeoirí seo ag forbairt a gcumais chun labhairt, léamh agus scríobh i nGaeilge agus i mBéarla, ag forbairt a gcumais chun bogadh go héasca idir an dá theanga agus ag forbairt a gcumais lena bhfoghlaimeoirí a aistriú ó theanga amháin go dtí an ceann eile.

An Litearthacht i scoileanna Béarla

Freastalaíonn an chuid is mó de na foghlaimeoirí ar shuíomhanna agus scoileanna ina bhfuil an meán teagasc trí Bhéarla. **Chun críocha an doiciméid straitéise seo, ba chóir na tagairtí d'fhoghlaimeoirí i scoileanna agus suíomhanna trí Bhéarla a thuiscint go príomha mar litearthacht i mBéarla.**

Tagann tromlach na bhfoghlaimeoirí i scoileanna Béarla ó theaghlaigh ina bhfuil an Béarla mar chéad teanga cé go labhróidh líon suntasach teanga eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge mar mháthairtheanga. Beidh na foghlaimeoirí ar fad i scoileanna trí Bhéarla, go deimhin, ag forbairt scileanna litearthachta i nGaeilge a fhoghlaim siad mar an dara teanga (nó teanga breise). Ba chóir go gcuirfí ar a gcumas iad leis an bhfoghlaim seo labhairt, léamh agus scríobh i mBéarla agus i nGaeilge araon agus go gcothófaí a gcumas aistriú a bhfoghlaim teanga a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Ar feadh tamaill tá laigí suntasacha le feiceáil agus an Ghaeilge á teagasc mar an dara teanga i scoileanna. Mar sin féin, déantar an plé cuimsitheach maidir leis na céimeanna nach mór a ghlacadh chun tabhairt faoi fhoghlaim na Gaeilge mar an dara teanga sa straitéis 20-bliain don Ghaeilge seachas sa doiciméid straitéise.

Ní mór do dhaoine óga na hÉireann scileanna litearthachta agus uimhearthachta níos fearr a fhorbairt

Tá a fhios againn cé go mbaineann líon mór scoláirí inár gcóras oideachais caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta amach atá an-ard, tá mionlach áirithe ann nach n-éiríonn leo. Chomh maith leis sin, éiríonn le líon mór scoláirí dóthain scileanna a bhaint amach ach d'fhéadfaidís feabhas a chur orthu seo. Tá an fhianaise maidir leis seo soiléir.

An Litearthacht

- Bíonn deacracht mhór ag leanbh amháin as deichniúr i scoileanna na hÉireann leis an léitheoireacht nó an scríbhneoireacht; i scoileanna áirithe atá faoi mhíbhuntáiste tá sé i bhfad níos airde, le beagnach scoláire amháin as triúr
- Le tríocha bliain anuas, níor tháinig feabhas ar scileanna litearthachta na scoláirí i mbunscoileanna na hÉireann, a rinneadh a thomhas sna Measúnachtaí Náisiúnta i Léitheoireacht an Bhéarla, cé go bhfuil infheistíocht mhór déanta i gcóimheasa múinteoirí is daltaí a laghdú, tugadh tacaíocht foghlama (ar ar tugadh teagasc feabhais roimhe seo) agus múinteoirí acmhainne isteach, cuireadh ábhair teagasc níos fearr ar fáil agus rinneadh leasuithe móra ar na curaclaim

- Aithníonn múinteoirí agus príomhoidí dara leibhéal leibhéal ísle litearthachta mar bhac ar rochtain a dhéanamh ar an gcuraclam iar-bhunscoile agus chun trasdul éasca a dhéanamh isteach in iar-bhunscoil
- Tá fostóirí agus institiúidí tríú leibhéal tar éis a bheith cáinteach go seasta de chaighdeán litearthachta na scoláirí agus iad ag críochnú a n-iar-bhunoideachais
- Bhí meath ar fheidhmíocht scoláirí iar-bhunscoile in Éirinn i scrúduithe litearthachta idirnáisiúnta. In 2006, d'fheidhmigh scoláirí Éireannacha a bhí cúig bliana déag d'aois ag an leibhéal "os cionn an mheáin" i gClár Idirnáisiúnta an ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) ach in 2009 d'fheidhmigh na scoláirí Éireannacha ag an leibhéal "meán", sa 17^ú háit as 34 tír den ECFE.
- Léirigh na scrúduithe PISA in 2009 nach raibh na scileanna litearthachta ag 17 faoin gcéad de na scoláirí uile ag cúig bliana déag d'aois agus beagnach buachaill amháin sna déaga as ceathrar, chun feidhmiú go héifeachtach i sochaí an lae inniu.

Uimhearthacht

- Léiríodh le measúnachtaí matamaitice a ndearnadh arís agus arís eile ag an leibhéal bunscoile feidhmíocht lag i réimsí tábhachtacha sa churaclam matamaitice ar nós fadhbanna a réiteach agus bearta.
- Is cúis díomá é líon na scoláirí atá ag staidéar na matamaitice ag an ardleibhéal sna hiar-bhunscoileanna. Is thart ar 16 faoin gcéad é líon na scoláirí atá ag roghnú an pháipéir Ardleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta le roinnt blianta anuas, cé go raibh sé i gceist le dearadh shiollabas matamaitice na hArdteistiméireachta go mbeadh 30 faoin gcéad den líon i mbun an scrúdaithe Ardleibhéil.
- Is cúis díomá é feidhmíocht na scoláirí i scoileanna na hÉireann i measúnachtaí idirnáisiúnta na matamaitice agus tháinig meath air le blianta beaga anuas. Sna scrúduithe PISA is déanaí, bhí feidhmíocht na scoláirí ag cúig bliana déag d'aois ag an gcaighdeán "faoi mheán", sa 26^ú háit as 34 tír ECFE.
- Ní raibh dóthain scileanna matamaitice ag tuairim is aon chúigiú de na scoláirí Éireannacha sna scrúduithe PISA 2009 chun déileáil leis an saol laethúil agus bhí i bhfad níos lú scoláirí ardfheidhmíochta ag Éirinn i gcomparáid le tíortha eile.

Is tosaíochtaí náisiúnta a bhfuil práinn leo iad an litearthacht agus an uimhearthacht dár gcóras oideachais

Is tosaíocht náisiúnta a bhfuil práinn leis é feabhas a chur leis na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Rialtas. Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Spriocanna dúshlánacha a leagan amach le feabhsú a dhéanamh ina mbeidh iarracht náisiúnta agus chuimsitheach de dhíth atá ag díriú ar dhul chun cinn gach linbh agus ar fheabhas a chur leis na príomhscileanna litearthachta agus uimhearthachta i ngach tréimhse den chóras oideachais
- A shoiléiriú cad é a bhfuilimid ag súil go bhfoghlaimoidh leanaí i suíomhanna um Chúram agus Oideachas na Luathóige (COLÓ)
- Cultúr d'fheabhsú leanúnach a chruthú i suíomhanna agus scoileanna COLÓ agus sa chóras oideachais trí fheabhas a chur leis an measúnacht agus an tuairisciú ó bhonn ar an dul chun cinn ag an leibhéal scoláire, scoile agus náisiúnta agus tríd an bhféinmheastóireacht agus cigireacht scoile a dhíriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht.
- Feabhas a chur ar scileanna gairmiúla na ndaoine sin atá ag teagasc inár suíomhanna COLÓ agus scoileanna i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta, i ngníomhaíochtaí foghlama saibhre a phleanáil agus a chur ar fáil, i measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus i bhfaisnéis mheasúnaithe a úsáid chun léargas a thabhairt do na chéad chéimeanna eile do na foghlaimoirí
- Cumas ceannaireachta na scoile a neartú chun feabhas a chur ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht agus chun tacú le múinteoirí ina gcuid iarrachtaí chun feabhas a chur ar na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta
- Leanúint agus díriú ar na hacmhainní atá ar fáil chun feabhas a chur ar na soláthraithe atá deartha chun na deiseanna foghlama a fheabhsú chomh maith le gnóthachtáil na leanaí a thagann ó na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd le riachtanais foghlama bhreise
- Cabhrú le tuismitheoirí agus pobail chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta a leanaí

- Feasacht phoiblí a mhúscailt maidir leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an teaghlach, an pobal, an córas oideachais, na leabharlanna agus comhlachtaí poiblí le chéile agus foghlaim litearthachta agus uimhearthachta rathúil á cur chun cinn
- Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna dúshlánacha atá leagtha amach a bhaint amach agus ár ngníomhartha a athrú de réir mar is gá lena chinntiú go mbaintear amach na spriocanna litearthachta agus uimhearthachta.

Ní mór dúinn athruithe a dhéanamh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil

Táimid ag dul i mbun na straitéise litearthachta agus uimhearthachta seo in am nuair atá cúinsí an-deacair i ngeilleagar na tíre seo. Tá a fhios againn nach mbeidh acmhainní breise ar fáil dúinn agus sinn ag iarraidh athruithe móra a dhéanamh. Ach, tá sé ríthábhachtach dúinn gníomhú anois chun deimhin a dhéanamh de go dtugtar an deis go gach leanbh agus duine óg scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bhaint amach. Go deimhin, beidh sé riachtanach a chinntiú go mbaineann ár leanaí agus daoine óga scileanna litearthachta agus uimhearthachta den scoth amach chun an rathúnas eacnamaíochta na tíre seo a atógáil chomh maith le folláine ár sochaí a chinntiú.

*Beidh gá le scileanna
litearthachta agus
uimhearthachta de chaighdeán
domhanda chun ár rachmas
eacnamaíúil a atógáil agus chun
leas ár sochaí a dheimhniú.*

Ciallaíonn sé seo gur gá roghanna deacra a dhéanamh. Beidh orainn a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní atá ar fáil agus i gcásanna éagsúla an t-ord tosaíochta a athrú agus gan aon chaiteachas a bheith againn ar ghníomhaíochtaí inmhianaithe ach nach bhfuil chomh tábhachtach sin ionas gur féidir linn scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí agus daoine óga atá faoinár gcúram a fheabhsú.

*Chun an plean seo a chur i
gcrích beidh orainn roghanna
deacra a dhéanamh*

Tá iarracht náisiúnta mharthanach de dhíth orainn chun an straitéis seo a chur i gcrích

Sna caibidlí a leanann, tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos againn chun caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta i measc ár leanaí agus ár ndaoine óga a fheabhsú. Freisin leagaimid síos i dtéarmaí leathan na gníomhartha a chreidimid a mbeidh gá leo chun na feabhsuithe atá uainn a bhaint amach. Chun na spriocanna seo a bhaint amach beidh gá le hiarracht agus fócas mharthanach thar gach cuid den chóras oideachais i leibhéal na luathóige, na bunscoile agus na hiarbhunscoile; in oiliúint múinteoirí agus i bhforbairt ghairmiúil; i bhforbairt scileanna-oibre d'aoisigh ag obair in earnáil na luathóige; sa churaclam agus measúnú; agus i gcórais measúnaithe agus deimhniú cáilíochta. Freisin beidh gá le tiomantas ranna stáit eile

agus eagrais atá ag tacú le teaghlaigh agus pobail. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a bheidh i gceannas ar an iarracht náisiúnta seo agus oibreoidh sí go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le gníomhaireachtaí náisiúnta cuí sa tasc seo. Is iad na chéad céimeanna eile i gcur i bhfeidhm na straitéise ná pleananna forfheidhmithe mionsonraithe agus amlínte a fhorbairt do gach earnáil sa chóras oideachais agus do na heilimintí éagsúla sa straitéis.

Agus an straitéis á cur i bhfeidhm, beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag tarraingt ar shainchomhairle ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an litearthacht, uimheartacht, measúnú agus feabhsú scoile agus rachfar i gcomhairle go rialta leis na comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara cuí eile maidir le cur i bhfeidhm agus forbairt na straitéise trí chruinnithe, comhdhálacha agus bealaí eile.

2. CAD BA CHÓIR DO NA DAOINE ÓGA A BHAINT AMACH

Spriocanna náisiúnta feabhsaithe don litearthacht agus don uimhearthacht

Tá sé riachtanach a bheith soiléir faoina bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach má tá sé i ndán dúinn na fadhbanna atá romhainn sa litearthacht agus san uimhearthacht. Le linn tréimhse ó 2011 go 2020 tá sé mar aidhm againn:

Feabhas a chur ar na dearcthaí atá againn i dtreo na litearthachta agus na huimhearthachta

- Tuiscint níos fearr a chothú ar an rithábacht a bhaineann le tacú le forbairt chumas na leanaí le bheith ina ndaoine atá in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ó na blianta tosaigh agus an ról lárnach a bhíonn ag na tuismitheoirí, na teaghlaigh agus an pobal maidir leis seo
- Feasacht phoiblí a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an teanga ó bhéal agus i scríbhinn i ngach foirm (prionta, scríbhneoireacht agus na meáin dhigiteacha ina measc)
- An taitneamh a bhaintear as an léitheoireacht i measc leanaí agus daoine óga a chothú
- Tuiscint níos fearr agus dearcthaí níos dearfaí a chothú i dtreo na matamaitice i measc an phobail
- Dearnthaí níos fearr a chur chun cinn i dtreo na matamaitice i measc leanaí agus daoine óga

Feabhas a chur ar na torthaí ag an leibhéal luathóige

- Feabhas a chur ar chumas teanga labhartha agus cumarsáide daoine óga i suíomhanna um chúram agus oideachas na luathóige (COLÓ) agus a n-ullmhacht chun teanga agus smaointe matamaitice luatha a fhorbairt

Feabhas a chur ar na torthaí ag an leibhéal bunscoile

- A chinntiú go leagann gach bunscoil spriocanna amach agus go ndéantar monatóireacht ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna dúshlánacha ach réalaiócha a bhaint amach i dtaobh fheabhsúchán scileanna litearthachta agus uimhearthachta a scoláirí i bplean feabhsúcháin scoile

- Céatadán na leanaí bunscoile atá ag feidhmiú ag Leibhéal 3 nó níos airde (i.e. na leibhéil is airde) sa Mheasúnacht Náisiúnta Matamaitice agus Léitheoireachta sa Bhéarla a mhéadú faoi 5 phointe céatadán i rang a dó agus rang a sé faoi 2020
- Céatadán na leanaí atá ag feidhmiú ag leibhéal 1 nó faoi bhun (i.e. an leibhéal íosta) sa Mheasúnacht Náisiúnta Matamaitice agus Léitheoireachta sa Bhéarla a laghdú faoi 5 phointe céatadán i rang a dó agus rang a sé faoi 2020
- An tuiscint ar thábhacht na litearthachta digití a mhéadú agus measúnachtaí a chur san áireamh ar chumas na scoláirí bunscoile chun ábhar digiteach a léamh mar chuid de na measúnachtaí náisiúnta den léitheoireacht sa Bhéarla

Feabhas a chur ar na torthaí sa leibhéal iar-bhunscoile

- A chinntiú go leagann gach iar-bhunscoil spriocanna amach agus go ndéantar monatóireacht ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna dúshlánacha ach réalaíocha a bhaint amach i dtaobh fheabhsúchán scileanna litearthachta agus uimhearthachta a scoláirí i bplean feabhsúcháin scoile
- Leathnú a dhéanamh ar an Mheasúnacht Náisiúnta Matamaitice agus Léitheoireachta sa Bhéarla chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na scoláirí ag deireadh na dara bliana in iar-bhunoideachas; úsáid a bhaint as na sonraí ó na measúnachtaí seo chun na leibhéil gnóthachtála atá ann cheana féin a bhunú agus chun spriocanna réalaíocha a leagan amach le feabhas a dhéanamh, cosúil leo siúd atá leagtha amach sa bhunleibhéal
- An tuiscint ar thábhacht na litearthachta digití a mhéadú agus measúnachtaí a chur san áireamh ar chumas na scoláirí iar-bhunscoile chun ábhar digiteach a léamh mar chuid de na measúnachtaí náisiúnta den léitheoireacht sa Bhéarla
- Céatadán na scoláirí ag 15 bliana d'aois atá ag feidhmiú ag Leibhéal 4 nó os a chionn (i.e. ag na leibhéil is airde) nó os a gcionn i scrúduithe litearthachta léitheoireachta agus uimhearthachta PISA a mhéadú faoi 5 phointe céatadán faoi 2020
- Céatadán na scoláirí ag 15 bliana d'aois atá ag feidhmiú ag Leibhéal 1 (an leibhéal is ísle) nó faoi bhun a laghdú faoi dhó i scrúduithe litearthachta agus uimhearthachta PISA faoi 2020

- Céatadán na scoláirí a dhéanann an scrúdú Ardleibhéil matamaitice ag deireadh na sraithe sóisearaí a mhéadú (i.e. scrúdú an Teastais Shóisearaigh nó a chomhionann) go 60 faoin gcéad faoi 2020
- Céatadán na scoláirí a dhéanann an scrúdú Ardleibhéil matamaitice san Ardeistiméireacht a mhéadú go 30 faoin gcéad faoi 2020.

3. TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL Á gCUMASÚ CHUN TACÚ LE FORBAIRT LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA NA LEANAÍ

Tá a fhios againn go bhfuil ról lárnach ag tuismitheoirí i saol leanaí

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí sa litearthacht agus uimhearthacht

Tá tionchar suntasach agus dearfach ag tacaíocht tuismitheoirí atá rannpháirteach i bhfoghlaim a leanaí ar a mbaineann leanbh amach i gcúrsaí oideachais, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht. Bíonn gnóthachtáil níos fearr ag daoine óga nuair a bhíonn spéis ghníomhach ag a dtuismitheoirí ina gcuid oideachais, nuair a thugann siad tacaíocht agus spreagadh dóibh agus nuair a chruthaíonn siad ionchais arda ach cinn ar féidir a bhaint amach. Tá an tacaíocht a thugann tuismitheoirí do leanaí óga ní hamháin lárnach don fhorbairt a dhéanann siad, ach i gcúinsí áirithe d'fhéadfadh sé an tionchar diúltach atá ag stádas socheacnamaíoch íseal nó gnóthachtáil oideachais íseal na dtuismitheoirí a mhaolú. Léiríonn torthaí na Measúnachtaí Náisiúnta Matamaitice agus Léitheoireachta sa Bhéarla in 2009 go bhfuil nasc láidir idir timpeallacht an bhaile agus gnóthachtáil an scoláire. Mar shampla, bhí baint ag an ngnóthachtáil ard leis an méid leabhar agus acmhainní oideachais a bhí ar fáil sa bhaile, agus bhí baint ag gnóthachtáil íseal leis na cleachtais ar nós teilifís a bheith lonnaithe i seomra leapa linbh agus an iomarca ama a chaitheamh ar an idirlíon nó ag imirt cluichí físe.

Ceann amháin de na prionsabail ar a mbunaítear Straitéis Náisiúnta na Leanaí atá le foilsiú ná a aithint go gcruthaíonn an teaghlach an timpeallacht is fearr do leanaí. Ciallaíonn sé seo gur chóir idirghabhálacha seachtracha ar bith a bheith deartha chun tacú le teaghlaigh agus iad a chumasú laistigh de na pobail. Rinneadh *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* a dhréachtú chun comhtháthú iomlán a dhéanamh leis an gcur chuige seo i Straitéis Náisiúnta na Leanaí. Tacóidh na gníomhartha faoin dá straitéis go láidir le torthaí litearthachta agus uimhearthachta níos fearr a chur ar fáil do na leanaí

Tá ríthábhacht leis an tréimhse idir an mbreith agus trí bliana d'aois i bhforbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothúcháin, chognaíoch agus theangeolaíoch an linbh. Tá ríthábhacht le ról na dtuismitheoirí agus na dteaghlach sna blianta seo, go háirithe i bhforbairt teanga na leanaí agus sna scileanna litearthachta agus uimhearthachta atá ag teacht chun cinn. Tá ríthábhacht leis an bpáirtnéireacht idir na tuismitheoirí agus na teaghlaigh chun an fhorbairt seo a chothú agus chun dúshraith a chur síos le haghaidh tuilleadh foghlama i suíomhanna um chúram agus oideachas luathóige (COLÓ) agus i scoileanna.

Féadfaidh bailte agus scoileanna tacú lena chéile

Tá ról lárnach ag na scoileanna agus na suíomhanna COLÓ chun tuismitheoirí a chumasú agus iad a chur ar an eolas ina gcuid iarrachtaí chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht a leanaí. Chomh maith leis sin tá an t-uafás ag tuismitheoirí ar féidir leo a thairiscint do na suíomhanna COLÓ chun tacú leis an teagasc agus an fhoghlaim. Ní mór do na suíomhanna COLÓ fáilte a chur roimh tuismitheoirí agus ní mór do na tuismitheoirí a bheith in ann teacht orthu agus ba chóir dóibh soláthar a dhéanamh le gur féidir leis na tuismitheoirí a bheith rannpháirteach sa seomra ranga agus thairis sin i ngníomharthe a thacaíonn le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta níos fearr.

Ní mór do thuismitheoirí a bheith ar an eolas faoinn mbealach is fearr le cabhrú lena leanaí

Tá sé riachtanach a chinntiú go gcuirtear an teachtaireacht maidir le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in iúl do na tuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne le go mbeidh rath ar chúrsaí oideachais. Ní mór do na tuismitheoirí uile tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag an litearthacht agus an uimhearthacht le todhchaí a leanaí agus ar an tionchar atá acu ar fhorbairt oideachais a leanaí. Ní mór do thuismitheoirí, seantuismitheoirí agus an teaghlach sínte a bheith ar an eolas faoin mbealach inar féidir leo obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann agus na múinteoirí i suíomhanna COLÓ agus i scoileanna chun ionchur a bheith acu san fhoghlaim a dhéanann na leanaí i gcúrsaí litearthachta agus uimhearthachta. Tá tacú ar leith de dhíth ar thuismitheoirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Tugann na treoirlínte *Aistear* de chuid CNCM ar chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí moltaí sármhaith ar an gcaoi inar féidir é seo a dhéanamh.

Má neartaítear na pobail foghlama cabhróidh sé seo leis an bhfoghlaim a dhéanann na leanaí

Caithfidh cabhrú le teaghlaigh agus le pobail chun an fhoghlaim a dhéanann leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht a chothú

Tá ról lárnach ag na pobail ina maireann agus ina bhfásann na leanaí agus daoine óga chun an litearthacht agus uimhearthacht a chothú agus chun tacú leo. Áit a bhfuil naisc idir scoileanna agus a gcruthaíonn siad naisc láidre leis an bpobal níos leithne, tá deiseanna níos fearr ann chun an dea-chleachtas a roinnt agus líonraí tacúla a neartú. Má dhéanann an pobal i gcoitinne iarracht i gcomhar le gníomhaireachtaí eile tá an fhéidearthacht ann go mbeidh comhleanúnachas ann agus cur chuige comhtháite i dtreo na hiarrachta náisiúnta atá ann chun feabhas a chur ar an taithí foghlama agus na torthaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Tá scoileanna agus suíomhanna COLÓ i lár na bpobal foghlama, áit ar chóir tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim a dhéanann leanaí agus daoine óga trí theaghlaigh a chumasú agus cúnadh a thabhairt dóibh agus trí sholáthar a dhéanamh do thacaíochtaí cosúil le leabharlanna, seirbhísí sláinte, ionaid acmhainní do theaghlaigh agus seirbhísí litearthachta don aosach agus don teaghlach. Leagtar béim ar leith air seo trí líonraí cumarsáide maithe a bhunú ar fud na scoileanna agus na suíomhanna COLÓ.

Tá líon mór tionscadal pobail agus tionscnaimh litearthachta teaghlaigh ag obair chun tacú leis an bhfoghlaim

I líon mór pobal, rinneadh forbairt ar thionscadail agus tugadh faoi thionscnaimh chun dlúthnasc a dhéanamh idir na scoileanna agus na pobail agus ionas go mbeidh daoine sa phobal in ann tacú leis an bhfoghlaim a dhéanann leanaí agus a rannpháirtíocht ar scoil agus i gcúrsaí oideachais. Faigheann tionscadail agus tionscnaimh áirithe tacaíocht trí mhaoiniú deonach, carthanachta agus stáit a fháil, agus tá líon cur chuigí éagsúla curtha i bhfeidhm ag na tionscadail. Léirigh an mheastóireacht a rinne an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (FNES) le déanaí, “cé go bhfuil ardchaighdeán feabhais i soláthar pobail [don litearthacht], tá inathraitheacht i gceist freisin,” agus “tá ceannaireacht, ráthú caighdeáin agus tacaíocht níos fearr” de dhíth ar an earnáil seo.

Cuireadh réimse leathan de thionscnaimh litearthachta teaghlaigh ar bun. Déantar bainistíocht orthu seo trí ghníomhaireachtaí éagsúla cosúil leis an gCoiste Gairmoideachais agus eagraíochtaí pobail agus deonacha, ar nós Barnardos. Tá gníomhaíochtaí ann thar an réimse ar fad idir an luathóige agus an aosacht agus is foinse ábhar agus faisnéise shaibhir iad do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ar chur chuigí praiticiúla agus éifeachtacha chun tacú lena litearthacht agus uimhearthacht féin agus le litearthacht agus uimhearthacht a leanaí agus chun iad a fhorbairt.

Is acmhainn luachmhar iad na leabharlanna do theaghlaigh agus do phobail

Is acmhainn thábhachtach iad na Leabharlanna agus na leabharlannaithe agus tacaíocht á tabhairt do litearthacht leanaí. Trí réimse leathan leabhar agus ábhar eile a shainroghnú agus a chur ar fáil, tá leabharlanna in ann tacú le scoileanna litearthachta a fhorbairt agus cabhrú leis an ngrá atá ag leanaí don léitheoireacht a chothú. Féadfaidh scoileanna áirithe tairbhe a bhaint as áiseanna leabharlainne a bheith acu sa scoil ach beidh an nasc láidir idir na seirbhísí leabharlainne poiblí áitiúil agus an scoil mar chuid lárnach de phleananna litearthachta agus uimhearthachta na scoile. Le leabharlanna poiblí tá teaghlaigh in ann tacú le forbairt litearthachta a leanaí trí raon acmhainní agus faisnéise a chuireann siad ar fáil i suíomh neamhfhoirmiúil, oscailte agus saor in aisce. Cé gur acmhainn den scoth iad na leabharlanna do gach teaghlach, is cuidiú ar leith iad do theaghlaigh a bhfuil deacrachtaí acu an costas a chlúdach chun raon saibhir leabhar agus acmhainní oideachais a chur ar fáil sa teach.

Ní mór dúinn tacaíocht a dhíriú ar thionscnaimh teaghlaigh agus pobail a bhfuil sé cruthaithe go n-oibríonn siad

Cé go bhfuil raon leathan de thionscnaimh pobail agus teaghlaigh gníomhach agus ag cabhrú lena chéile chun tacú le rannpháirtíocht níos fearr le scoileanna agus torthaí foghlama níos fearr do dhaoine óga, d'fhéadfaí comhordú níos éifeachtúla a dhéanamh ar obair agus maoiniú na gcomhlachtaí éagsúla seo. I gceantair áirithe, tá obair den scoth ar bun, ach ní aithnítear é seo go héasca ná ní dhéantar a macasamhail i gceantair eile. I gcásanna eile, b'fhéidir go bhfuil dúbláil na hoibre ar bun i dtionscadail agus nach bhfuilimid in ann na torthaí is fearr a bhaint as na hacmhainní atá againn, agus tá faillí á déanamh do réimsí agus riachtanais eile. Ról lárnach a bheidh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ná faisnéis a bhailiú faoin raon leathan tionscnamh agus tionscadal a thugann tacaíocht do theaghlaigh ar bhealaí éagsúla, na cur chuigí a bhfuil na héifeachtaí is tairbhiúla acu ar shaol an teaghlaigh, na leanaí agus daoine óga, agus iarracht a dhéanamh na seirbhísí a chuirtear ar fáil a chomhordú agus a fheabhsú. Ní

mór dúinn a chinntiú go ndéanann na hidirghabhálacha a dtugaimid tús áite dó, difear réadach, inmheasta agus dearfach do shaol agus rath foghlama na leanaí agus na ndaoine óga.

Gníomhartha chun tuismitheoirí agus pobail a chumasú le tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta na leanaí

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Tacú le feachtas eolais náisiúnta chun cur leis an bhfeasacht atá ann maidir leis an ról lárnach atá ag tuismitheoirí agus pobail agus iad ag tacú leis an bhfoghlaim litearthachta agus uimhearthachta	<ul style="list-style-type: none"> Tacú le feachtas eolais poiblí náisiúnta agus béim a leagan ar an ról a bheadh ag na tuismitheoirí agus pobail uile chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht na leanaí trí úsáid a bhaint astu seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> na meáin áitiúla agus náisiúnta acmhainní ar líne/digiteacha atá ceangailte le suíomhanna Gréasáin atá ann cheana féin moladh ó dhaoine atá aitheanta don phobal comhordú a dhéanamh ar an bhfeachtas eolais le soláthar litearthachta d'Aosaigh ón gCoiste Gairmoideachais 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus soláthraithe litearthachta d'aosaigh	2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> Imscrúdú a dhéanamh ar chur chuigí a d'fhéadfadh a bheith ar fud an oileáin i dtreo feachas eolais poiblí faoi na céimeanna praiticiúla do thuismitheoirí chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht a leanaí. 	An Roinn Oideachais agus Scileanna <i>leis</i> An Roinn Oideachais (TÉ)	2012-13
Comhairle agus faisnéis a chur ar fáil do thuismitheoirí chun iad a chumasú le tacú le forbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta a leanaí	<ul style="list-style-type: none"> Eolas agus acmhainní ar líne a chur ar fáil do na tuismitheoirí uile maidir leis na gníomhaíochtaí ar féidir leo a úsáid chun tacú le forbairt teanga labhartha, litearthacht agus uimhearthacht a leanaí ón uair a shaolaítear iad 	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige <i>i gcomhar leis</i> an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Seirbhís na Leabharlann	2014
	<ul style="list-style-type: none"> Eolas saincheaptha i dtaobh tacaíocht a thabhairt do litearthacht agus uimhearthacht na leanaí a dhíriú ar thuismitheoirí le deacrachtaí litearthachta trí sholáthar litearthachta d'aosaigh agus do theaghlaigh ón gCoiste Gairmoideachais 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus soláthraithe litearthachta d'aosaigh	2016
A chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht na dtuismitheoirí san fhoghlaim a dhéanann na leanaí comhtháite i ngach <i>Plean Feabhsúcháin Scoile den scoil</i>	<ul style="list-style-type: none"> Scoileanna a chumasú (trí chomhairle agus treoir) chun caidreamh oibre éifeachtach a chothú leis na tuismitheoirí agus pobail chun tacú leis an bhfoghlaim; mar shampla, ba chóir do scoileanna na nithe seo a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> luach a bheith ar rannpháirtíocht tuismitheoirí san fhoghlaim a dhéanann a leanaí céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun fáilte a chur roimh na tuismitheoirí, cumarsáid a dhéanamh leo agus dul i ngleic leo m.sh., bealaí a 	An Roinn Oideachais agus Scileanna <i>and</i> Foirní scoile, boird bainistíochta agus cumainn na dtuismitheoirí	Ó 2012

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<p>aimsíú chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí le bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfoghlaim a leanaí</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun ionchais na dtuismitheoirí a ardú agus cabhrú leo níos mó spéise a bheith acu sna caighdeáin a bhaineann a leanaí amach nó ar gá dóibh a bhaint amach ○ deiseanna atá deartha go tuisceanach a chur ar fáil do thuismitheoirí chun forbairt a dhéanamh ar an muintín agus cumas atá iontu chun cabhrú lena leanaí sa bhaile maidir leis an litearthacht agus an uimhearthacht ○ tuismitheoirí a spreagadh chun deiseanna a thapú le páirt a ghlacadh i gcláir litearthachta do theaghlaigh atá eagraithe i leabharlanna áitiúla nó a chuireann Coistí Gairmoideachais nó grúpaí pobail ar fáil ○ spásanna a chur ar fáil, nuair is féidir, a d'fhéadfadh tuismitheoirí a úsáid chun cabhrú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta a leanaí ○ úsáid a bhaint as múinteoirí teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, má tá sin ar fáil, chun tacú leis an obair seo i scoileanna DEIS ○ tuismitheoirí a spreagadh chun a chinntiú go bhfreastalaíonn a leanbh ar scoil gach lá 		
	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil gníomhartha ar leith sa phlean feabhsúcháin/ litearthachta agus uimhearthachta scoile atá de dhíth ar gach scoil chun bealaí a chur in iúl do thuismitheoirí maidir le bealaí chun tacú leis an bhfoghlaim a dhéanann a leanaí agus conas tuarscálacha a thuiscint maidir le dul chun cinn a linbh ar scoil 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2015
	<ul style="list-style-type: none"> • Scoileanna a ghríosadh chun tuismitheoirí a dhéanamh páirteach sa seomra ranga chun tacú le gníomhaíochtaí cuí litearthachta agus uimhearthachta 	Foirní scoile, boird bainistíochta agus cumainn na dtuismitheoirí	2012

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Tionscnaimh éifeachtacha a aithint agus foghlaim uathu – tionscnaimh a chuireann tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail ar a gcumas chun tacú le folláine agus foghlaim na leanaí agus a neartaíonn na naisc idir an baile, suíomhanna COLÓ agus scoileanna.	<ul style="list-style-type: none"> Foghlaim ó na bealaí ina bhfuil ag éirí leis na cláir phiolótacha luath-idirghabhála a fhaigheann tacaíocht ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun baic a shárú san fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste Tógáil ar an obair mheastóireachta agus forbartha atá á dhéanamh ag an Ionad um Sheirbhísí Éifeachtacha thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, obair a dhéanamh trí Choistí na Seirbhísí do Leanaí chun torthaí litearthachta agus uimhearthachta níos fearr a dhaingniú trí chomhtháthú sheirbhísí agus idirghabhálacha a chomhtháthú go héifeachtúil ag an leibhéal áitiúil Scoileanna agus suíomhanna COLÓ a mhealladh le bheith rannpháirteach i dtionscnaimh do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne a chothaíonn agus a thugann tacaíocht chun scoileanna litearthachta agus uimhearthachta a fháil (m.sh., léitheoireacht roinnte, Mata le haghaidh Spraoi, seirbhísí leabharlainne, etc.) 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ar siúl
Iarracht a dhéanamh chun díriú agus comhordú a dhéanamh ar an tacaíocht do thionscnaimh a chumasaíonn tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun tacú le folláine agus foghlaim na leanaí agus a neartaíonn na naisc idir an baile, suíomhanna COLÓ agus scoileanna, a aithint agus foghlaim uathu	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh litearthachta do theaghlaigh i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch (ar nós na bpobal sin a bhfuil scoileanna DEIS ag freastal orthu); agus tacaíocht a leithdháileadh, tabharfar tús áite do na tionscadail (sna blianta tosaigh agus ag an leibhéal scoile) a rinneadh a mheas agus a bhí éifeachtach trí na meastóireachtaí 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ar siúl
	<ul style="list-style-type: none"> Thar am, iarracht a dhéanamh comhordú a dhéanamh ar an gcaiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí stáit chun tús áite a thabhairt do na tionscnaimh a chumasaíonn tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun tacú le folláine agus foghlaim na leanaí agus a neartaíonn na naisc idir an baile, suíomhanna COLÓ agus scoileanna 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2016 agus ina dhiaidh
	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go n-aistrítear an t-eolas cuí ar an bhfoghlaim agus forbairt a dhéanann an leanbh ón mbaile go dtí an réamhscoil, an bhunscoil agus an iar-bhunscoile chun na trasdulta scoile a chur chun cinn 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012-2014

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Mionsamhlacha den dea-chleachtas a chumasaíonn tuismitheoirí, teaghlaigh, pobail, suíomhanna COLÓ agus scoileanna chun obair a dhéanamh le chéile chun tacú leis an ngnóthú litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Dul i ngleic le raon leathan de ghníomhaireachtaí tacaíochta don teaghlach agus don leanbh chun eolas a scaipeadh ar na tuismitheoirí agus teaghlaigh maidir le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chur chun cinn 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	
	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt a dhéanamh, i gcomhar le seirbhís na leabharlann poiblí, mionsamhlacha rannpháirtíochta idir scoileanna, suíomhanna COLÓ agus leabharlanna, le réimsí ar nós ábhair a roghnú agus a sholáthar, scéimeanna ballraíochta leabharlainne agus cuairteanna pleanáilte ar leabharlanna a chur san áireamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	
	<ul style="list-style-type: none"> Líonraí atá ann cheana féin a úsáid chun comhroinnt an dea-chleachtais ar an litearthacht agus uimhearthacht a spreagadh idir grúpaí scoileanna agus suíomhanna COLÓ i gceantair áitiúla 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	

4. FEABHAS Á CHUR AR OBAIR PHROIFISIÚNTA NA MÚINTEOIRÍ AGUS CLEACHTÓIRÍ COLÓ

An acmhainn is cumhachtaí atá againn ná na múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ

Tá rath orainn go fóill in Éirinn go bhfuilimid in ann roinnt de na daoine is cumasaí agus is éirimiúla a mhealladh isteach i ngairm na múinteoireachta. Tá ról lárnach ag na múinteoirí agus oideachas ar ardchaighdeán á chur ar fáil. Ní féidir linn meas a thabhairt faoina luach atá ag an ionchur tábhachtach a dhéanann múinteoirí i dtreo cabhair a thabhairt do dhaoine óga chun fáil ar an eolas, na scileanna agus luachanna atá de dhíth orthu le bheith rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach sa saol, sa tsochaí agus san ionad oibre. Ní mór lucht oibre múinteoirí ar ardchaighdeán a shaothrú agus a chothú laistigh de chreat oibre de cheannaireacht scoile láidir. Tá sé seo riachtanach ar mhaithe le gnóthachtálacha feabhsaithe foghlama mac léinn sa litearthacht agus san uimhearthacht a chinntiú.

Cé nach bhfuil sé riachtanach don lucht oibre COLÓ na riachanais cáilíochtaí a chomhlíonadh cosúil leo siúd atá de dhíth ar mhúinteoirí i scoileanna, tá feidhm an aosaigh atá ag obair i suíomhanna COLÓ chomh tábhachtach chéanna chun taithí agus torthaí dearfacha d'fholláine agus forbairt foghlama na leanaí a chinntiú. Ó cuireadh an bhliain réamhscoile saor in aisce do gach duine ar bun in 2010, tá íoscháilíochtaí de dhíth ar Cheannairí Réamhscoile i suíomhanna COLÓ agus tá spreagadh á dhéanamh le go mbainfidís cáilíochtaí ardleibhéal amach trí íocaíocht caipitíochta níos airde áit ina bhfuil suíomhanna faoi chinnireacht ag céimithe le céim baitsiléara sa disciplín chuí. Tá sé riachtanach go mbeidh an lucht oibre COLÓ níos oilte agus cáilithe i gcónaí má tá na spriocanna dúshlánacha a bhaineann leis an tacaíocht a thugtar de luathfhorbairt litearthachta agus uimhearthachta le baint amach.

Ní mór dúinn feabhas a chur ar obair na gceannairí COLÓ agus na múinteoirí i seomraí ranga na naíonán

Tá a fhios againn gur dócha go n-éireoidh níos fearr le leanaí ag trí agus ceithre bliana d'aois a fhreastalaíonn ar réamhscoil ar ardchaighdeán, go hacadúil agus go sóisialta, sa bhunscoil agus thairis sin. Tá tionchar mór ag an gcaighdeán atá ag an oideachas COLÓ ar leanaí atá i mbaol go dteipfidh orthu ar scoil. Ní haon ionadh é go bhfuil na cláir COLÓ ina bhfuil cleachtóirí atá oilte níos fearr níos éifeachtaí. Tá caighdeán na n-idirghabhálacha idir an duine fásta agus an leanbh lárnach don taithí foghlama.

Is gnóthachtáil ollmhór í tabhairt isteach an Chláir um Bhliain Réamhscoile Saor in Aisce don Chúram agus Oideachas Luathóige, arna riaradh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus tá an fhéidearthacht ann go ndéanfaidh sé difear mór don fhoghlaim a dhéanann ár leanaí. Tá beagnach gach suíomh COLÓ sa Stát ag glacadh páirt sa chlár agus tá 95 faoin gcéad de leanaí ag baint leasa as an mbliain réamhscoile. Mar sin féin, tá dúshlán shuntasacha romhainn, chun breisoiliúint a chur ar an bhfoireann atá ag obair lenár leanaí óga san earnáil COLÓ. Ba chóir go gcuideodh forfheidhmiú an Phlean um Fhorbairt an Lucht Oibre don Earnáil COLÓ ó 2011 ar aghaidh leis an iarracht chomhbheartaithe chun tuilleadh feabhais a chur ar oiliúint agus cáilíochtaí na gcleachtóirí COLÓ. Beidh soláthar leanúnach na foghlama solúbtha a chomhlíonann riachtanais an lucht oibre mar dhúshlán do na soláthraithe oideachais agus oiliúna a fhaigheann maoiniú ón stát agus na cinn príobháideacha araon.

Tá infhaighteacht agus rochtain ar COLÓ feabhsaithe againn – anois is gá dúinn breisoiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ceannairí atá freagrach as an soláthar seo

Tá dhá chreat oibre ann anois a thugann tacaíocht do Chúram agus Oideachas na Luathóige: *Síolta*, an creat oibre cáilíochta, agus *Aistear*, an creat oibre curaclaim. Rinneadh forbairt ar na creataí oibre seo bunaithe ar an mbeartas agus cleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr agus bhí comhairliúchán fairsing ar bun leis na cleachtóirí COLÓ agus na múinteoirí naíonán. Mar thoradh ar na creataí oibre nua seo a tugadh isteach le cúpla bliain anuas, in éineacht leis na cáilíochtaí níos airde atá á n-éileamh laistigh den soláthar a fhaigheann tacaíocht ón Stát, tá deiseanna nua ann chun díriú ar thacaíocht a thabhairt don luathlitearthacht agus luath-uimhearthacht i raon iomlán na suíomhanna COLÓ.

Tar éis a mbliana réamhscoile, leanfaidh an chuid is mó de leanaí idir ceithre agus sé bliana d'aois a gcúram agus oideachas luathóige sna ranganna naíonán i mbunscoileanna. Cuideoidh na prionsabail atá mar bhunús an chreata oibre churaclaim, *Aistear* agus an chreata oibre cháilíochta *Síolta* leis an gcuraclam a mhúnlú do na ranganna seo, mar a phléifear i gCaibidil 6. De réir mar a dhéantar leasuithe ar an gcuraclam do na ranganna naíonán chun an bhéim a léiriú atá in *Aistear* maidir le folláine an linbh, an cumas atá ann/inti cumarsáid, iniúchadh agus smaoineamh a dhéanamh, leis na hathruithe seo eascróidh na riachtanais forbartha gairmiúla i measc na múinteoirí atá ag obair leis an aoisghrúpa seo.

Gníomhartha chun feabhas a chur ar scileanna na gcleachtóirí COLÓ lasmuigh de na suíomhanna scoile

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Spregadh agus tacaíocht a thabhairt don bhreisoiiliúint ar chleachtóirí cúram agus oideachas na luathóige (COLÓ)	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go bhfuil aonaid ar inneachar agus eolas oideolaíoch sa litearthacht (lena n-áirítear an teanga labhartha agus béim ar bhreisfhoghlaim na teanga) agus uimhearthacht sna cúrsaí oiliúna agus oideachais a chríochnaíonn na daoine a thosaíonn ag obair i suíomhanna COLÓ trí obair a dhéanamh leis na comhlachtaí creidiúnaithe cuí 	An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus comhlachtaí creidiúnaithe (m.sh., FETAC, HETAC agus na hollscoileanna) i gcomhar le soláthraithe na gclár oideachais do chleachtóirí COLÓ	2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint le dreasachtaí a chur ar fáil i bhforbairt ghairmiúil leanúnach na gcleachtóirí COLÓ i suíomhanna COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát trí na rátaí caipitíochta níos airde do sheirbhísí réamhscoile a nascadh le rátaí cáilíochtaí níos airde 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Lean leis an dreasú atá ann cheana féin agus déan é a choigeartú go hincriminteach
	<ul style="list-style-type: none"> Obair a dhéanamh leis na heagraíochtaí cuí lena chinntiú go bhfuil dóthain soláthair oiliúna chun go mbeidh cáilíochtaí foirmiúla sa luathfhorbairt litearthachta agus uimhearthachta mar riachtanas do na ceannairí COLÓ uile i suíomhanna COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát 	An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhair le soláthróirí na gclár oideachais do cheannairí réamhscoile COLÓ.	2015
	<ul style="list-style-type: none"> Na riachtanais íoscháilíochtaí do chleachtóirí COLÓ a bhfuil baint acu le soláthar na gclár COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát, a ardú 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Incriminteach thar tréimhse na Straitéise

Beidh tacaíocht níos fearr ann d'fhoghlaim níos fearr le teagasc níos fearr

Tá líon tosca ann atá mar ionchur ríthábhachtach do bharr feabhais na gairme múinteoireachta. Ina measc tá na nithe seo a leanas:

- na scoláirí is fearr a earcú chun na cúrsaí um oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) a dhéanamh
- a chinntiú leis na cúrsaí um oideachas tosaigh múinteoirí go bhforbraítear eolas, tuiscint agus cumas na múinteoirí chun teoiric agus taighde oideachasúil a chur i bhfeidhm go héifeachtúil, go háirithe sna réimsí litearthachta agus uimhearthachta
- tiomanta gairmiúil a fhorbairt i measc múinteoirí le hathmhachnamh, feabhas agus breisoiliúint a dhéanamh le linn a ngairmeacha.
- measúnú a dhéanamh ar eolas, scileanna agus iompair na múinteoirí go múnlaiteach agus go suimitheach le linn agus ag deireadh na tréimhse ITE agus sa chleachtas gairmiúil
- córais ionductúcháin láidre a chur ar fáil chun tacú leis an tuilleadh forbartha a dhéanann múinteoirí nuacháilithe nuair a chuireann siad tús lena ngairm mhúinteoireachta
- deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhúinteoirí d'fhonn iad a chumasú chun an tuiscint oideolaíoch agus na scileanna a ghabhann leis a choinneáil agus a fheabhsú, agus ina n-éilítear ar mhúinteoirí cúrsaí forbartha gairmiúla a dhéanamh ar feadh a ngairmeacha múinteoireachta
- comhleanúnachas agus naisc níos fearr a chinntiú idir gach céim de leanúntas oideachais mhúinteoirí.

Ní mór dúinn feabhas a chur ar oideachas agus foghlaim trí chleachtas gairmiúil múinteoirí a fheabhsú

Má thagann feabhas ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí féadfaidh seo feabhas a chur ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta

Déanfar difear mór do chaighdeán foghlama na scoláirí má dhéantar na scoláirí is cumasaí a earcú le bheith ina múinteoirí agus forbairt ghairmiúil thosaigh agus leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhúinteoirí ar feadh a ngairmeacha. Dá bhrí sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhforbraíonn agus go gcoinníonn múinteoirí an cumas chun an litearthacht agus an uimhearthacht a theagasc go héifeachtach. Tríd an taithí idirnáisiúnta, feictear dúinn, cé nach mór do mhúinteoirí a bheith ar an eolas faoi athruithe saintréitheacha i dteagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta, tá gnéithe ar leith atá ríthábhachtach.

Ní mór dúinn múinteoirí a ullmhú chun forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta na scoláirí

Tá a fhios againn go gcuireann beartais agus idirghabhálacha litearthachta a n-éiríonn leo i dtíortha eile béim ar leith ar na nithe seo a leanas:

- a chinntiú go dtuigeann múinteoirí an próiseas ina sealbhaítear an luathléitheoireacht agus an chaoi a ndéantar na scileanna léitheoireachta a fhorbairt agus a chomhdhlúthú dá réir agus an chéad agus dara teanga á sealbhú
- teagasc ar leith de struchtúr agus feidhm na teanga i scríbhinn agus ó bhéal
- na bunchlocha tógála léitheoireachta á dteagasc: feacht ar fhocail agus ar chodanna focail (feacht fhóneolaíoch agus fhónéimeach), litreacha-siombailí a aithint, fónaic (rialacha litreacha-fuaimeanna), focail a aithint, líofacht, stór focal agus tuiscint (an cumas chun ciall a bhaint as téacs)
- forbairt ar leith de scileanna ardoird agus straitéisí don léamhthuiscint (m.sh. aisghabháil, ceisteanna a chur, tátal á bhaint, sintéisiú, meastóireacht a dhéanamh go criticiúil)
- forbairt ar scileanna ísealoird (lámhscríbhneoireacht, litriú, poncaíocht) agus scileanna ardoird agus straitéisí (ábhair á roghnú, smaointe á nginiúint agus á gcur le chéile, athmheas á dhéanamh, eagarthóireacht á déanamh) chun tacú leis an bhforbairt scríbhneoireachta
- spreagadh a thabhairt do dhaoine óga chun léamh a dhéanamh le taitneamh a bhaint as, agus chun scríobh agus cumarsáid a dhéanamh i raon comhthéacsanna údaracha chun na críocha agus le lucht féachana éagsúla
- taitneamh agus cumas na múinteoirí sa litearthacht a fhorbairt.

Ní mór dúinn múinteoirí a ullmhú chun forbairt a dhéanamh ar scileanna uimhearthachta na scoláirí

Leis an bhforbairt ghairmiúil thosaigh agus leanúnach a dhéanann múinteoirí ní mór dóibh a bheith in ann cabhrú le daoine óga chun tuiscint choincheapúil níos doimhne sa mhatamaitic a fhorbairt agus an cumas le coincheapa matamaitice a chur i bhfeidhm ina saol féin. Ciallaíonn sé go mbeidh gá le múinteoirí a ullmhú:

- forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá acu féin ar an gcaoi ina bhféadfái coincheapa matamaitice a úsáid go laethúil; an cumas atá iontu chun eolas atá curtha ar fáil i dtéarmaí matamaitice a thuiscint agus a chur in iúl; an cumas atá iontu iniúchadh a dhéanamh, a bheith hipitéiseach agus dul chun réasúin go loighiciúil; an cumas atá iontu modhanna éagsúla a úsáid chun fadhbanna a réiteach
- a chinntiú go bhforbraítear scileanna na ndaoine óga agus iad ag tabhairt faoi nósanna imeachta go solúbtha agus go cruinn
- an teanga, smaoinreamh agus ciall a insileadh i dteagasc na matamaitice
- tascanna dúshlánacha ceannoscailte a úsáid ina spreagtar daoine óga le dul i ngleic le fadhbanna a réiteach ar bhealach lánbhír
- daoine óga a chumasú chun tuiscint agus taitneamh a bhaint as an matamaitic.

Ní mór dúinn múinteoirí a ullmhú chun taithí teagaisc agus foghlama éifeachtach a chur ar fáil

Tá deiseanna forbartha gairmiúla tosaigh agus leanúnaí de dhíth ar mhúinteoirí freisin le bheith in ann iad seo a leanas a dhéanamh:

- le bheith ar an eolas faoi na straitéisí, cur chuigí, modheolaíochtaí agus idirghabhálacha éagsúla ar féidir a úsáid chun an litearthacht agus uimhearthacht a theagasc mar réimsí discrídeacha agus ar fud an churaclaim
- meascán de chur chuigí teagaisc éifeachtacha a úsáid lena n-áirítear treoir dhíreach idirdhealaitheach scilbhunaithe agus úsáid obair ghrúpa chomhoibríoch
- a gcleachtas ina seomra ranga a ailíniú leis na curaclaim seachas leis na téacsleabhair nó leis na scéimeanna léitheoireachta amháin
- na baic atá roimh dhaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste chun an uimhearthacht agus litearthacht a ghnóthú a bhriseadh síos
- tacú le foghlaim na scoláirí le riachtanais tacaíochta bhreise, lena n-áirítear scoláirí nach bhfuil an Béarla ná an Ghaeilge mar an chéad teanga agus scoláirí a bhfuil deacrachtaí acu
- úsáid a bhaint as leanúntas de chur chuigí measúnaithe a bhfuil breithniú maith déanta orthu chun na chéad chéimeanna eile a shocrú don fhoghlaim agus cur chuigí i dtreo an teagaisc á bpleanáil
- aiseolas a thabhairt do dhaoine óga ar an dul chun cinn atá déanta acu agus moltaí soiléire a thabhairt dóibh maidir leis na chéad chéimeanna eile ar chóir dóibh a ghlacadh chun cur leis an bhfoghlaim a dhéanann siad
- caidreamh a bhunú le tuismitheoirí a scoláirí sa chaoi is go spreagfar tuismitheoirí chun tacú le foghlaim a leanáil.

Is féidir linn forbairt ghairmiúil thosaigh agus leanúnach níos fearr a chur ar fáil do mhúinteoirí

Cé go bhfuil rath orainn sna hardleibhéil cumais atá ag na scoláirí a dhéanann cúrsaí oideachais múinteoirí in Éirinn, tá a fhios againn gur féidir feabhas a chur ar fhorbairt a scileanna i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta. Mar shampla, tá a fhios againn go bhfuil éagsúlachtaí móra ann idir na soláthraithe um oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) maidir le forbairt scileanna na múinteoirí óga agus an litearthacht agus uimhearthacht á dteagasc go háirithe maidir leis an am a ghlactar ar an ngné seo d'fhorbairt na múinteoirí. Mar shampla, is féidir cáilíocht B Ed (don mhúinteoireach bunscoile) a ghnóthachtáil i gcoláistí áirithe gan na dianmhodúil i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a chur i gcrích. Is ábhar inní é freisin an cumas íseal sa mhatamaitic atá i

Ní mór dúinn feabhas a chur ar cháilíocht agus ábharthacht oideachas tosaigh múinteoirí

measc líon áirithe na scoláirí a thugann faoi chúrsaí bunchéime um oideachas tosaigh múinteoirí ag an leibhéal bunscoile agus na gnáthlaigí eile atá ag scoláirí leis an tuiscint choincheapúil atá acu ar an matamaitic.

Is forbairt an-dearfach í cúrsaí ar leith in oideachas na matamaitice a bhunú do mhúinteoirí iar-bhunscoile ag an leibhéal ollscoile. Ach, tugann an chuid is mó de na múinteoirí iar-bhunscoile cúrsa iarchéime atá bunaithe san ollscoil a ghlacann naoi mí mar chuid dá gcáilíocht tosaigh mar mhúinteoir. Níl dóthain ama sa chúrsa seo chun tromlach na múinteoirí iar-bhunscoile a ullmhú le forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá de dhíth chun na scileanna litearthachta agus uimhearthachta a theagasc dá scoláirí ná le dul chun cinn a dhéanamh orthu ná chun tacú le comhtháthú theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta ar fud an churaclaim.

Tá feabhsuithe de dhíth freisin chun na cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthar agus a roghnú do mhúinteoirí ó thaobh na litearthachta agus na huimhearthachta. Mar shampla, i suirbhé ar mhúinteoirí a rinneadh mar chuid den Mheasúnacht Náisiúnta ar mhatamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla in 2009 aimsíodh go raibh suas le haon trian de na scoláirí á múineadh ag múinteoirí bunscoile nár ghlac páirt in aon chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach don Bhéarla ná don Mhatamaitic sna trí bliana roimh an staidéar. Sa chomhthéacs seo, ní mór a léiriú nach raibh ach fíorbheagán cúrsaí samhraidh, eagraithe go sonrach do mhúinteoirí bunscoile, a dhírigh ar theagasc na litearthachta agus/nó na huimhearthachta. Leis an bhfianaise seo tugtar le tuiscint go bhfuil scóip shuntasach ann chun caighdeán níos airde a leagan síos agus an soláthar don oideachas litearthachta agus uimhearthachta a sholáthar nuair a thosaíonn siad agus le linn an oideachais mhúinteoirí tosaigh agus le linn ionductúcháin na múinteoirí agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Ról Iárnach na Comhairle Múinteoireachta

Cuireann polasaí na Comhairle Múinteoireachta bonn láidir ar fáil le haghaidh na bhforbairtí atá de dhíth chun scileanna na múinteoirí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a bhunú agus tógáil orthu

Comhlacht gairmiúil don mhúinteoireacht in Éirinn is ea an Chomhairle Múinteoireachta, a cuireadh ar bun chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, chun forbairt ghairmiúil na múinteoirí a chur chun cinn agus chun rialú a dhéanamh ar cháilíochtaí sa ghairm. Is suntasach an ról atá ag an gComhairle Múinteoireachta i nglacadh le agus i bhfeabhsú cáilíocht an teagaisc. Feidhmíonn an Chomhairle laistigh de chreat beartais níos leithne leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Le déanaí, chríochnaigh an Chomhairle a cuid oibre ar pholasaí a fhorbairt ar an gcontanam um oideachas múinteoirí. Tá an obair luachmhar seo bunaithe ar thaighde agus comhchomhairle, an dea-chleachtas i dtíortha eile agus taithí na Comhairle go dtí seo ag eascairt as a hathbhreithniú agus creidiúnú ar chúrsaí um oideachas múinteoirí in Éirinn. Leagann polasaí na Comhairle amach an creat oibre ina ndéanfar gnéithe uile den chontanam um oideachas múinteoirí – oideachas tosaigh múinteoirí, ionductú agus forbairt ghairmiúil leanúnach – a chomhtháthú, a fhorbairt agus a fheabhsú sna blianta amach romainn. Cuireann an creat seo an bunús ar fáil chun

torthaí foghlama a aithint maraon le critéirí agus treoirlínte mionsonraithe agus tátail atá oiriúnach don oideachas múinteoirí ag gach céim de ghairm na múinteoireachta. Tá teagmháil leanúnach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an gComhairle i ndáil leis an tasc tábhachtach seo agus tá an straitéis seo á threorú ag na díospóireachtaí seo. Tá fáilte mhór roimh pholasaí na Comhairle agus cuireann sé bonn láidir ar fáil le haghaidh na bhforbairtí atá de dhíth chun scileanna na múinteoirí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a bhunú agus tógáil orthu.

Leis an tréimhse forbartha agus athraithe in oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil atá ann amach anseo tá deis den scoth ann lena chinntiú go soláthraímid múinteoirí leis na scileanna agus leis an eolas atá de dhíth chun na bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a theagasc ar na bealaí is fearr atá indéanta. Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag comhoibriú go dlúth leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun tacú le forfheidhmiú pholasaí na Comhairle.

Gníomhartha chun feabhas a chur ar fhorbairt agus feabhsú scileanna na múinteoirí i dteagasc agus foghlaim na litearthachta agus uimhearthachta agus an measúnú a dhéantar orthu

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Comhoibriú a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun caighdeán nua agus níos airde a leagan síos sna riachtanais iontrála don oideachas tosaigh múinteoirí (ITE)	<ul style="list-style-type: none"> Athruithe sna riachtanais iontrála don ITE a aithint a thabharfaidh taca le béim athnuaite a leagan ar an litearthacht agus uimhearthacht, lena n-áirítear i gcás an teagaisc bhunscoile an t-ardú a d'fhéadfadh a bheith sna gráid is ísle atá de dhíth sa mhatamaitic, Béarla agus Gaeilge 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhar leis na soláthraithe ITE	Do na mic léinn ag dul isteach i gcoláistí sa bhliain acadúil 2014-15
Comhoibriú a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun inneachar agus fad na gcúrsaí um oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) do mhúinteoirí bunscoile a athchumrú le forbairt scileanna na múinteoirí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a chinntiú	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go ndéantar agus go bhforbraítear cúrsaí ITE chun cleachtóirí meabhracha a chur ar fáil atá in ann foghlaim bunaithe ar fhiosruithe agus baint leanúnach a bheith acu i gcúrsaí taighde agus cleachtas atá ag teacht chun cinn sna réimse sealbhaithe litearthachta agus uimhearthachta Cuir le fad an chlár BEd don teagasc bunscoile le bheith mar chlár ceithre bliana, agus comhiomlán de bhliain amháin ar a laghad ina bhfuil taithí forbartha gairmiúla scoilbhunaithe In áit an staidéir ar dhaonnachtaí (ar a dtugtar “cúrsaí toghthacha acadúla” freisin) ar an gclár BEd, réimse de chúrsaí roghnacha a chur isteach a bhfuil baint níos mó acu leis an oideachas agus srionaigh codán ama an chlár a chaitear leis na cúrsaí seo chuig níos lú ná 20% d'am iomlán an chlár d'fhonn níos mó ama a bheith ann d'fhorbairt eolais ghairmiúil agus scileanna oideolaíocha na múinteoirí Cuir le fad ama an Diplóma Iarchéime san Oideachas (PGDE) don bhunmhúinteoireacht do dhá bhliain ar a laghad. A chinntiú go bhfuil dóthain ama curtha ar fáil sna clár ITE do mhúinteoirí bunscoile do chúrsaí agus taithí foghlama a dhéanfaidh forbairt agus measúnú ar thuiscint agus cumas na n-ábhar múinteoirí chun an t-eolas, na straitéisí agus na modheolaíochtaí atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> sealbhú teanga na leanaí teagasc agus foghlaim na litearthachta agus uimhearthachta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an tÚdarás um Ard-Oideachas i gcomhar leis na soláthraithe ITE	2013-14

Cuspóir	Mionsonra	Freagrach as an ngníomh seo	Dáta treorach
	<ul style="list-style-type: none"> ○ úsáid na measúnachta chun na críocha múnlaítheacha, diagnóiseacha agus suimitheacha, go háirithe sa litearthachta agus san uimhearthacht ○ teagasc na leanaí le riachtanais foghlama speisialta agus bhreise (m.sh. SEN, EAL, etc.) ○ forbairt na foghlama sa dara teanga ○ ag teagasc i suíomhanna trí Ghaeilge agus tumoideachais ○ litearthacht dhigiteach agus an chaoi inar féidir TFC a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht agus í a neartú ○ páirtnéireachtaí a chothú leis na tuismitheoirí chun tacú leis an bhfoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht • An t-am a chaitear ar an gcleachtas teagaisc scoilbhunaithe thar raon comhthéacsanna seomra ranga a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil na deiseanna forbartha sa litearthacht agus san uimhearthacht mar thosaíocht • A chinntiú go n-éilítear ar na múinteoirí scileanna sásúla i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a léiriú le linn ghné an chleachtais teagaisc dá gcúrsa ITE 		
<p>Comhoibriú a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun inneachar agus fad na gcúrsaí um oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) do mhúinteoirí iar-bhunscoile a athchumrú le forbairt scileanna na múinteoirí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a chinntiú</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Fad an chláir Diplóma Iarchéime i gCúrsaí Oideachais (PGDE) a mhéadú (don mhionsamhail leantach d'oideachas múinteoirí) go dhá bhliain ar a laghad • An múnla chomhthráthach ceithre bliana don oideachas tosaigh múinteoirí do mhúinteoirí iar-bhunscoile a leathnú amach go raon ábhar acadúla níos leithne (mar shampla, trí scoláirí a chur ar a gcumas staidéar a dhéanamh ar ábhar acadúil amháin/ dhá ábhar acadúla i gcomhar le hábhair oideachais agus leis an oideolaíocht mar chodanna) • A chinntiú go bhfuil dóthain ama curtha ar fáil sna cláir ITE do mhúinteoirí iar-bhunscoile chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint agus cumas na n-ábhar múinteoirí chun an t-eolas atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ sealbhú teanga na leanaí 	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an tÚdarás um Ard-Oideachas i gcomhar leis na soláthraithe ITE</p>	<p>2014-15</p>

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> ○ teagasc agus foghlaim na litearthachta agus uimhearthachta ○ úsáid na measúnachta chun na críocha múnlaiteacha, diagnóiseacha agus suimitheacha, go háirithe sa litearthachta agus san uimhearthacht ○ teagasc na leanaí le riachtanais foghlama speisialta agus bhreise (m.sh. SEN, EAL, etc.) ○ litearthacht dhigiteach agus an chaoi inar féidir TFC a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht agus í a neartú ○ páirtnéireachtaí a chothú leis na tuismitheoirí chun tacú leis an bhfoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht <p>mar atá oiriúnach dá speisialachais ábhair.</p> <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go dtugann gach múinteoir, is cuma faoin speisialachais ábhar atá acu, na haonaid éigeantacha chun críche i bhforbairt na litearthachta tríd an gcuraclam. An t-am a chaitear ar an gcleachtas teagaisc scoilbhunaithe thar raon comhthéacsanna seomra ranga a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil na deiseanna forbartha sa litearthacht agus san uimhearthacht mar thosaíocht • A chinntiú go n-éilítear ar na múinteoirí scileanna sásúla i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a léiriú mar atá iomchuí ina speisialachais le linn ghné an chleachtais teagaisc dá gcúrsa ITE 		
<p>Cúrsa iarchéime creidiúnaithe a chur ar fáil chun múinteoirí a ullmhú le teagasc i suíomhanna trí Ghaeilge</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tacú le cúrsa iarchéime creidiúnaithe a chur ar fáil chun múinteoirí a ullmhú le teagasc a dhéanamh i suíomhanna trí Ghaeilge ag an leibhéal bunscoile agus/nó iarbunscoile i gceann amháin de na soláthraithe ITE ar a laghad 	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus na soláthraithe ITE</p>	<p>2018</p>

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe i gcoitinne, agus go háirithe i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta	<ul style="list-style-type: none"> Dian-aonaid sa chlár ionductúcháin do mhúinteoirí náisiúnta um theagasc na litearthachta (Béarla agus Gaeilge) agus na huimhearthachta um úsáid na measúnachta i raon comhthéacsanna scoile An rannpháirtíocht sa chlár ionductúcháin do mhúinteoirí náisiúnta a dhéanamh éigeantach faoi 2012 	An Roinn Oideachais agus Scileanna, (i gcomhar leis na hionaid oideachais agus na soláthraithe ITE). Aistreoidh an fhreagracht do mhaoirseacht an ionductaithe agus na riachtanas promhaidh go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta in 2012	2011-12
Soláthar na forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí a fhaigheann tacaíocht ón Roinn a dhírú ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta agus ar úsáid na measúnachta	<ul style="list-style-type: none"> Rochtain a sholáthar ar chúrsaí forbartha gairmiúla atá faofa agus ar ardchaighdeán a mhaireann fiche uair an chloig ar a laghad sa litearthacht, uimhearthacht agus measúnacht (mar théamaí scoite nó comhtháite, atá curtha ar fáil go hincriminteach nó i mbloc) gach cúig bliana do mhúinteoirí bunscoile (mar ghné den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá de dhíth ar mhúinteoirí chun a scileanna gairmiúla a chothú) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, na hionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Tús a chur leis in in 2011-12 Soláthar á leathnú amach ó 2012-2013
	<ul style="list-style-type: none"> Rochtain a chur ar fáil ar chúrsaí forbartha gairmiúla atá faofa agus ar ardchaighdeán a mhaireann fiche uair an chloig ar a laghad sa litearthacht, uimhearthacht agus measúnacht (mar théamaí scoite nó comhtháite, atá curtha ar fáil go hincriminteach nó i mbloc) gach cúig bliana do mhúinteoirí L1 (Béarla/Gaeilge) ag an dara leibhéal (mar ghné den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá de dhíth ar mhúinteoirí chun a scileanna gairmiúla a chothú) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, na hionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Tús a chur leis in 2011-12 Soláthar á leathnú amach ó 2012-2013
	<ul style="list-style-type: none"> Rochtain a chur ar fáil ar aonaid fhorbartha gairmiúla ar an litearthacht agus an uimhearthacht ar fud an churaclaim do mhúinteoirí dara leibhéal (mar ghné den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá de dhíth ar mhúinteoirí chun a scileanna gairmiúla a chothú) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, na hionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Ag tosú in 2011-12 Soláthar á leathnú amach ó 2012-2013

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint leis an tacaíocht don fhorbairt ghairmiúil atá curtha ar fáil mar chuid d'fhortheidhmíú Thionscadal Mata ag an dara leibhéal 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe FGL	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> Spreagadh a thabhairt do líon na soláthraithe atá ag iarraidh aitheantas a fháil do chúrsaí samhraidh forbartha gairmiúla leanúnaí um theagasc na litearthachta (Béarla agus Gaeilge) agus na huimhearthachta, agus iarracht a dhéanamh cur leo, agus an soláthar seo a leathnú amach chuig na múinteoirí san earnáil iar-bhunscoile 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe FGL	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> Díriú ar fhorbairt theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta i scoileanna DEIS mar chuid de phleanáil forbartha na scoile agus d'fhéinmheastóireacht na scoile: obair na gcomhairleoirí DEIS atá ann cheana a athfhócasú agus poist eile a ath-implonú chun foireann a chruthú ina bhfuil fiche comhairleoir chun obair a dhéanamh le bunscoileanna agus iar-bhunscoileann DEIS agus le foireann Ógtheagmháil mar is gá ar theagasc agus measúnacht na teanga, na litearthachta agus na huimhearthachta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe FGL	2011-12
	<ul style="list-style-type: none"> De réir mar atá ceadaithe ó thaobh acmhainne, an tacaíocht atá ar fáil ó chomhairleoirí DEIS a leathnú amach chuig na suíomhanna COLÓ atá nasctha le bunscoileanna DEIS 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	De réir mar atá ceadaithe ó thaobh acmhainne
	<ul style="list-style-type: none"> Miontreoir agus acmhainní a chur ar fáil do mhúinteoirí agus cleachtóirí COLÓ ar an dea-chleachtas i dteagasc agus measúnacht na litearthachta agus na huimhearthachta trí lámhleabhair, cúrsaí ar líne, acmhainní digiteacha agus acmhainní eile 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an CNCM, na hionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	2014 agus na blianta ina dhiaidh sin
	<ul style="list-style-type: none"> An soláthar do FGL ag an leibhéal tras-earnála a éascú (m.sh. cleachtóirí COLÓ agus múinteoirí bunscoile/ múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile) más féidir chun an comhoibriú agus an chomhthuiscint a chur chun cinn 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanáil agus Gnóthaí Óige	De réir mar atá ceadaithe ó thaobh acmhainne
A chinntiú go bhfuil meicníochtaí um dhearbhu cáilíochta leordhóthanacha i bhfeidhm do chúrsaí FGL do mhúinteoirí mar a bhfuil foráil déanta dóibh in Acht na Comhairle Múinteoireachta	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go ndéantar creidiúnú ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí agus go ndéantar measúnú agus meastóireacht orthu go sásúil 	An Roinn Oideachais agus Scileanna; an Chomhairle Mhúinteoireachta ina dhiaidh sin	2012-13

Maidir leis an litearthacht agus an uimhearthacht, ba chóir go léireodh príomhoidí ceannaireacht, tacaíocht agus maoirseacht i leith feabhsúcháin ó cheann ceann na scoile

5. CUMAS CHEANNAIREACHT NA SCOILE Á NEARTÚ

Tá ról lárnach ag na príomhoidí agus ag na príomhoidí tánaisteachta

Tá ról ríthábhachtach ag príomhoidí agus ag príomhoidí tánaisteachta in atmaisféar scoile a chruthú a thacaíonn le teagasc agus foghlaim éifeachtach. Ní mór do phríomhoidí agus do phríomhoidí ionaid léirthiscint chruinn a bheith acu ar an gcaoi ina bhfoghlaimíonn foghlaimoirí mar aon leis an gcaoi inar chóir don scoil a bheith eagraithe agus inar chóir tacú le múinteoirí chun na torthaí is fearr agus is féidir leo a bhaint amach. Tá ceannaireacht na bpríomhoidí agus na bpríomhoidí tánaisteachta riachtanach má tá scoileanna le féachaint go criticiúil ar a gcuid oibre féin, le cinneadh a dhéanamh ar conas feabhsuithe a dhéanamh, gníomhartha a chur i bhfeidhm a bheidh mar thairbhe do na foghlaimoirí, agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar thorthaí na ndaltaí. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn príomhoidí páirteach i dtionscnamh, tacú agus monatóireacht ar fheabhsuithe sa litearthacht agus san uimhearthacht ó naíonáin shóisearacha go rang a sé i mbunscoileanna agus ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain in iar-bhunscoileanna.

Príomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta a chumasú le treoir a thabhairt don fheabhas sa litearthacht agus san uimhearthacht

Ní bhaineann an mionphlé maidir leis an gcaoi inar féidir príomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta scoile a chumasú chun forbairt a dhéanamh ar raon leathan scileanna agus cumas atá de dhíth orthu chun tabhairt faoin ról atá acu mar cheannairí na foghlama i scóip an doiciméid straitéise seo. Ina ionad sin, díríonn an chaibidil seo ar na tacaíochtaí agus deiseanna forbartha gairmiúla a bheidh de dhíth ar phríomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta scoile le bheith i gceannas ar fheabhsaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht ina scoileanna. Go deimhin, beidh líon mór de na scileanna seo a bheidh de dhíth orthu chun feabhas a chur ar an litearthacht agus an uimhearthacht áisiúil don obair a dhéanann siad le bheith i gceannas na gnáthfhoghlama sna scoileanna.

Le bheith i gceannas feabhas a chur ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht ina scoileanna, tá na deiseanna seo a leanas de dhíth ar na príomhoidí agus na príomhoidí tánaisteachta

- a dtuiscint féin a fháil ar an gcaoi is fearr le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt i leanaí agus i ndaoine óga

- a dtuiscint féin a fháil ar an gcaoi inar féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as an measúnacht chun foghlaim na scoláirí a phleanáil, chun deacrachtaí foghlama a aithint agus chun fianaise d'fhoghlaim na scoláirí a chur ar fáil
- na scileanna riachtanacha a bhaint amach ionas go mbeidh siad in ann a bheith i gceannas féinmheastóireachta scoile atá bunaithe ar fhianaise agus feabhsú scoile.

Gníomhartha chun feabhas a chur ar chumas na bpríomhoidí agus na bpríomhoidí tánaisteachta le bheith i gceannas an fheabhsaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Feabhas a chur ar an tuiscint atá ag príomhoidí agus príomhoidí ionaid ar na cur chuigí is éifeachtaí chun feabhas a chur ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta agus úsáid na measúnachta	<ul style="list-style-type: none"> • Cúrsaí FGL a chur ar fáil do gach príomhoide agus príomhoide ionaid atá ar seirbhís ar <ul style="list-style-type: none"> ○ cur chuigí éifeachtacha ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta (forbairt litearthachta agus uimhearthachta tríd an gcuraclam ina measc) ○ úsáid na measúnachta chun tacú le pleanáil fhoghlaim na scoláirí, le deacrachtaí foghlama a aithint agus le fianaise d'fhoghlaim na scoláirí a chur ar fáil 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar le hionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Ó 2012
Tacú le príomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta chun féinmheastóireacht scoile atá láidir a chur i bhfeidhm, ag díriú go háirithe ar fheabhsuithe sa litearthacht agus san uimhearthacht	<ul style="list-style-type: none"> • Treoir agus oiliúint a sholáthar do phríomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta maidir le féinmheastóireacht scoile éifeachtach i gcomhar leis na eagraíochtaí gairmiúla do phríomhoidí (IPPN agus NAPD) agus soláthraithe FGL eile, ag díriú ar fheabhsuithe i dteagasc agus measúnacht na litearthachta agus na huimhearthachta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an IPPN/NAPD, ionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Ó 2011-12
	<ul style="list-style-type: none"> • Ábhair uileghabhálacha a chur ar fáil (curtha leo agus tuilleadh forbartha déanta orthu thar tréimhse ama) chun tacú leis an bhféinmheastóireacht láidir a chur i bhfeidhm i scoileanna 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an IPPN/NAPD, ionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Forbairt déanta ar na chéad ábhair faoi 2011; leasaithe agus leathnaithe amach sna blianta amach anseo
	<ul style="list-style-type: none"> • Comhairle ar líne agus tacaíocht a chur ar fáil ar fhorfheidhmiú na féinmheastóireachta scoile 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an IPPN/NAPD, ionaid oideachais agus soláthraithe FGL eile	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú ar phróiseas féinmheastóireachta na scoile i ngach meastóireacht scoile uile de scoileanna a chur san áireamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Feabhas a chur ar chlár forbartha ceannaireachta do mhúinteoirí ar mhian leo a bheith ina bpríomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil aonaid éigeantacha i ngach cúrsa forbartha ceannaireachta do mhúinteoirí ar mhian leo a bheith ina bpríomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta agus do phríomhoidí agus príomhoidí tánaisteachta nuacháilithe, a dhíríonn orthu seo a leanas <ul style="list-style-type: none"> ○ tuiscint a fháil ar na cur chuigí éifeachtacha i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta (forbairt litearthachta agus uimhearthachta tríd an gcuraclam ina measc) ○ tuiscint a fháil ar úsáid na measúnachta chun tacú le pleanáil fhoghlaim na scoláirí, le deacrachtaí foghlama a aithint agus le fianaise d'fhoghlaim na scoláirí a chur ar fáil ○ forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá de dhíth le bheith i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile atá bunaithe ar fhianaise i scoileanna a dhíríonn ar fheabhas a chur ar an teagasc agus an fhoghlaim 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2011-12
	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil fáil ag gach príomhoide nuacháilithe nár chríochnaigh cúrsa ábhartha maidir le ceannaireacht scoile ar chúrsa den sórt sin le linn a gcéad dhá bhliain mar phríomhoide (na cúrsaí le bheith curtha ar fáil trí úsáid a bhaint as meascán de sheisiúin duine le duine, ceardlanna agus modúil ar líne) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012
	<ul style="list-style-type: none"> • Iniúchadh a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na comhlachtaí eile cuí ar an bhféidearthacht atá ann le córais a bhunú do chreidiúnú na gcúrsaí forbartha ceannaireachta do phríomhoidí agus do phríomhoidí ionaid 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, na forais cháiliúcháin ardoideachais agus eile	2016
	<ul style="list-style-type: none"> • Breithniú a dhéanamh, i gcomhar leis na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara eile, maidir leis an bhféidearthacht atá ann le go mbeidh sé riachtanach go gcuirfidh príomhoidí a bheidh ann feasta clár forbartha ceannaireachta creidiúnaithe i gcrích (mar riachtanas roimh an gceapachán nó mar choinníoll riachtanach deimhnithe mar phríomhoide laistigh de thréimhse shainithe) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais agus na soláthraithe FGL	2018

6. FEABHAS Á CHUR AR AN gCURACLAM AGUS AN TAITHÍ FOGHLAMA

An taitní oideachais a dhéanamh i gceart

Tá na scileanna litearthachta agus uimhearthachta mar chuid bhunúsach de na torthaí foghlama atáimid ag iarraidh a bhaint amach do gach leanbh

Ní mór dúinn a bheith an-soiléir faoina bhfuilimid ag iarraidh go bhfoghlaiméoidh leanaí agus daoine óga. Ba chóir don churaclam an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a bhfuilimid ag súil le bheith sealbhaithe ag leanaí ar scoil agus i suíomhanna COLÓ a shainmhíniú agus ba chóir go mbeadh sé mar chreat don taitní foghlama a chuirimid ar fáil do dhaoine óga. Go deimhin, clúdaíonn an curaclam i bhfad níos mó ná an litearthacht agus an uimhearthacht, ach tá na spriocanna a leagaimid amach don fhoghlaim litearthachta agus uimhearthachta mar chuid bhunúsach de raon an taitní foghlama agus na dtorthaí atáimid ag iarraidh a bhaint amach do gach leanbh. Tá sé riachtanach go mbeidh caoi cheart ar an gcuraclam ag gach céim d'fhorbairt an fhoghlaiméora agus a chinntiú go gcuirtear an curaclam i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir má tá sé i gceist againn a chinntiú go sealbhaíonn leanaí agus daoine óga na scileanna litearthachta agus uimhearthachta atá de dhíth orthu mar mhic léinn agus aosaigh.

Ní mór dúinn taitní ar an oideachas a bheidh uileghabhálach agus comhlíontach a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga

Ní mór do dhaoine óga dul i ngleic le raon réimsí foghlama agus ba chóir go léireodh an túsphointe dá bhfoghlaim a riachtanais agus leasanna

Ba chóir go mbeadh an deis ag gach foghlaiméoir páirt a ghlacadh i dtaithí curaclaim atá leathan, cothromaithe agus comhlíontach agus a thacaíonn le gach gné den fhorbairt a dhéanann siad – ní hamháin an ghné acadúil ach na gnéithe sóisialta, mothúchána, samhlaíocha, aeistéitiúla agus fisiciúla chomh maith. Agus sinn ag díriú go fóill ar an litearthacht agus an uimhearthacht, ní mór dúinn a chinntiú go mbíonn deiseanna rialta ag na foghlaiméoirí chun dul i ngleic le raon réimsí foghlama agus go léiríonn an túsphointe don fhoghlaim riachtanais agus leasanna an fhoghlaiméora.

Tá dearcthaí dearfacha agus inspreagtha riachtanach le dul chun cinn a dhéanamh sa litearthacht agus san uimhearthacht

Tá ríthábhacht le forbairt dearcthaí dearfacha agus inspreagtha le dul chun cinn a dhéanamh sa litearthacht agus uimhearthacht agus ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil an taitní foghlama do gach foghlaiméoir sna réimsí seo taitneamhach agus sásúil. Ba chóir do gach foghlaiméoir tairbhe a bhaint as an deis trí ghliondar agus spleodar a bheith orthu agus iad “caillte” i leabhar (leabhair chlóite agus leabhair dhigiteacha) agus tuiscint a fháil ar an sult a bhaintear as iniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna matamaitice agus an sásamh a bhaintear as teacht ar réiteach. Ba chóir deiseanna rialta a bheith ag gach foghlaiméoir freisin chun dul i ngleic leis na cur chuigí foghlama sin, an chomhfhoghlaim, an fhoghlaim idirdhealaitheach, foghlaim ghníomhach agus gníomhaíochtaí fadhbréitigh san áireamh, a chuirfeadh ní hamháin le foghlaim níos éifeachtaí ach a mhéadódh rannpháirtíocht agus taitneamh na bhfoghlaiméoirí freisin.

Ba chóir go gcuirfeadh an litearthacht agus an uimhearthacht le gach gné de churaclam leathan agus cothromaithe

Má leagann scoileanna béim ar leith ar fhorbairt agus monatóireacht scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí níl sé seo ar neamhréir le curaclam leathan agus cothromaithe, ná níor chóir go n-eascródh curaclam ina bhfuil fócas cúng i gceist, ach a mhalairt. Tá gá lena chinntiú go mbíonn scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar a t(h)oil ag gach leanbh i raon leathan comhthéacsanna má tá i gceist iad a chur ar gcumas chun fáil ar an bhfoghlaim i raon mór réimsí. San am céanna, féadfaidh an fhoghlaim san uile réimse den churaclam deiseanna na scoláirí chun a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta a shealbhú agus a chur i bhfeidhm a shaibhriú go mór.

Tríd an gcuraclam a shainmhíniú tá éileamh orainn roghanna a dhéanamh

Mar sin féin, ní féidir gach rud a bheadh inmhianaithe a chur isteach sa churaclam. Ní mór dúinn a bheith réalaióch sna hionchais a leagaimid amach do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna. Ní mór dúinn a aithint tríd an gcuraclam a shainmhíniú gur gá dúinn roghanna a dhéanamh agus tosaíochtaí a leagan amach.

Thar am athraíonn na saincheisteanna agus ábhair imní a cheapaimid a bheith tábhachtach nó ábhartha agus is gnách é athruithe a bheith sa churaclam chun na cúinsí athraithe a léiriú. Le blianta beaga anuas, mar shampla, tháinig éilimh ó eagraíochtaí, grúpaí leasmhara agus oideoirí éagsúla gur chóir níos mó béime a leagan sa churaclam ar réimsí ar nós scileanna sóisialta agus saoil, saincheisteanna comhshaoil, na healaíona, oideachas ceoil, tuiscint eolaíochta, agus an uimhearthacht, i measc cinn eile. Nuair a thagann dúshláin shóisialta, shláinte, eacnamaíochta nó chomhshaoil chun cinn inár sochaí agus inár dtír, is gnách dúinn é a cheapadh gur féidir linn roinnt de na réitigh a aimsiú trí na scoileanna agus tríd an gcuraclam.

Ní féidir gach rud a bheadh inmhianaithe a chur isteach sa churaclam. Ní mór dúinn a bheith réalaióch sna hionchais a leagaimid amach do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna

Ní mór dúinn tús áite a thabhairt don litearthacht agus don uimhearthacht inár gcuraclam scoile

Cé go bhfuil sé intuigthe gur nós linn brath ar ár scoileanna bheith chun tosaigh ag tabhairt faoi líon mór de na dúshláin atá romhainn, ní mór dúinn a aithint nach féidir an curaclam a dhéanamh mar idirghabháil idir na saincheisteanna a bhaineann le daoine óga agus leis an tsochaí i gcoitinne. Má chuirtear réimse níos leithne de shaincheisteanna, topaicí agus ábhair san áireamh sa churaclam tá an baol ann go scriosfaí an t-am atá ar fáil ar scoil chun na príomhscileanna is tábhachtaí a shealbhú agus a chomhdhlúthú. Ní mór dúinn a aithint gurb a leithéid príomhscileanna iad tuiscint a fháil ar an litearthacht agus an uimhearthacht agus iad a úsáid agus ní mór an t-am chun iad seo a fhorbairt a chosaint, uaireanta trí moill a chur ar réimsí eile den churaclam a thabhairt isteach agus a chinntiú i gcónaí go ndéantar an litearthacht agus an uimhearthacht a chomhtháthú tríd an gcuraclam.

Ní mór dúinn leorgacht ama don litearthacht agus don uimhearthacht a chosaint

Ba chóir don churaclam na scileanna agus na cumais a shonrú go soiléir a mbeifear ag súil leo ó fhoghlaimoírí

Ba chóir don churaclam torthaí foghlama soiléire a shainiú don litearthacht agus don uimhearthacht

Ceann amháin de na prionsabail dearaidh i gCuraclam na Bunscoile (1999) ba ea go dtabharfadh a chuspóirí ábhair cur síos, ní hamháin ar a raibh le foghlaim ag an leanbh, ach ar an tslí ina dtarlódh an fhoghlaim sin freisin. Cé go mb'fhéidir gur chabhraigh sé seo le múinteoirí chun tuiscint a fháil ar an gcaoi ar chóir na modheolaíochtaí molta a úsáid, chiallaigh sé freisin go raibh doiléireacht ar leith i gceist leis na torthaí foghlama ar chóir a bhaint amach agus measúnú a dhéanamh orthu ag gach céim in ábhair ar nós an Bhéarla agus na Gaeilge.

Tá an dearadh “torthaí foghlama” curtha i bhfeidhm san fhorbairt ar an gcuraclam a rinneadh le déanaí ag an leibhéal iar-bhunscoile ina bhfuil na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil le bheith bainte amach sonraithe go soiléir. Tá torthaí foghlama soiléire leagtha amach do na scoláirí sa siollabas atá á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna do *Tionscadal Mata*. Ach, forbraíodh siollabas na sraithe sóisearaí don Bhéarla atá ann faoi láthair níos mó ná fiche bliain ó shin agus níor scríobhadh é ag baint úsáide as cur chuige torthaí foghlama. Leis an taithí atá faighte is léir gur dócha le dearadh an tsíollabais seo agus na scrúduithe stáit a bhaineann leis gur laghdaigh raon agus scóip na foghlama a dhéanann scoláirí de thaisme.

Ní mór cur chuige “torthaí foghlama” a ionchorprú isteach i ngach ráiteas curaclaim ag an leibhéal bunscoile agus sna siollabais nua ar fad ag na leibhéil iar-bhunscoile de réir mar a thagann siad ar an saol. Ba chóir do na curaclaim na scileanna agus na cumais a shonrú go soiléir a mbeifear ag súil leo ó fhoghlaimoírí ag sé phointe ina gcuid forbartha (deireadh na mblianta tosaigh/naíonáin, deireadh rang a dó, deireadh rang a ceathair, deireadh na bunscoile, deireadh na sraithe sóisearaí agus deireadh na sraithe sinsearaí).

Ba chóir don churaclam cabhrú le múinteoirí chun tuiscint a fháil ar na torthaí foghlama don litearthacht agus don uimhearthacht

Ní mór cur leis an gcuraclam agus é a bheith níos suntasaí do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus do dhaoine eile trí shamplaí a thugann eiseamlár d'fhoghlaim na leanaí ag céimeanna éagsúla

Tá riachtanas leis na spriocanna a shainiú atá le baint amach ag foghlaimoírí san fhoghlaim a dhéanann siad sa litearthacht agus uimhearthacht ach ní bheidh sé seo leordhóthanach. Ní mór dúinn samplaí atá soiléir a chur ar fáil maidir lena bhféadfadh na scoláirí a dhéanamh nuair atá na spriocanna nó torthaí bainte amach ag gach céim den fhoghlaim. Is é atá i gceist ná nach mór cur leis an gcuraclam agus a bheith níos suntasaí do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus do dhaoine eile trí shamplaí a thugann eiseamlár d'fhoghlaim na leanaí ag céimeanna éagsúla. D'fhéadfaí na samplaí seo a chur ar fáil i bhformáidí clóite agus digiteacha, samplaí físe de sheomraí ranga san áireamh a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar líne. Má tá fáil ag na múinteoirí ar na léaráidí seo den chaoi a mbaimeann na scoláirí na torthaí foghlama amach cabhróidh sé seo le múinteoirí an fhoghlaim rathúil a aithint, na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a dhéanann gach leanbh a phleanáil agus straitéisí teagaisc níos fearr a úsáid.

Ní mór don churaclam tacú leis an teagasc litearthachta agus uimhearthachta i ngach réimse foghlama

Má fhoghlaimítear i líon mór réimsí curaclaim tá comhthéacs saibhir curtha ar fáil chun na scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Féadfaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthacht a bheith curtha i gcomhthéacs, a bheith suntasach agus le cuspóir don fhoghlaimoir trí ábhair éagsúla agus réimsí éagsúla foghlama. Tá a fhios againn freisin go gcuireann forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta leis an bhfoghlaim i réimsí eile den churaclam. Mar shampla, trí ghníomhaíochtaí léitheoireachta tá fáil ag na foghlaimoirí ar shaol ina bhfuil eolas, smaointe agus cúinsí atá taobh amuigh dá gcuid taithí féin a d'fhéadfadh cabhrú leis na gnéithe uile den fhoghlaim a dhéanann siad a chomhdhlúthú agus a leathnú amach. Tá tábhacht le scileanna uimhearthachta don fhoghlaim tríd an gcuraclam ó thaobh foghlaimoirí a ullmhú leis an bhfeasacht chomhthéacsúil agus straitéiseach lena n-áirítear saintréithe ar nós a bheith muiníneach chun triail a bhaint as, botúin a dhéanamh agus triail a bhaint as arís ionas go mbainfidh siad tairbhe as an bhfoghlaim i réimsí eile.

Ní mór don churaclam comhairle shoiléir a chur ar fáil freisin chun tacú leis na múinteoirí uile, ní hamháin múinteoirí teanga nó matamaitice, chun an litearthacht agus an uimhearthacht a theagasc agus a mheas

Má bhaintear feidhm iomlán as na deiseanna atá ann leis an litearthacht agus an uimhearthacht a fhorbairt a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dteagasc na n-ábhar agus réimsí foghlama uile, tá gá le leibhéil shuntasacha de scileanna teagasc agus pleanáil an-eagraithe de thaithí teagasc agus foghlama. Ní mór don churaclam tacú leis an bpleanáil agus ullmhú den sórt sin a dhéanann na múinteoirí. Ní mór dúinn a chinntiú go dtugann an curaclam, ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile, treoir uileghabhálach chun forbairt a dhéanamh ar an litearthacht agus an uimhearthacht sna réimsí curaclaim uile. Ní mór don churaclam comhairle shoiléir a chur ar fáil freisin chun tacú leis na múinteoirí uile, ní hamháin múinteoirí teanga nó matamaitice, chun an litearthacht agus an uimhearthacht a theagasc agus measúnú a dhéanamh orthu.

Ba chóir go mbeadh taithí neamhlochtach ag foghlaimoirí agus a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta á bhforbairt acu

In Éirinn, tá forbairt déanta againn ar dhoiciméid curaclaim i gceithre chéim ar leith: luathóige, bunscoil, sraith shóisearach na hiar-bhunscoile agus sraith shinsearach na hiar-bhunscoile. Iarmhairt amháin den fhorbairt seo sa churaclam ina bhfuil míreanna ar leith ná go mbíonn briseadh ar an leanúnachas san fhoghlaim a dhéanann siad agus iad ag bogadh ó chéim go céim. Mar shampla, in *Aistear* (2009) sa chreat oibre curaclaim a forbraíodh don oideachas luathóige, tá dul chun cinn mór déanta sa smaoineamh a thacaíonn leis na céimeanna naíonáin de *Churaclam na Bunscoile* (1999) agus tá sé soiléir nach mór don cheann deiridh seo a athrú chun an cur chuige maidir le teagasc agus foghlaim atá oiriúnach do leanaí óga idir trí agus sé bliana a léiriú.

Ní mór leanúnachas a bheith ag foghlaimoirí i bhforbairt a scileanna litearthachta agus uimhearthachta ón luathóige go haosacht

Ar an gcuma chéanna tarlaíonn athruithe suntasacha san ábhar agus i gcur chuig an teagasc idir an bhunscoil agus a t-oideachas dara leibhéal sóisearach do na scoláirí. Leis an mbriseadh ar an leanúnachas seans nach

n-éireoidh go maith leis na scoláirí sna céimeanna luatha sa tsraith shóisearach agus dá bhrí sin d'fhéadfadh a scileanna sa litearthacht agus go háirithe san uimhearthacht a bheith ag fulaingt. Chomh maith leis sin, tá a fhios againn go dtiocfaidh na leanaí isteach sa chéad bhliain den iar-bhunscoil agus raon gnóthachtála an-éagsúil acu sa litearthacht agus san uimhearthacht. Beidh líon mór leanaí dhá bhliain déag d'aois agus scileanna an-ard acu sa litearthacht agus san uimhearthacht, beidh leanaí eile agus beidh orthu na scileanna seo a dhaingniú i bhfad níos mó, agus beidh mionlach ann nach mbeidh na scileanna seo forbartha go leordhóthanach acu chun rochtain a dhéanamh ar an gcuraclam iar-bhunscoile. Cé go bhfuil na riachtanais foghlama éagsúla seo fós ann, níl sé soiléir an dtugann múinteoirí iar-bhunscoile dóthain airde ar an bhfoghlaim a rinne na scoláirí aonair roimhe seo sa litearthacht agus san uimhearthacht agus iad ag pleanáil agus ag teagasc na gceachtanna ábhair. Ba chóir go mbeadh na múinteoirí uile ina múinteoirí litearthachta agus uimhearthachta, agus ba chóir dúinn an claonadh atá ann inneachar ábhair a mhúineadh go haonarach ó na scileanna cumarasáide atá de dhíth ar gach duine óg chun idirghníomhú le taithí eolais agus saoil a sheachaint.

Ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar monatóireacht chúrámach ar dhul chun cinn an fhoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht ag gach céim den fhorbairt

Ní mór dúinn a chinntiú, dá bhrí sin, go gcuirtear forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimoirí ar fáil go cuimsitheach sa churaclam náisiúnta agus go bhfuil dul chun cinn soiléir ann idir na céimeanna éagsúla d'fhorbairt an fhoghlaim. Ní mór dúinn a chinntiú, freisin, go léirítear sa churaclam ár n-ardmhianta d'fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimoirí a nochtar i *ndoiciméid* an churaclaim mar a *tharlaíonn* do gach leanbh agus duine óg ar scoil. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar monatóireacht chúrámach ar dhul chun cinn an fhoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht ag gach céim den fhorbairt, agus go bhfuil fócas sa teagasc lena chinntiú go bhforbraíonn na leanaí agus daoine óga uile na scileanna cuí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

An taithí foghlama in oideachas na luathóige

Is é atá i gceist leis an oideachas luathóige ná na chéad sé bliana den saol. Tá sé briste síos i dtrí chuid, ón mbreith go hocht mí déag, ocht mí déag go trí bliana, agus trí bliana go sé bliana. In Éirinn de ghnáth soláthraítear an dá bhliain deiridh den chéim oideachais luathóige sa chóras oideachais bunscoile. Ó mhí Eanáir 2010 i leith, cuireadh leis an soláthar i ranganna naionáin le háit réamhscoile saor in aisce do gach leanbh ag trí agus ceithre bliana d'aois don bhliain sula gcláraíonn siad don bhunscoil, faoi thionscnamh atá á mhaoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

An tréimhse a bhaineann le *Aistear*, creat oibre curaclaim na luathóige do leanaí 0-6 bliana d'aois, ná na socruithe réamhscoile agus bunscoile. Leagadh amach príomhphrionsabail agus téamaí ar chóir a bheith mar bhunús thaithí foghlama na leanaí ag an tréimhse seo.

Ó thaobh na litearthachta agus na huimhearthachta, ba chóir don oideachas luathóige:

- a bheith ar siúl trí chlár gníomhaíochtaí atá leathan, iomlánaíoch agus atá ceangailte le chéile
- na taithí forbartha cuí a chothaíonn bunús daingean i scileanna litearthachta agus uimhearthachta, go háirithe sa réimse feasachta teanga, forbairt teanga agus coincheapa matamaitice luatha
- a fhorbairt go hiomchuí agus an fhoirmiúlacht roimh am a sheachaint
- úsáid a bhaint as cur chuigí i bhforbairt na scileanna litearthachta agus uimhearthachta atá ag teacht chun cinn a chuireann leis an bhfoghlaim i ngnéithe eile agus a bheith leanbh-lárnach, leathan, tús áite a thabhairt don súgradh agus an coincheap a atreisiú maidir leis an leanbh mar fhoghlaimeoir gníomhach
- láidreachtaí, leasanna agus taithí an linbh roimhe seo a chur san áireamh agus iad seo a úsáid mar chomhthéacsanna don fhoghlaim nua.

Na dúshlán don fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta i suíomhanna COLÓ agus sna ranganna naíonáin i scoileanna

Tá líon dúshlán le sárú sa churaclam romhainn lena chinntiú go n-éireoidh leis an bhfoghlaim agus forbairt sa litearthacht agus san uimhearthacht sna blianta tosaigh. Tá na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar éagsúlacht an chleachtas churaclaim atá ar siúl faoi láthair sna suíomhanna COLÓ agus a chinntiú go léirítear na príomhsmoainte agus teachtaireachtaí atá in *Aistear* i dtaithí na leanaí sna suíomhanna seo.
- Ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe litearthachta agus uimhearthachta *Churaclam na Bunscoile* do na ranganna naíonáin (4-6 bliana d'aois) chun iad a thabhairt isteach i gcomhréir leis na cur chuigí i dtreo an teagaisc agus na foghlama a mholtar in *Aistear*, creat oibre an churaclaim don oideachas luathóige. Leagann *Aistear* béim ar an gcothromaíocht idir gníomhaíochtaí faoi threoir daoine fásta agus gníomhaíochtaí faoi threoir leanaí; breathnaítear ar an súgradh mar phróiseas lárnach atá mar bhuntaca fhoghlaim na leanaí óga agus mar an mhodheolaíocht chun an fhoghlaim a éascú. D'fhéadfadh ionchur an-suntasach a bheith ag na gníomhaíochtaí foghlama ar ardchaighdeán den sórt a mholtar in *Aistear* chun feabhas a chur ar shealbhú litearthachta agus uimhearthachta na leanaí. Ba chóir don churaclam leasaithe an soláthar do bhliain réamhscoile saor in aisce a chur san áireamh.

- Is dúshlán mór é forfheidhmiú na gcur chuigí atá molta in *Aistear* do gach leanbh san aoisghrúpa 3-6 bliana. Dá mbeadh cóimheasa leanaí le haosaigh níos ísle sna ranganna naíonáin shóisearaigh agus shinsearaigh bheadh sé ina chabhair chun an fhoghlaim atá beartaithe in *Aistear*. Má tá sé seo le baint amach thar tréimhse ama, beidh gá le tús áite a thabhairt do na ranganna naíonáin agus na múinteoirí atá ar fáil á leithdháileadh.
- Ní mór dúinn riachtanais foghlama na leanaí a aithint a luaithe agus is féidir. Féadfaidh córais measúnachta atá bunaithe ar fhianaise an t-eolas a sholáthar a thugann luath-threoir thábhachtach d'fhorbairt gach linbh, inar féidir tabhairt faoi shaincheisteanna go luath, a chinntiú nach bhfuil siad mar bhac don fhoghlaim de réir mar a dhéanann leanbh dul chun cinn. Toisc thábhachtach chun tacú leis an measúnacht éifeachtach sa chóras oideachais foirmiúil ná go bhfuil eolas agus tuiscint dhaingean ar an luathfhoghlaim a dhéanann difríocht d'fhorbairt chognaíoch agus dul chun cinn níos fadtéarma san fhoghlaim.
- Nuair a aithnítear na riachtanais foghlama, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear na deiseanna foghlama oiriúnacha ar fáil. Faoi láthair tá beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna ag díriú ar idirghabháil den sórt sin ag leibhéal na naíonán sinsearacha. Ach, seans go bhfuil sé rómhóil do líon mór leanaí mura ndéantar idirghabháil ach ag an gcéim seo, go háirithe nuair a léirítear go n-eascaíonn fadhbanna as deacrachtaí a bhaineann leis an bhforbairt teanga ó bhéal. Má dhéantar idirghabháil ag tréimhse níos luaithe i suíomhanna COLÓ agus/nó sna naíonán shóisearacha beidh gá le cumarsáid níos fearr agus an t-eolas cuí idir na suíomhanna COLÓ agus scoileanna.

Dúshlán d'fhorbairt na litearthacht a agus na huimhearthachta sna blianta bunscoile

Ní mór dúinn tabhairt faoi raon saincheisteanna maidir le hinneachar agus forfheidhmiú an churaclaim bhunscoile má táimid le feabhas a chur ar chaighdeán na litearthachta agus na huimhearthachta inár mbunscoileanna.

- Mar atá pléite thuas, ní mór dúinn ráiteas níos soiléire a chur ar fáil do mhúinteoirí de na torthaí foghlama a bhfuilimid ag súil leo ó na páistí i mBéarla agus i nGaeilge ag gach céim de na blianta bunscoile agus cur leis seo trí shamplaí d'obair agus foghlaim na leanaí a fháil a léiríonn go soiléir cad is brí leis na torthaí foghlama seo agus iad i bhfeidhm.
- Ní mór dúinn a chinntiú go mbaintear úsáid go seasta as na cur chuigí teagaisc agus foghlama agus as na straitéisí agus an Ghaeilge agus an Béarla á dteagasc. Ní mór dúinn a chinntiú go léiríonn an curaclam

leasanna léitheoireachta na scoláirí uile, buachaillí san áireamh agus ina bhfuil siad in ann teacht ar chothromaíocht níos fearr de chineálacha téacs

- Cé go gcuireann curaclam na matamaitice treoir shoiléir ar fáil do mhúinteoirí maidir lenar chóir do dhaltáí a fhoghlaim, tá líon mór laigí ann agus é á chur i bhfeidhm go háirithe i dteagasc na ngnéithe tábhachtacha ar nós meastacháin, úsáid grúpfhoghlama comhoibríthe agus na gcur chuigí fadhbréitigh. Ba chóir samplaí d'obair agus foghlaim na leanaí a fháil le cur leis an gcuraclam atá ann faoi láthair a léiríonn go soiléir cad is brí leis na torthaí foghlama seo agus iad i bhfeidhm
- Deir múinteoirí agus príomhoidí nach bhfuil dóthain ama acu chun tabhairt faoi na cuspóirí uile atá i *gCuraclam na Bunscoile* agus d'fhéadfadh na réimsí foghlama nua seo an cumas atá iontu na príomhscileanna ar nós na litearthachta agus na huimhearthachta a theagasc a chur i gcontúirt. Tá a fhios againn freisin, go bhfuil éagsúlacht shuntasach sa mhéid ama a thugtar do theagasc na litearthachta agus na Matamaitice i mbunscoileanna.
- Sa mheántearma, ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an am a mholtar sa chreat ama d'ábhair atá i *gCuraclam na Bunscoile* agus treoir agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do na múinteoirí ar an gcaoi inar féidir leo scileanna litearthachta agus uimhearthachta a theagasc agus measúnú a dhéanamh orthu i ngach réimse den churaclam. Go gearrthéarmach, ní mór dúinn teacht ar bhealaí ina bhfuil dóthain ama ag scoileanna agus múinteoirí lena chinntiú go bhforbraíonn gach leanbh scileanna litearthachta agus uimhearthachta sásúla. Ní mór dúinn, go háirithe, an méid ama a mholtar leis an mhatamaitic a theagasc a mhéadú go suntasach chun ligean do na múinteoirí gach gné de churaclam na matamaitice a theagasc trí úsáid a bhaint as na cur chuigí a mholtar sa churaclam.
- Tá riachtanais litearthachta ar leith ag scoláirí i nGaelscoileanna a fhoghlaimíonn trí Ghaeilge, scoláirí a bhfuil an Ghaeilge mar an teanga bhaile acu ina measc, nach dtugtar fúthu go hiomlán sa churaclam bunscoile reatha. Ní mór dúinn tabhairt faoi na riachtanais ar leith seo trína chinntiú go ndéanann curaclam na Gaeilge T1² (do Ghaelscoileanna) foráil d'fhorbairt na scileanna litearthachta ar bhealach cosúil leo siúd a ndéantar foráil dóibh i gcuraclam an Bhéarla, forbairt a scileanna cognaíocha agus scileanna ardoird smaointeoireachta leanaí san áireamh.

² Déanann an Ghaeilge mar L1 tagairt do theagasc na Gaeilge mar an chéad teanga nó i nGaelscoileanna. Déanann an Ghaeilge mar T2 tagairt do theagasc na Gaeilge mar an dara teanga, i.e. teagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar an príomhtheanga teagaisc.

- Tá dúshlán mhóra romhainn agus cumas na leanaí á fhorbairt i nGaeilge i scoileanna áit a bhfuil an Béarla mar an phríomhtheanga teagaisc. Cuireadh fáilte roimh an mbéim a leag *Curaclam na Bunscoile* 1999 ar fhorbairt na teanga labhartha ach le tús churaclam na Gaeilge T2 níor tharla an feabhas a rabhthas ag súil leis i gcumas teanga agus scileanna litearthachta na daltaí bunscoile i nGaeilge. B'fhéidir go mbaineann cuid den fhadhb le dearadh agus forfheidhmiú churaclam na Gaeilge. Ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear curaclam na Gaeilge T2 i láthair sa chaoi ina mbeidh na múinteoirí in ann pleanáil a dhéanamh go héifeachtach le dul chun cinn a dhéanamh i raon iomlán scileanna litearthachta na ndaltaí. Is fiú freisin iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann chun cumais litearthachta na ndaltaí i nGaeilge a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an teanga chun ábhair eile a theagasc (nó gnéithe de na hábhair sin).

Dúshlán d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta sna blianta iar-bhunscoile

Tá líon mór dúshlán romhainn maidir le hinneachar agus forfheidhmiú an churaclaim iar-bhunscoile má táimid le feabhas a chur ar chaighdeán na litearthachta agus na huimhearthachta ag an leibhéal seo.

Tugtar faoi theagasc na litearthachta ag an leibhéal iar-bhunscoile i siollabais an Bhéarla agus na Gaeilge in achoimre leathan agus déantar mionléiriú air i dtreoirínte do mhúinteoirí a thagann in éineacht leo. Ach tá líon dúshlán ann atá romhainn maidir le forfheidhmiú na siollabas seo mar atá beartaithe agus an fhéidearthacht atá acu raon iomlán na scileanna litearthachta a fhorbairt:

- Leis an easpa naisc atá ann idir taithí an fhoghlaiméora ar an mBéarla agus ar an nGaeilge i rang a sé agus sa chéad bhliain faoi láthair ciallaíonn sé gur deis atá cailte í Béarla agus Gaeilge na chéad bhliana chun leibhéil litearthachta na scoláirí a ardú.
- A bhuíochas le nádúr oscailte shiollabas an Teastais Shóisearaigh sa Bhéarla tá saoirse ag na múinteoirí scoláirí a chur i ngleic le téacsanna liteartha agus neamhliteartha atá saibhir agus éagsúil. Ach, sa seomra ranga ní bhaintear feidhm iomlán as an deis a thugann an siollabas chun scoláirí a chur i mbun oibre le raon téacsanna liteartha agus neamhliteartha agus a scileanna litearthachta a fhorbairt, a scileanna teanga labhartha san áireamh, de bharr an bhéim a leagtar ar an teagasc don scrúdú agus téacsleabhair a chuireann scileanna ísealoird smaointeoireachta chun cinn don chuid is mó.
- Leagann siollabas na Gaeilge béim ar fhorbairt chumas na scoláirí chun an teanga a labhairt chomh maith lena scileanna scríbhneoireachta agus a scileanna cluastuisceana agus léamhthuisceana. Mar atá sa Bhéarla, is léir gur gá struchtúr a chur ar shiollabas na Gaeilge agus na modhanna measúnaithe a

bhaineann leis ag an tsraith shóisearach ar bhealach ina gcuirfear forbairt chórasach raon iomlán na scileanna litearthachta sna teangacha chun cinn, bunaithe ar fhorbairt an chumais labhartha.

- Ba dhrochthionchar é an easpa deise a bhí ann chun dul i ngleic le téacsanna neamhliteartha, agus téacsanna eile a léiríonn buachaillí suim iontu, ar rannpháirtíocht agus gnóthachtáil na mbuachaillí. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil níos mó rannpháirtíochta de dhíth ar na scoláirí uile sna siollabais i mBéarla agus i nGaeilge, buachaillí san áireamh, le raon níos leithne de théacsanna.
- Sna siollabais atá ann faoi láthair i mBéarla agus in Gaeilge ní thugtar i gceart faoi fheidhmiú sóisialta agus cultúrtha na scileanna litearthachta san aois nua-aimseartha, ar nós cumarsáid leictreonach agus na meáin digiteacha. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfaigheann na scoláirí uile sa tsraith shóisearach deiseanna chun dul i ngleic le raon leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha i réimse de na meáin lena n-áirítear na meáin digiteacha i mBéarla agus i nGaeilge.
- Ní chomhlíonann siollabais na Gaeilge riachtanais ar leith de na scoláirí i nGaelscoileanna, go háirithe iad siúd a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéanann clar na sraithe sóisearaí don Ghaeilge foráil do riachtanais litearthachta ar leith de scoláirí i nGaelscoileanna, forbairt a scileanna cognaíocha agus a scileanna ardoird smaointeoireachta san áireamh.
- Ba ábhair inné é dúinn le fada teagasc agus foghlaim na matamaitice in iar-bhunscoileanna. Tá athrú mór ar bun cheana féin, áfach, i dteagasc na matamaitice ag an leibhéal seo. Tá Tionscadal Mata, atá á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ó mhí Mheán Fómhair 2010 deartha chun athrú ón mbonn a dhéanamh ar an gcaoi ina ndéantar an mhatamaitic a theagasc ag an leibhéal iar-bhunscoile trí shiollabais agus measúnacht na matamaitice sna scrúduithe a athstruchtú. Rinneadh creat oibre idirlinne a dhearadh freisin lena chinntiú go mbeidh trasdul níos fearr ón mhatamaitic i rang a cúig agus rang a sé sa bhunscoil go dtí an matamaitic sa tsraith shóisearach.
- Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Matamaitice béim níos mó a leagan ar thuiscint an scoláire ar choincheapa matamaitice, méadú a dhéanamh ar úsáid na gcomhthéacsanna agus na bhfeidhmiúchán, agus na scoláirí á gcumasú dá bharr chun an mhatamaitic a cheangal leis an taithí laethúil. Mar thoradh air seo, beidh tuilleadh béime ar theagasc na matamaitice maidir le feidhmiú na matamaitice i bhfadhbanna a réiteach san fhíorshaol. Mar sin féin, is dúshlán é do na múinteoirí an cur chuige radacach nua seo i dtreo an ábhair agus ní mór tacú leis trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach fhairsing do mhúinteoirí.

Gníomhartha chun an taithí curaclaim agus foghlama i suíomhanna COLÓ agus i mbunscoileanna a fheabhsú

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Déan monatóireacht agus athbhreithniú ar chleachtas curaclaim i suíomhanna COLÓ thar am	<ul style="list-style-type: none"> Aithin scóp an chleachtais curaclaim san earnáil COLÓ trí shuirbhé ar suíomhanna ag glacadh páirt san ollchlár réamhscoile saor in aisce 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> Déan athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcleachtas curaclaim éagsúla i soláthar <i>Aistear</i> san ollchlár réamhscoile saor in aisce 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2013
Leasaigh curaclam an Bhéarla do bhunscoileanna chun na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo ó fhoghlaiméirí a shoiléiriú	<ul style="list-style-type: none"> Déan athbhreithniú ar ábhar churaclam an Bhéarla ag baint úsáide as cur chuige “torthaí foghlama”, ag rá go soiléir cad a mbeifear ag súil go mbainfidh leanaí amach ag gach céim de shraith na bunscoile (agus meas ar nádúr <i>Churaclam na Bunscoile</i> atá dírithe ar leanaí agus comhtháite agus ag aithint go mbainfidh daltaí litearthacht amach i nGailge agus Béarla araon) Cinntigh go bhfuil aire follasach agus córasach i gcuraclam an Bhéarla ar theagasc agus measúnú na mórscoileanna ags straitéisí litearthachta, lena n-áirítear scoileanna béil agus cluaise, feacht fóneolaíoch/fóinéimeach, fónaic, focail a aithint, líofacht léitheoireachta, stór focal, tuiscint agus scríbhneoireacht le haird chúí ar scoileanna ísealoird agus ardoird a fhorbairt Cinntigh go bhfuil soláthar sa churaclam d’fhorbairt na litearthachta trí chaidreamh le réimse de théacsanna (idir liteartha agus neamhliteartha) agus réimse de mheáin lena n-áirítear na meáin dhigiteacha Cinntigh go bhfuil soláthar do thoighsí na scoláirí uilig, buachaillí san áireamh, i gcuraclam an Bhéarla Cinntigh go mbíonn léiriú níos iomláine sna ranna ar fad sa churaclam a bhaineann le ranganna naíonán ar na príonsabail atá mar bhunús leis an gcreat curaclaim <i>Aistear</i> d’fhonn leanúnas a chinntiú idir soláthar i suíomhanna COLÓ do leanaí trí bliana go ceithre bliana d’aois agus soláthar i ranganna naíonán 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Eilimintí tosaigh an churaclaim le bheith ar fáil ó 2014 Gach leibhéal den churaclam le bheith ar fáil ó 2016
	<ul style="list-style-type: none"> Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim scoláirí a léiríonn gnóthachtáil na dtorthaí foghlama sa churaclam chun cuidiú le múinteoirí leis an bhféinmheas agus meastóireacht mhúnlaiteach (deireadh na mblianta 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2014 go 2016

Cuspóir	Mionsonra	Freagrach as an ngníomh seo	Dáta treorach
	tosaigh/naíonáin, deireadh rang a dó, deireadh rang a ceathair, deireadh na mblianta bunscoile, deireadh na dara bliana san iar-bhunscoil)		
<p>Leasaigh curaclam na Gaeilge (L1) do bhunscoileanna lán-Ghaelacha chun na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo ó fhoghlaimoirí a shoiléiriú</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Déan athbhreithniú ar ábhar churaclam na Gaeilge (L1) ag baint úsáide as cur chuige “torthaí foghlama”, ag rá go soiléir cad a mbeifear ag súil go mbainfidh leanaí amach ag gach céim de shraith na bunscoile (agus meas ar nádúr <i>Churaclam na Bunscoile</i> atá dírithe ar leanaí agus comhtháite agus ag aithint go mbainfidh daltaí litearthacht amach i nGailge agus Béarla araon) • Cinntigh go bhfuil aire follasach agus córasúil i gcuraclam an Bhéarla ar theagasc agus measúnú na mórscoileanna ags straitéisí litearthachta, lena n-áirítear scoileanna béil agus cluaise, feacht fóneolaíoch/fóinéimeach, fónaic, focail a aithint, líofacht léitheoireachta, stór focal, tuiscint agus scríbhneoireacht le haird chuí ar scoileanna ísealoid agus ardoird a fhorbairt • Cinntigh go bhfuil soláthar sa churaclam d'fhorbairt na litearthachta trí chaidreamh le réimse de théacsanna (idir lieartha agus neamhliteartha) agus réimse de mheáin lena n-áirítear na meáin dhigiteacha • Cinntigh go bhfuil soláthar do thoighsí na mbuachaillí i gcuraclam na Gaeilge • Cinntigh go mbíonn léiriú níos iomláine sna ranna ar fad sa churaclam a bhaineann le ranganna naíonán ar na prionsabail atá mar bhunús leis an gcreat curaclaim <i>Aistear</i> d'fhonn leanúnas a chinntiú idir soláthar i suíomhanna COLÓ do leanaí trí bliana go ceithre bliana d'aois agus soláthar i ranganna naíonán • Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim scoláirí a léiríonn gnóthachtáil na dtorthaí foghlama sa churaclam chun cuidiú le múinteoirí leis an bhféinmheas agus meastóireacht mhúnlaiteach (deireadh na mblianta tosaigh/naíonáin, deireadh rang a dó, deireadh rang a ceathair, deireadh rang a sé) 	<p>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta</p> <p>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta</p>	<p>Eilimintí tosaigh an churaclam le bheith ar fáil ó 2014</p> <p>Gach leibhéal den churaclam le bheith ar fáil ó 2016</p> <p>Ar fáil de réir a chéile ó 2014 go 2016</p>

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Leasaigh curaclam na Gaeilge (L2) do bhunscoileanna chun na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo ó fhoghlaimoirí a shoiléiriú	<ul style="list-style-type: none"> Déan athbhreithniú ar ábhar churaclam na Gaeilge (L2) ag baint úsáide as cur chuige “torthaí foghlama”, ag rá go soiléir cad a mbeifear ag súil go mbainfidh leanaí amach ag gach céim de shraith na bunscoile (agus meas ar nádúr <i>Churaclam na Bunscoile</i> atá dírithe ar leanaí agus comhtháite agus ag aithint go mbainfidh daltaí litearthacht amach i nGailge agus Béarla araon) Cinntigh go bhfuil aire follasach agus córasach i gcuraclam an Bhéarla ar theagasc agus measúnú na mórscoileanna ags straitéisí litearthachta, lena n-áirítear scoileanna béil agus cluaise, feasacht fóneolaíoch/fóinéimeach, fónaic, focail a aithint, líofacht léitheoireachta, stór focal, tuiscint agus scríbhneoireacht le haird chúí ar scoileanna ísealoird agus ardoird a fhorbairt Cinntigh go bhfuil soláthar sa churaclam d’fhorbairt na litearthachta trí chaidreamh le réimse de théacsanna (idir lieaeartha agus neamhliteartha) agus réimse de mheáin lena n-áirítear na meáin dhigiteacha Cinntigh go mbíonn léiriú níos iomláine sna ranna ar fad sa churaclam a bhaineann le ranganna naíonán ar na príonsabail atá mar bhunús leis an gcreat curaclaim <i>Aistear</i> d’fhonn leanúnas a chinntiú idir soláthar i suíomhanna COLÓ do leanaí trí bliana go ceithre bliana d’aois agus soláthar i ranganna naíonáin 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Eilimintí tosaigh an churaclaim le bheith ar fáil ó 2016 Gach leibhéal den churaclam le bheith ar fáil ó 2018
	<ul style="list-style-type: none"> Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim scoláirí a léiríonn gnóthachtáil na dtorthaí foghlama sa churaclam chun cuidiú le múinteoirí leis an bhféinmheas agus meastóireacht mhúnlaiteach (deireadh na mblianta tosaigh/naíonáin, deireadh rang a dó, deireadh rang a ceathair, deireadh rang a sé) 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2016 go 2018

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Leasaigh eilimintí Churaclam na Bunscoile a bhaineann le ranganna naionán	<ul style="list-style-type: none"> • Mar atá thuas, leasaigh an curaclam don Bhéarla agus don Ghaeilge • Leasaigh a bhfuil sna hábhair eile seachas an Béarla, an Ghaeilge agus matamaitic chun comhsheasmhacht a dheimhniú leis an gcreat <i>Aistear</i> agus tacaíocht agus éascaíocht a dhéanamh don teagasc comhtháite d'ábhair ach go háirithe forbairt na teanga ar fud an churaclaim agus teagasc comhtháite réimsí an oideachais sóisialta, comhshaoil agus eolaíochta, oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus oideachas ealaíon • Cinntigh go bhfuil treoir bhreise ann do mhúinteoirí ar chur chuigí don teagasc agus foghlaim a mholtar sa chreat <i>Aistear</i> 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2014-2018
Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim leanaí sa mhatamaitic	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim scoláirí a léiríonn gnóthachtáil na dtorthaí foghlama sa churaclam matamaitice chun cuidiú le múinteoirí leis an bhféinmheas agus meastóireacht mhúnlaithreach (do dheireadh na mblianta tosaigh, deireadh rang a dó, deireadh rang a ceathair, deireadh rang a sé) • Cinntigh go bhfuil treoir bhreise ann sa churaclam do mhúinteoirí ar na cur chuigí a mholtar sa churaclam i réimsí ar nós meastachán, cruth agus spás, tomhais, úsáid na ngrúpaí comhoibríocha foghlama agus cur chuigí maidir le réiteach fadhbanna 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2014 go 2018
Tabhair treoir do mhúinteoirí ar an gcaoi is fearr le litearthacht agus uimhearthacht a fhorbairt thar na réimsí ábhair agus réimsí foghlama ar fad i gcuraclam na bunscoile	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair treoir do bhunmhúinteoirí (i bhformáidí ar líne agus/nó formáidí eile) ar an gcaoi is fearr le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a mhúineadh go héifeachtúil i gcomhthéacs na n-ábhar seachas Béarla, Gaeilge agus matamaitic 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2012-2016

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Méadaigh an t-am a chaitear ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta i mbunscoileanna	<ul style="list-style-type: none"> Eisigh treoir ón CNCM ar dháileadh ama leasaithe d'ábhair i gCuraclam na Bunscoile a chuirfidh breis ama ar fáil d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta Thar am, leasaigh na torthaí foghlama atá de dhíth in ábhair seachas Béarla, Gaeilge agus matamaitic chun an t-am laghdaithe atá ar fáil do na hábhair seo a chur san áireamh agus chun treoir a thabhairt ar na féideartheachtaí do theagasc agus foghlaim traschuraclaim. 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2016
	<ul style="list-style-type: none"> Go dtí go gcuirtear treoirlíne leasaithe ar dháileadh ama ar fáil ag an CNCM, eisigh imlitir de chuid na Roinne ag cur comhairle eatramhaigh ar bun maidir leis an bhfráma ama d'ábhair sa bhunscoil, agus go gcinnteoidh an chomhairle go mbeidh breis ama ann d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2011

Gníomhartha chun an taithí curaclaim agus foghlama ag leibhéal na hiar-bhunscoile a fheabhsú

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Tabhair tosaíocht do leasú na siollabas Béarla sa tsraith shóisearach agus scrúdú Béarla an Teastais Shóisearaigh	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair tosaíocht do leasú na siollabas Béarla (mar chuid den athchóiriú ar oideachas sa tsraith shóisearach) ag baint úsáide as cur chuige “torthaí foghlama”, ag sonrú go soiléir cad é a mbeifear ag súil leis go mbainfidh scoláirí amach • Cinntigh go nascann na siollabais leasaithe níos éifeachtúla leis na torthaí foghlama a luaitear don Bhéarla i gcuraclam na bunscoile agus go n-aithníonn na siollabais go mbainfidh na daltaí litearthacht amach sa Ghailge agus sa Bhéarla araon • Cinntigh go bhfuil aire follasach agus córasach sa siollabas ar theagasc agus measúnú réimse de scileanna litearthachta sa Bhéarla lena n-áirítear scileanna scileanna béil agus cluaise, líofacht léitheoireachta, straitéisí tuisceana léitheoireachta³, scileanna feasachta teanga lena n-áirítear gnéithe feidhmiúla agus struchtúrtha den teanga⁴, forbairt an stóir focail, scileanna scríbhneoireachta⁵ agus forbairt chúil ar scileanna ísealoird agus ardoird • Cinntigh go bhfuil soláthar sa siollabas d’fhorbairt na litearthachta i réimse de théacsanna (liteartha agus neamhliteartha) agus réimse de mheáin lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, agus cinntigh go bhfuil soláthar ann do thoighsí bhuachaillí 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim scoláirí a léiríonn gnóthachtáil na dtorthaí foghlama sa siollabas chun cuidiú le múinteoirí leis an bhféinmheas agus meastóireacht mhúnlaithreach 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir tacaí riachtanacha (ar líne agus eile) ar fáil chun tacú le cleachtas na múinteoirí i dteagasc an Bhéarla 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Leasaigh modhanna meastóireachta an Teastais Shóisearaigh don Bhéarla chun béim níos mó sa mheastóireacht ar scileanna litearthachta a chuimsiú 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stát	2017

³ lena n-áirítear an cumas chun freagairt go criticiúil, anailís a dhéanamh, measúnú, cur síos a dhéanamh, plé, fiosrú, athmhachnamh a dhéanamh, ceistiú, brí a bhaint

⁴ lena n-áirítear cumas sa litriú, poncaíocht, structúr abairte, eagrú ailt, feasacht ar choincheap stíle agus eolas ar bhunchoincheapa liteartha

⁵ lena n-áirítear an cumas chun cur in iúl, míniú, tuairimí a chosaint, teanga a úsáid atá cuí don chomhthéacs agus lucht éisteachta i réimse d’fhoirmeacha liteartha

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Tabhair tosaíocht do leasú na siollabas Gaeilge sa tsraith shóisearach agus scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair tosaíocht do leasú na siollabas Gaeilge (mar chuid den athchóiriú ar oideachas sa tsraith shóisearach) ag baint úsáide as cur chuige “torthaí foghlama”, ag sonrú go soiléir cad é a mbeifear ag súil leis go mbainfidh scoláirí amach • Cinntigh go nascann na siollabais leasaithe níos éifeachtúla leis na torthaí foghlama a luaitear don ábhar i gcuraclam na bunscoile agus go n-aithníonn na siollabais go mbainfidh na daltaí litearthacht amach sa Ghailge agus sa Bhéarla araon • Cinntigh go bhfuil aire follasach agus córasach sna siollabais ar theagasc agus measúnú réimse de scileanna litearthachta sa Ghaeilge lena n-áirítear scileanna scileanna béil agus cluaise, líofacht, straitéisí tuisceana léitheoireachta⁶, scileanna feasachta teanga lena n-áirítear gnéithe feidhmiúla agus struchtúrtha den teana⁷, forbairt an stór focail agus scileanna scríbhneoireachta⁸ • Cinntigh go bhfuil soláthar sna siollabais d’fhorbairt na litearthachta i réimse de théacsanna (liteartha agus neamhliteartha) agus réimse de mheáin lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, agus cinntigh go bhfuil soláthar ann do thoighsí na scoláirí ar fad, buachaillí san áireamh • Cinntigh go bhfuil soláthar sna siollabais do shianriachtanais litearthachta scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge, lena n-áirítear a scileanna cognaíocha agus snaointeoireachta ardoird 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair samplaí de shaothar agus foghlaim scoláirí a léiríonn gnóthachtáil na dtorthaí foghlama sna siollabais chun cuidiú le múinteoirí leis an bhféinmheas agus meastóireacht mhúnlaithreach 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir tacaí riachtanacha (ar líne agus eile) ar fáil chun tacú le cleachtas na múinteoirí i dteagasc na Gaeilge 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar fáil de réir a chéile ó 2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Leasaigh modhanna meastóireachta an Teastais Shóisearaigh don Ghaeilge chun béim níos mó sa mheastóireacht ar scileanna litearthachta a chuimsiú 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit	2017

⁶ lena n-áirítear an cumas chun freagairt go criticiúil, anailís a dhéanamh, measúnú, cur síos a dhéanamh, plé, fiosrú, athmhachnamh a dhéanamh, ceistiú, brí a bhaint

⁷ lena n-áirítear cumas sa litriú, poncaíocht, structúr abairte, eagrú ailt, feasacht ar choincheap stíle agus eolas ar bhunchoincheapa liteartha

⁸ lena n-áirítear an cumas chun cur in iúl, míniú, tuairimí a chosaint, teanga a úsáid atá cuí don chomhthéacs agus lucht éisteachta i réimse d’fhoirmeacha liteartha

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Lean le forbairt agus cur i bhfeidhm Thionscadal Mata	<ul style="list-style-type: none"> Lean le Tionscadal Mata a chur i bhfeidhm agus déan monatóireacht ar thionchar an fhorfheidhmithe ar chaighdeán a bhaintear amach sa mhatamaitic ag baint úsáide as réimse de tháscairí, lena n-áirítear taighde a ordaítear, measúnú téamach ag an gCigireacht agus tástáil samplaí náisiúnta sa chéad agus sa dara bliain Oibrigh i dtreo forfheidhmithe na moltaí i dTuairisc Ghrúpa Tacaíochta Forfheidhmithe Thionscadal Mata 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus scoileanna	Cur i bhfeidhm an tsíollabais le bheith críochnaithe don chohórt scoláirí ag tosú Meán Fómhair 2013
Cinntigh go dtógann forbairt an churaclaim sa tsraith shinsearach ar an mbéim atá ar litearthacht agus uimhearthacht sna leasaithe sa tsraith shóisearach	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh, maidir le gach leasú ar shíollabais sa tsraith shinsearach: <ul style="list-style-type: none"> go bhféachann siad le tógáil ar na scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbraíonn scoláirí sa tsraith shóisearach go n-áiríonn siad sainriachtanais maidir le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta ar fud na n-ábhar ar fad go n-úsáideann siad cur chuige na dtorthaí foghlama ina gcur i láthair go dtugann siad treoir do mhúinteoirí chun tacú le Measúnú don bhFoghlaim agus Measúnú ar an bhFoghlaim sa litearthacht agus uimhearthacht 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Ar siúl
Méadaigh an t-am atá ar fáil chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta scoláirí a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh, mar chuid den athchóiriú ar an tsraith shóisearach go gcuirtear go leor ama ar fáil d'fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta Go dtí go mbeidh athchóiriú iomlán ann ar an tsraith shóisearach, mar bheartas eatramhach tabhair isteach teorainn ar líon na n-ábhar is féidir le scoláire a thógáil i scrúdú an Teastais Shóisearaigh d'uasmhéid ocht n-ábhar (agus Gaeilge, Béarla agus matamaitic ina measc) le feidhm don chohórt scoláirí ag dul isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2013 Méadaigh an t-am a thugtar to theagasc na matamaitice chuig íosmhéid cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine (i.e. ceann in aghaidh an lae) Éiligh go ndéanfar matamaitic a theagasc go rialta le linn na hIdirbhliana 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2013

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh go dtugann siollabais athchóirithe do na hábhair ar fad treoir ar leith ar an gcaoi inar féidir le múinteoirí scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt ar fud an churaclaim 	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	De réir mar a leasaítear siollabais

7. AG CUIDIÚ LE SCOLÁIRÍ LE RIACHTANAIS FOGHLAMA BREISE A GCUMAS A BHAIN AMACH

Tá cuidiú breise de dhíth ar leanaí áirithe chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhoghlaim

Tugann *Litearthacht agus Uimhearthacht don Foghlaim agus don Saol* cur síos ar an gcaoi ina gcuirimid feabhas ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta do na leanaí agus daoine óga ar fad. Mr sin féin, tá a fhios againn go bhfuil leibhéil tacaíochta i bhfad níos mó de dhíth ar leanaí áirithe chun a gcumas a bhaint amach. Leagann an chaibidil seo amach an chaoi ina n-oibreoidimid chun ligean do na daoine óga seo na scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fháil atá de dhíth orthu chun dul chun cinn a dhéanamh sa chóras oideachais agus chun feidhmiú go héifeachtúil sa sochaí.

Tugann an chaibidil aghaidh ar na riachtanais atá ag ceithre ghrúpa ach go háirithe, is iad sin:

- Leanaí agus daoine óga ag freastal ar scoileanna a fhreastalaíonn ar phobail áit a bhfuil tiúis arda de mhíbhuntáste shóisialta agus eacnamaíoch, baill den Lucht Siúil san áireamh
- Leanaí inimirceach nach í teanga na scoile a gcéad teanga
- Leanaí agus daoine óga le riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear leanaí ardchumais
- Daoine óga a d'fhág an scoil go luath agus a dtugann ionaid don oideachas an dara seans dóibh scileanna litearthachta, uimhearthacht a agus scileanna riachtanacha eile a fháil.

Cuireann míbhuntáiste shóisialta, eacnamaíoch agus oideachais as do dhaoine óga áirithe go díréireach

Is dóichí go mór go mbeidh deacrachtaí ag leanaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch i ngnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta ná leanaí eile. Tá iliomad cúiseanna ann do ghnóthachtáil lag an ghrúpa seo de leanaí agus daoine óga, atá lag, a bheag nó a mhór. Baineann cuid de na cúiseanna seo leis an mbochtanas, droch-thithíocht agus droch-shláinte, agus dífhostaíocht na dtuismitheoirí. I gcásanna áirithe, ní raibh taithí mhaith oideachais ag na tuismitheoirí féin san am atá thart nó, mar atá le neart tuismitheoirí ón Lucht Siúil, b'fhéidir nach raibh an deis acu páirt a ghlacadh ar scoil thar tréimhse mharthanach le linn a n-óige. B'fhéidir gurb é

miangas na dtuismitheoirí seo go n-éireoidh go maith lena leanaí ar scoil ach nach mbeidh eolas acu ar an gcóras oideachais go ginearálta agus ar na gcaoi is fearr chun tacú le foghlaim a leanaí ó na luathbhlianta ar aghaidh go haosacht. Go minic bailítear na tosca seo agus tosca eile agus maireann siad thar tréimhsí fada ama, go minic ó ghlúin go glúin.

Leanfaimid ag tacú le riachtanais na leanaí agus daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste

Dúshlán ollmhór is ea é aghaidh a thabhairt ar na tosca sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha ar bhealach a bheidh in ann timthriall na bochtaineachta agus na míbhuntáiste oideachais a bhriseadh. Tá neart de na tosca a bhaineann leis i bhfad amach ó scoileanna agus ón gcóras oideachais. Ní chaitheann scoláirí ach cuid bheag den am ar scoil agus tá tionchar ollmhór ag a dtarlaíonn lasmuigh de gheataí na scoile ar a bhfoghlaim. Mar sin féin, is féidir le scoileanna agus an córas oideachais difir a dhéanamh, agus déanann, do sheansanna saoil leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Díríonn na gníomhartha a leagaimid amach sa chaibidil seo ar an méid is féidir linn a dhéanamh laistigh den chóras oideachais chun an mhíbhuntáiste oideachasúil a mhaolú agus chun cuidiú le leanaí agus daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste na scoileanna litearthachta agus uimhearthachta atá riachtanach a shealbhú, tá a fhios againn, dá leas amach anseo agus, go deimhin, do leas a leanaí amach anseo.

Ní mór dúinn tacaíocht a dhíriú orthu siúd is mó atá i mbaol teipe

Cé go bhfuil leanaí agus daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch i dtromlach na scoileanna, is féidir go mbeidh “éifeacht iolraitheora” i bhfeidhm ar scoileanna ina bhfuil tiúis arda de scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch. Sna scoileanna seo, mar thoradh ar nádúr dlúth na míbhuntáiste bíonn gnóthachtáil atá níos measa go mór ag na scoláirí seo ná mar a bheadh ann dá mbeidís ag freastal ar scoileanna nach bhfuil an mhíbhuntáiste shoch-eacnamaíoch chomh coitianta. Tá siad níos mó i mbaol teipe na scoileanna litearthachta agus uimhearthachta sásúla a fháil agus an scoil a fhágáil go luath agus gan cáilíochtaí. Is ar an gcúis sin a dhírítear acmhainní atá feabhsaithe go suntasach ar roinnt scoileanna faoi thionscnamh na Roinne *Delivering Equality of Opportunity in Schools* (DEIS), agus, i scoileanna eile, tacaítear le riachtanais foghlama na scoláirí a thagann ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch le soláthar de mhúinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama agus tionscnaimh eile. Tá sé ríthábhachtach gnóthachtáil oideachais na scoláirí seo is lú feidhme is mó atá i mbaol teipe toisc gur féidir tionchar ollmhór atá ag an bhfeabhsú ar sheansanna saoil na ndaoine óga seo agus toisc go gcothaíonn sé cothromas níos mó sa chóras oideachais agus sa sochaí i gcoitinne.

Téann “éifeacht iolraitheora” i bhfeidhm ar scoileanna ina bhfuil tiúis arda de scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch....

....mar thoradh ar nádúr dlúth na míbhuntáiste bíonn gnóthachtáil atá níos measa go mór ag na scoláirí seo ná mar a bheadh ann dá mbeidís ag freastal ar scoileanna nach bhfuil an mhíbhuntáiste shoch-eacnamaíoch chomh coitianta

Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna - Delivering Equality of Opportunity in Schools (DEIS)

Tá gnóthachtáil sna torthaí litearthachta agus uimhearthachta i measc na mór-réimsí ina bhfuiltear ag súil go bhfeabhsóidh scoileanna agus iad á dtacú ag tionscnamh DEIS

Cuireann DEIS soláthar feabhsaithe foirne ar fáil, chomh maith le hacmhainní airgeadais breise, rochtain ar thionscnaimh speisialta i bhforbairt na litearthachta agus na huimhearthachta, agus deiseanna dírithe um forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Féachann DEIS le roinnt tionscnaimh éagsúla a thabhairt le chéile ar bhealach chomhtháiteach chun feabhas a chur ar thorthaí foghlama do scoláirí. Aithníonn DEIS go bhfuil cúinsí éagsúla i scoileanna éagsúla, agus go gcaithfidh scoileanna freagraí éagsúla a úsáid chun riachtanais a scoláirí agus a bpobal a shásamh.

I gcróilár an tionscnaimh DEIS is ea an deis agus an riachtanas do scoileanna a riachtanais féin a chinneadh, a spriocanna féin a leagadh amach, agus acmhainní a úsáid de réir mar a cheapann siad is fearr. Tá gnóthachtáil na dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta ar na mór-réimsí ina bhfuiltear ag súil go bhfeabhsóidh scoileanna agus iad á dtacú ag an tionscnamh DEIS. Leagtar béim láidir ar scoileanna ag bunú a gcuid sonraí bonnlíne, ar spriocanna agus gníomhartha a leagadh amach, agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thorthaí.

Ní mór dúinn ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí DEIS go dtí seo

Tugann an taithí atá faighte againn trí thionscnamh DEIS go dtí seo treoir thábhachtach dúinn de réir mar a fhéachaimid le leannúint ag dul i ngleic le dlúth-mhíbhuntáiste shóisialta, eacnamaíoch agus oideachasúil i scoileanna. Thosaigh cur i bhfeidhm DEIS i 2005 agus leathnaíodh an tionscnamh de réir a chéile chun raon leathan de thionscnaimh i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna roghnaithe a chuimsiú. Mar chuid den tionscnamh DEIS, d'iarr an Roinn ar an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na beartais agus tacaí a cuireadh ar fáil do scoileanna faoi DEIS. Chomh maith leis sin, iarradh ar Chigireacht na Roinne measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a bhí scoileanna i gcuaspóirí a aithint agus a leagadh amach d'fheabhsú, in athruithe a chur i bhfeidhm ar a gcleachtas, agus sa mhonatóireacht ar a n-éifeachtúlacht i bhfíor-fheabhsuithe a bhaint amach i dtorthaí foghlama do scoláirí. Iarradh ar an gCigireacht freisin samplaí den deachleachtas a aithint áit a raibh ag éirí go suntasach le scoileanna DEIS caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú.

Tugann an fhianaise atá ag teacht amach le fios go bhfuil tionchar dearfach ag na tacaí a thugann DEIS i neart scoileanna.

Tugann an fhianaise atá ag teacht ó mheasúnú FTO le fios go bhfuil tionchar dearfach ag raon na dtacaí a thugtar do scoileanna. Mar shampla, tugann na tortaí luath le fios go bhfuil ag éirí le scoileanna arduithe suntasacha a thaispeáint i bhfeabhsú fhoghlaim scoláirí is measa atá ag feidhmiú sa litearthacht (iad siúd atá ag scóráil ag an 10ú peircintíl nó níos ísle i dtástálacha litearthachta). Tagraíonn an measúnú freisin do rannpháirtíocht dhearfach ag foireann scoile le réimse tacaí a chuirtear ar fáil faoi gclár tacaíochta scoile. Taispeánann an fhianaise ó mheastóireachtaí na Cigireachta ar scoileanna DEIS go bhfuil ag éirí le roinnt scoileanna spriocanna réalaiócha a

leagadh síos d'fheabhsú agus na hacmhainní a úsáid chun na feabhsúcháin atá pleanáilte a chur ar fáil. D'fhoilsigh an Chigireacht cur síos ar ocht scoil inar úsáideadh tionscnaimh éagsúla go rathúil chun caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú in *Effective Literacy and Numeracy Practices in DEIS Schools* sa bhliain 2009. Mar sin féin, léirigh meastóireachtaí na Cigireachta nach raibh ag éirí go huilíoch le scoileanna DEIS caighdeáin gnóthachtála a ardú, d'ainneoin go raibh na dúshláin céanna ann agus na tacaí céanna á fháil acu. Mar sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go scaipfear an deachleachtas in úsáid na n-acmhainní DEIS agus go gcuirtear an dúshlán faoi na scoileanna ar fad na torthaí is fearr a sholáthar do scoláirí.

Níl ag éirí go huilíoch le scoileanna DEIS caighdeáin gnóthachtála a ardú, d'ainneoin go raibh na dúshláin céanna ann agus na tacaí céanna á fháil acu

Taispeánann *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* conas a leanfaimid ag tacú le scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste shóisialta, eacnamaíoch agus oideachais trí sholáthar DEIS atá ann cheana, ach freisin a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as na hacmhainní breise a thugtar do scoileanna DEIS. Ina theannta sin, ní mór dúinn breisoiliúint a thabhairt do mhúinteoirí maidir le riachtanais foghlama na scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Ní mór don fhorbairt ghairmiúil (tosaigh agus leanúnach araon) cuidiú le múinteoirí agus príomhoidí na cur chuigí is oiriúnaí agus is éifeachtúla a úsáid leis na scoláirí seo. Ní mór do mhúinteoirí agus príomhoidí tuiscint go hiomlán conas is fearr caidreamh éifeachtúil a chothú idir scoil agus an baile.

Ní mór dúinn tacú le scoláirí nach labhraíonn Béarla nó Gaeilge sa bhaile

Tugann leanaí d'inimircigh, nach í teanga na scoile a gcéad teanga, éagsúlacht chuig scoileanna a bhfuil fáilte roimhe agus a bhfuil an cumas ann feacht teanga a ardú ar fud na scoile. Mar sin féin, tá tacaíocht teanga breise de dhíth ar na scoláirí seo a thógann ar a n-eolas ar an mháthairtheanga chun torthaí níos fearr litearthachta agus uimhearthachta a fháil sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Le blianta beaga anuas, tagann líon níos mó de leanaí atá ag freastal ar shuíomhanna chúram agus oideachais na luathóige (COLÓ) agus scoileanna ó theaghlaigh mar sin agus bíonn orthu teanga na scoile – Béarla nó Gaeilge – a fhoghlaim mar theanga bhreise.

Tá tacaíocht teanga bhreise de dhíth ar scoláirí nach í teanga na scoile a gcéad teanga chun torthaí litearthachta agus uimhearthachta a bhaint amach

Bhí thart ar 12 faoin gcéad de scoláirí bunscoile agus thart ar 10 faoin gcéad de scoláirí iarbhunscoile ó chúlra inimirceach sa bhliain 2009/10. Tá méadú ag teacht ar na huimhreacha le deich bliana anuas. Tá scoláirí inimirceacha ag beagnach gach iar-bhunscoil agus ag thart ar 60 faoin gcéad de bhunscoileanna. Tagann na scoláirí inimirceacha ó bhreis agus 160 tír agus labhraíonn siad suas le 200 teanga. Meastar go bhfuil thart ar 70 go 75 faoin gcéad de na scoláirí nach labhraíonn an Bhéarla mar chéad teanga. Tá moilliú suntasach tagtha ar an ráta lena bhfuil teaghlaigh nua ag teacht chun na hÉireann ó na leibhéil a chonacthas le blianta beaga anuas ach fós tagann líon suntasach de scoláirí isteach sa chóras scolaíochta ó theaghlaigh nach bhfuil an Béarla nó an Ghaeilge mar phríomhtheanga iontu.

Cé go mb'fhéidir go mbainfidh roinnt scoláirí leibhéal cumais amach sa Bhéarla nó sa Ghaeilge agus go mbeidh siad in ann comhrá a dhéanamh go sóisialta, d'fhéadfadh sealbhú na teanga cumarsáide acu easnamh a cheilt sna scileanna teanga acadúla atá de dhíth chun go n-éireoidh leo ar scoil. Bac eile do scoláirí inimirceacha is ea easpa eolais a tuismitheoirí ar an mBéarla, i gcásanna áirithe, agus ar chóras oideachais na hÉireann. Thaispeáin torthaí na dtástálacha PISA 2009 de chuid an ECFE go soiléir, mar a tharlaíonn le scoláirí inimirceacha i dtíortha eile, nach bhfeidhmíonn scoláirí inimirceacha chomh maith sa litearthacht agus san uimhearthacht lena gcomhpháirtithe dúchais. Tá béim leagtha ag an ECFE ar an ngá le hacmhainní a dhíriú ar scoláirí inimirceacha nach labhraíonn Béarla ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle. Freisin deir sé go dtaispeánanna an taithí i dtíortha eile gur féidir le scoláirí inimirceacha den dara glúin, ach go háirithe, a bheith i mbaol gnóthachtáil íseal a dhéanamh.

Ní mór dúinn acmhainní a úsáid chun tacú níos éifeachtúla le scoláirí BTB (EAL)

Ní mór dúinn an bealach ina n-úsáidimid na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu a leasú

Faoi láthair caitheann an Roinn Oideachais agus Scileanna thart ar €73m in aghaidh na bliana ar thacaí a chur ar fáil don Bhéarla mar theanga bhreise trí sholáthar de bhreis agus 1,150 múinteoir BTB (Béarla mar Theanga Bhreise) sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do scoileanna tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus seirbhísí tacaíochta eile. Tá acmhainní suntasacha eile ar fáil do scoileanna agus tuismitheoirí atá inrochtanach ar shuíomh gréasáin CNCM agus trí AIM – stór eolais ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Taispeánann athbhreithniú um luach ar airgead (LAA) ar éifeachtúlacht na dtacaí reatha do scoláirí BTB go ndeachaigh codán an-ard den chaiteachas seo ar mhúinteoirí breise a sholáthar. Cé gur féidir a bheith, agus go bhfuil, ról luachmhar ag múinteoirí dá leithéid, mhol an staidéar LAA go mbeadh an caiteachas níos éifeachtúla dá ndíreofaí codán níos mó de ar fheabhas a chur ar chumas na múinteoirí ar fad chun freagairt do riachtanais foghlama na scoláirí BTB agus codán níos lú caite ar mhúinteoirí BTB breise. Luaigh an staidéar gurb é seo an cleachtas i dTuaisceart Eireann áit a raibh rath nach beag ar chur ar mhúinteoirí agus scoileanna an tábhacht a bhaineann leis na múinteoirí *uilig* ag glacadh páirt i dtacú le forbairt teanga, lena n-áirítear, ach go háirithe, múinteoirí atá ina speisialtóirí ábhair ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Tugann sé seo le fios go gcaithfimid fócas an leithdháiltea athrú, agus úsáid níos dírithe a chothú, maidir le acmhainní atá ar fáil do scoláirí gur teanga bhreise í an Béarla dóibh, trí bhéim níos mó a chur ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí, lena n-áirítear aonaid éigeantacha ar theagasc leanaí agus dhaoine óga gur teanga bhreise í an Béarla dóibh sa bhunoideachas agus beidh sé riachtanach rochtain a sholáthar ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí atá ag freastal sa réimse seo ichun torthaí foghlama a fheabhsú do na scoláirí seo.

Ní mór dúinn leanúint ag tacú le leanaí le riachtanais speisialta oideachais

Is gá tacú le leanaí le riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear leanaí ardchumais, ar bhealaí éagsúla. Ba chóir dóibh an scoil a fhágáil leis na scileanna atá riachtanach chun páirt a ghlacadh, ag teacht le leibhéal a gcumais ar bhealach cuimsitheach, i ngníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha an tsochaí agus chun saol atá neamhspleách agus iomlán a chaitheamh.

I measc na scoláirí seo tá scoláirí le míchumais foghlama ginearálta, iad siúd atá bodhar/le heasnamh éisteachta, scoláirí le disléicse, scoláirí le deacrachtaí mothúcháin agus iompraíochta agus scoláirí le cineálacha eile míchumais. Maidir le scoláirí atá ag freastal ar scoileanna speisialta, agus, ach go háirithe, scoileanna speisialta do leanaí le géar- agus dian-dheacrachtaí foghlama, tabharfaidh siad aghaidh ar dhúshláin níos mó fós chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta a shealbhú. Cé nach mbeidh deacrachtaí ag leanaí agus daoine óga ardchumais scileanna litearthachta agus uimhearthachta a shealbhú, ní mór dúinn an taithí oideachais a leasú chun ligean dóibh a gcumas a bhaint amach.

Is é cuspóir na straitéise seo ná gnóthachtáil i dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta a ardú do na scoláirí uilig, iad siúd le riachtanais speisialta oideachais san áireamh. Mar an gcéanna le gach scoláire, ba chóir cumas foghlama scoláirí le riachtanais speisialta oideachais a aithint agus a fhorbairt a mhéid agus is féidir. Scileanna riachtanacha is ea measúnú, idirdhealú agus pearsanú sa teagasc agus foghlaim do na múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ uilig i ngach comhthéacs ach tá tábhacht ar leith leo i gcás na leanaí agus na scoláirí le riachtanais speisialta oideachais.

Is é cuspóir na straitéise seo ná gnóthachtáil i dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta a ardú do na scoláirí uilig, iad siúd le riachtanais speisialta oideachais san áireamh

Ní mór dúinn na hacmhainní atá ann cheana a úsáid don toradh is fearr

Tá thart ar 10,000 post múinteora breise leithdháilte ag an Roinn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna chun breis teagaisc tacaíochta a sholáthar do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais agus scoláirí le gnóthachtáil íseal sa litearthacht agus san uimhearthacht. Áiríonn na poist seo múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne faoin Samhail um Dháileadh Ginearálta agus múinteoirí acmhainne do leanaí le riachtanais speisialta oideachais íosmhínicíochta at leibhéal na bunscoile, agus d'iar-bhunscoileanna, múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne do riachtanais speisialta oideachais. Ina theannta sin, tá thart ar 1,000 múinteoir dáilithe ar scoileanna speisialta.

Leantar d'infheistíocht nach beag a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach do mhúinteoirí i réimse na riachtanas speisialta oideachais. Cuimsíonn roinnt cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí modúil ar scoláirí le riachtanais

speisialta oideachais a theagasc. Mar sin féin, níl na modúil seo ar fáil ar na cláir oiliúna tosaigh do mhúinteoirí ar fad agus ní mór aghaidh a thabhairt ar an easnamh seo agus oideachas múinteoirí á athchóiriú. Tá sainchlár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí atá ag freastal ar fáil ag leibhéal na hiarchéime. Cuireann seirbhís tacaíochta na Roinne tuilleadh cúrsaí ar fáil do mhúinteoirí agus treoircháipéisí don dea-cheleachtas in úsáid na múinteoirí i réimse an oideachais speisialta. Beidh ar mhúinteoirí leanúint ag rochtain na gclár forbartha gairmiúla seo agus ag dul i gcomhairle na gcáipéisí treorach seo. Tá sé fíor-riachtanach go mbainfidh scoileanna úsáid as acmhainní foirne ar an mbealach is fearr chun go mbeidh an tionchar agus leas is fearr acu do scoláirí. Ach go háirithe, tá sé tábhachtach go n-oibríonn múinteoirí príomhshrutha agus múinteoirí speisialta i gcomhair lena chéile agus le tuismitheoirí chun cláir dhírithe sa litearthacht agus san uimhearthacht do dhaltaí le riachtanais foghlama a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.

Tá neart le baint amach freisin ó idirghníomh agus comhoibriú níos mó ar fud na seirbhísí Oideachais agus Sláinte. Tá argóint áititheach déanta ag teiripeoirí urlabhra agus teanga (SLT) go bhféadfadh comhoibriú thar disciplíní ag an leibhéal réamh-sheirbhíse a bheith chun leasa theiripeoirí agus múinteoirí araon. Ag leibhéal na scoile agus réamhscoile, dá mbeadh idirghníomh níos cóngaraí idir SLT, múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ d'fhéadfaí torthaí litearthachta níos fearr a bhaint amach do leanaí le riachtanais speisialta oideachais agus dóibh siúd a bhfuil moill forbartha dhíomuan san urlabhra agus sa teanga acu mar thoradh ar a gcúlra faoi míbhuntáiste nó cúiseanna eile.

Cuireann Ógtheagmháil (*Youthreach*) oideachas “dara seans” ar fáil do lucht luathfhágála scoile

Déanann Ógtheagmháil soláthar do roinnt d’ár ndaoine óga is mó atá i mbaol, cuid mhór díobh ag teacht ó chúlraí de mhíbhuntáiste iolrach agus tacaíocht de dhíth orthu ar iliomad bealaí. Ó bunaíodh é sna 1980í, eilimint an-tábhachtach de chóras oideachais is ea Ógtheagmháil, ag freastal ar scoláirí a fhágann an scoil go luath, agus anois freastalaíonn sé ar bheagnach 6,000 foghlaimeoirí in ionaid Ógtheagmháil CGO agus Ionaid Oiliúna Pobail FÁS go náisiúnta.

Ceann de na dúshláin is mó atá roimh Ógtheagmháil ná scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt

Tá deacrachtaí suntasacha litearthachta agus uimhearthachta ag codán nach beag de na foghlaimeoirí in Ógtheagmháil. Ceann de na dúshláin is mó atá roimh Ógtheagmháil ná scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt. Tá a fhios againn go n-éilíonn an soláthar don litearthacht agus don uimhearthacht in ionaid don oideachas leibhéal níos airde de scileanna gairmiúla agus díriú níos mó ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí aonair. Ní mór dúinn, mar sin, deiseanna forbartha gairmiúla – ar nós iad siúd a chuirtear ar fáil faoi láthair do mhúinteoirí i scoileanna – a chur ar fáil d’oiliúnóirí litearthachta agus uimhearthachta ag obair in ionaid a chuireann an clár Ógtheagmháil ar fáil.

In Ógtheagmháil, creat solúbtha is ea an curaclam ar a dtógtar gníomhartha foghlama; ach go háirithe ba chóir go mbeadh an curaclam ábhartha, dúshlánach agus samhlaíoch. Cuimsíonn deachleachtas forbairt ar ollphlean gníomhaíochta aonair a thógann ar shuimeanna agus cumais, agus a dheimhníonn agus a dhéanann caidreamh leis an bhfoghlaimoír. Baintear úsáid as iliomad modheolaíochtaí agus gníomhartha comhtháite, ar nós tograí foirne agus idirdhisciplíneacha. Déantar gnéithe ar nós forbairt phearsanta, treoir, bunscileanna agus cothú sláinte a chomhtháthú sa churaclam ginearálta agus cothaítear nuálaíocht agus cruthaitheacht tríd síos. Ach go háirithe, tá cur chuigí comhtháite ionad-uile don litearthacht agus don uimhearthacht agus don fhorbairt phearsanta fíor-riachtanach.

Gné lárnach is ea forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) a bhfuil an-rath air i bhfreastal go solúbtha ar riachtanais fhoghlaimoírí aonair laistigh d'oidéachas príomhshrutha. Ba chóir ionaid Ógtheagmháil a spreagadh, nuair is cú, chun an clár CSTS a thairiscint mar chuid de churaclam solúbtha agus cur chuige comhtháite ionad-uile. Thabharfadh sé seo fócas freisin d'oiliúint na foirne Ógtheagmháil i dteagasc agus measúnú dhul chun cinn daoine óga sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Gníomhartha chun cuidiú le scoláirí le riachanais foghlama breise a gcumas sa litearthacht agus san uimhearthacht a bhaint amach

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Leanúint ag tacú le soláthar feabhsaithe litearthachta agus uimhearthachta do scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíocha agus oideachais	<ul style="list-style-type: none"> Lean ag tacú le soláthar chúram agus oideachas na luathóige tríd an gclár saor in aisce COLÓ 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ar siúl
	<ul style="list-style-type: none"> Lean ag tacú le soláthar feabhsaithe don litearthacht agus don uimhearthacht i scoileanna DEIS Banda 1 agus DEIS Banda 2, ag baint úsáide as réimse leathan de thionscnaimh agus tacaí 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> I bhfianaise na measúnuithe ar scoileanna DEIS le déanaí, díriú tacaí DEIS in iar-bhunscoileanna sa tsraith shóisearach 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh go gcuimsíonn na cúrsaí tosaigh um oiliúint múinteoirí agus clár oiliúna COLÓ módúil éigeantacha chun cuidiú le múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhair leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus na hEagraíochtaí Cáiliúcháin	Ó 2013
	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh go bhfuil rochtain ag múinteoirí agus príomhoidí ag freastal ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus treoir ar riachtanais foghlama scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> Dreasaigh cleachtóirí COLÓ i suíomhanna COLÓ maoinithe ag an stát gabháil don bhforbairt ghairmiúil leanúnach d'fhonn cur lena gcumas freastal ar riachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ó 2013
	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint le deiseanna dírithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil i dtionscnaimh a fheabhsaíonn teagasc, foghlaim agus measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta i scoileanna DEIS 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> Feabhsaigh scileanna múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ i measúnú, monatóireacht agus clárú na dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta do scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste Cinntigh go dtugann scoileanna tús áite do rianú, measúnú agus anailís ar ghnóthachtáil na scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste mar chuid de phróiseas na scoile um fhéin-mheasúnú agus feabhsú 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> Spreag lucht bainistíochta na suíomhanna COLÓ agus scoileanna agus a bprobail chun gnásanna a chur ar bun d'fhonn cuidiú le scoileanna agus suíomhanna COLÓ obair go comhoibríoch le tuismitheoirí chun feabhas a chur ar fhoghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta. 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ó 2012-13
Athchothromaigh na tacaí a chuirtear ar fáil chun freastal ar riachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí BLB	<ul style="list-style-type: none"> Tóg ar thátail an staidéir LAA ar sholáthar BLB agus athchuir in ord tosaíochta caiteachas ar thacaí do scoláirí BLB chun soláthar a dhéanamh do thógáil scileanna na múinteoirí agus cumas scoile uile ar BLB agus comhtháthú; áireoidh sé seo codán níos mó den mhaoiniú agus den fhoireann atá ar fáil do FGL ar cheisteanna BLB agus comhtháthaithe agus laghdú sna múinteoirí leithdháilte ar scoileanna do BLB 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ar siúl
	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh go n-áiríonn na cúrsaí oiliúna múinteoirí tosaigh agus clár oiliúna COLÓ uilig módúil éigeantacha chun <ul style="list-style-type: none"> cuidiú le múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ aghaidh a thabhairt ar na sainriachtanais foghlama um litearthacht agus uimhearthacht atá ag scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu feasacht a ardú i measc múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ go mbeidh roinnt scoláirí inimirceacha ag fáil tacaíochta neamhfhoirmiúla ina máthairtheanga i suíomhanna oideachais lasmuigh den scoil 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus na hEagraíochtaí Cáiliúcháin	Ó 2013
	<ul style="list-style-type: none"> Cinntigh go bhfuil rochtain ag múinteoirí agus príomhoidí atá fostaithe ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus treoir ar riachtanais foghlama scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu a shásamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> Spreag soláthraithe oiliúna múinteoirí agus/nó soláthraithe um fhorbairt ghairmiúil leanúnach cáilíochtaí iarchéime a chur ar fáil do theagasc an Bhéarla mar theanga bhreise 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhair le soláthraithe oideachais múinteoirí agus/nó soláthraithe forbartha forbartha gairmiúla leanúnacha	Ó 2014
	<ul style="list-style-type: none"> Cothaigh úsáid na dtreoirlínte agus acmhainní ar líne atá ar fáil do scoileanna ar an dea-chleachtas i dtacú le riachtanais scoláirí scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu 	An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhair le soláthraithe oideachais múinteoirí agus/nó soláthraithe forbartha forbartha gairmiúla leanúnacha	Ó 2011

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> • Feabhsaigh scileanna na múinteoirí sa mheasúnú, monatóireacht agus clárú na dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta do scoláirí BLB • Cinntigh go dtugann scoileanna tús áite do rianú, measúnú agus gnótháchtáil scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu mar chuid de phróiseas na scoile um fhéin-measúnú agus feabhsú 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13
Lean ag tacú le soláthar feabhsaithe um litearthacht agus uimhearthacht do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, scoláirí ardchumais san áireamh	<ul style="list-style-type: none"> • Lean ag tacú le riachtanais foghlama scoláirí le riachtanais speisialta oideachais aitheanta trí mhúinteoirí agus múinteoirí tacaíochta foghlama a sholáthar • Lean ag tacú le rochtain ar fhoghlaim do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais aitheanta trí chuntóirí riachtanas speisialta a sholáthar 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ar siúl
	<ul style="list-style-type: none"> • Cinntigh go n-áiríonn gach cúrsa um oiliúint múinteoirí tosaigh agus clár oiliúna COLÓ módúil éigeantacha chun cuidiú le múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ dul i ngleic le sainriachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí le riachtanais speisialta oideachais 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na hEagraíochtaí Cáiliúcháin	Ó 2013
	<ul style="list-style-type: none"> • Dreasaigh cleachtóirí COLÓ maoinithe ag an stát chun gabháil don bhforbairt ghairmiúil leanúnach le feabhas a chur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí le riachtanais speisialta oideachais 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2013
	<ul style="list-style-type: none"> • Cinntigh go bhfuil rochtain ag múinteoirí agus príomhoidí atá fostaithe ar chúrsaí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus treoir ar riachtanais foghlama scoláirí le riachtanais speisialta oideachais a shásamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe FGL	Ó 2013
	<ul style="list-style-type: none"> • Lean ag tacú le soláthar chúrsaí iarchéime a bhaineann le teagasc scoláirí le riachtanais speisialta oideachais 	An Roinn Oideachais agus Scileanna, soláthraithe oideachais múinteoirí agus soláthraithe FGL	Ó 2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Cothaigh úsáid na dtreoirlínte agus acmhainní ar líne atá ar fáil do scoileanna agus suíomhanna COLÓ ar an deachleachtas maidir le tacú riachtanais na scoláirí le riachtanais speisialta oideachais 	An Roinn Oideachais agus Scileanna, soláthraithe oideachais múinteoirí agus soláthraithe FGL	Ó 2011
	<ul style="list-style-type: none"> • Feabhsaigh scileanna na múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ sa mheasúnú, monatóireacht agus clárú na dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta do scoláirí le riachtanais 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	speisialta oideachais <ul style="list-style-type: none"> • Cinntigh go dtugann scoileanna tús áite do rianú, measúnú agus gnótháchtáil scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu mar chuid de phróiseas na scoile um fhéin-mheasúnú agus feabhsú 		
	<ul style="list-style-type: none"> • Spreag lucht bainistíochta na suíomhanna COLÓ agus scoileanna agus a bpobail chun gnásanna a chur ar bun d'fhonn cuidiú le scoileanna agus suíomhanna COLÓ obair go comhoibríoch le tuismitheoirí chun feabhas a chur ar fhoghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ó 2012-13

Cuir feabhas ar cháilíocht an tsoláthair um litearthacht agus uimhearthacht in Ógtheagmháil, agus ionaid oiliúna pobail (CTCanna)	<ul style="list-style-type: none"> • Eiligh go gcinnteoidh an t-údarás breisoideachais agus oiliúna go dtugtar aird chuí ar fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhoghlaimeoirí sna cúrsaí agus cláir breisoideachais chuí ar fad • Cuir an CSTS ar fáil d'fhoghlaimeoirí in Ógtheagmháil agus CTCanna a bhfuil an soláthar seo oiriúnach dóibh • Méadaigh líon na bhfoghlaimeoirí in Ógtheagmháil agus CTCanna a bhaineann amach teastasú i gcúrsaí ina bhfuil an litearthacht agus an uimhearthacht mar mhóreilimintí 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an t-údarás breisoideachais agus oiliúna (nuair a bhunaítear é)	Ar siúl
	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir feabhas ar cháilíocht na hoiliúna sa litearthacht agus san uimhearthacht i soláthar Ógtheagmháil trína chinntiú go bhfuil rochtain ag foireann Ógtheagmháil ar na cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus acmhainní ar líne atá á gcur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> • Spreag soláthraithe chúrsaí agus cláir breisoideachais agus oiliúna chun a dteagascóirí agus oiliúnoirí a ghríosadh le páirt a ghlacadh sa bhforbairt ghairmiúil leanúnach d'fhonn cur lena gcumas sainriachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta scoláirí san earnáil a shásamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an t-údarás breisoideachais agus oiliúna	2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir feabhas ar scileanna na foirne sa mheasúnú, monatóireacht agus clárú na dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta d'fhoghlaimeoirí in Ógtheagmháil agus CTCanna • Cinntigh go dtugann ionaid Ógtheagmháil agus CTCanna tús áite do mheasúnú agus anailís na dtorthaí d'fhoghlaimeoirí mar chuid de phróiseas an ionaid um fhéin-mheasúnú agus feabhsú 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an t-údarás breisoideachais agus oiliúna	Ó 2012-13

<p>Cothaigh tuiscint níos fearr ar ról na teiripe urlabhra agus teanga i dtacú le scoláirí with riachtanais speisialta oideachais</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Fiosraigh na féidearthachtaí do shinerigí idir chúrsaí tosaigh agus cúrsaí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach courses do mhúinteoirí agus cleachtóirí COLÓ, agus iad siúd do theiripeoirí urlabhra agus teanga • Cinntigh go gcuirtear tuiscint ar ról na teiripe urlabhra agus teanga san áireamh in ábhar na gcúrsaí tosaigh agus na gcúrsaí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus cleachtóirí COLÓ 	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus agus FETAC/HETAC i gcomhair le soláthraithe chúrsaí tosaigh agus um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, cleachtóirí COLÓ agus teiripeoirí urlabhra agus teanga</p>	<p>2016</p>
--	---	---	-------------

8. FEABHAS Á CHUR AR AN MEASÚNÚ AGUS AR AN MEASTÓIREACTH CHUN TACÚ LE FOGHLAIM NÍOS FEARR SA LITEARTHACTH AGUS SAN UIMHEARTHACTH

Má bhímid ar an eolas faoi cé chomh maith is atá scoláirí ag foghlaim féadfaidh seo cabhrú linn feabhas a chur ar a ngnóthachtáil

Féadfaidh ról lárnach a bheith ag na bealaí ina n-úsáidimid measúnacht an scoláire chun feabhas a chur ar fhoghlaim na litearthacht agus na huimhearthachta

Is gnéithe riachtanacha iad an fhianaise a bhailiú maidir le cé chomh maith is atá scoláirí ag foghlaim, agus an t-eolas seo a úsáid chun feabhas a chur ar na deiseanna foghlama a chuirimid ar fáil dóibh, lena chinntiú go ndéanann gach scoláire dul chun cinn maith agus a scileanna litearthachta agus uimhearthachta á bhforbairt acu. Ba chóir an próiseas seo de shonraí measúnachta a bhailiú agus a úsáid a chur ar bun ag leibhéal an scoláire aonair chun ligean don mhúinteoir an treoir a chur in oiriúint do riachtanais na bhfoghlaiméoirí aonair agus chun an dul chun cinn atá á dhéanamh acu a chur in iúl dóibh agus dá dtuismitheoirí.

Ní mór go mbaileofaí agus go n-úsáidfí na sonraí measúnachta ag leibhéal na scoile, áit ina bhfuil na príomhoidí, múinteoirí agus boird bainistíochta in ann an t-eolas seo a úsáid chun an chaoi ina bhfuil siad ag déanamh soláthair do riachtanais litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí aonair agus grúpaí scoláirí sa scoil agus an chaoi is fearr inar féidir leo feabhas a chur ar an bhfoghlaim sa scoil a aithint.

Ní mór sonraí measúnachta a bheith againn le cur leis an mbeartas oideachais náisiúnta don litearthacht agus uimhearthacht agus bealaí a aimsiú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an chórais scoile. Ní mór feabhas mór a chur ar ár mbailiú agus anailís eolais maidir leis an bhfoghlaim a dhéanann na scoláirí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Ní mór dúinn a bheith soiléir faoina bhfuilimid ag súil lena mbeidh ar eolas ag na scoláirí nó lena mbeidh siad in ann a dhéanamh

Sula ndéanaimid breithiúnais ar cé chomh maith is atá ag éirí leis na scoláirí, ní mór ráiteas soiléir de na torthaí foghlama a bhfuilimid ag súil lena mbainfidh na leanaí agus na daoine óga amach i ngach céim den chóras

oideachais. Sa litearthacht agus san uimhearthacht, ciallaíonn sé seo nach mór dúinn tosaíocht a thabhairt do leasú na gcuraclam i mBéarla agus i nGaeilge sa leibhéal bun scoile agus sa leibhéal iar-bhunscoile agus leanúint leis na leasuithe leanúnacha sa churaclam matamaitice sa leibhéal iar-bhunscoile ar na bealaí a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil 6 den straitéis seo.

Ní mór samplaí soiléire a bheith ag na múinteoirí maidir lenar chóir a bheith ar eolas ag na scoláirí agus lenar chóir dóibh a bheith in ann a dhéanamh nuair atá na torthaí foghlama bainte amach acu ag gach leibhéal den churaclam. Mar a pléadh i gCaibidil 6 thuas, féadfaidh na samplaí seo cabhrú leis na múinteoirí taithí foghlama níos fearr a phleanáil dá scoláirí. Cabhraíonn siad leo freisin breithiúnais eolasacha a dhéanamh maidir leis an rath agus na riachtanais foghlama dá scoláirí. Le curaclam ina bhfuil ráitis shoiléire de na torthaí foghlama agus samplaí so-aimsithe ar chóir a bheith ar eolas ag na foghlaimeoirí nó ar chóir dóibh a bheith in ann a dhéanamh sa litearthacht agus san uimhearthacht féadfaidh seo creat oibre seasmhach tagartha a chur ar fáil inar féidir le múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí tagarmharcáil a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach acu agus an dul chun cinn atá déanta acu.

Ní mór dúinn a chinntiú go mbaineann múinteoirí úsáid as an measúnacht le cur lena gcleachtas agus le monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoghlaim

Ba chóir do mhúinteoirí a mbreithiúnais maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag daltaí a bhunú ar fhoinsí fianaise éagsúla, lena n-áirítear comhráite leis an bhfoghlaimeoir, anailís ar fhéinmheasúnú an fhoghlaimeora féin, tuairimí an mhúinteora maidir le rannpháirtíocht an fhoghlaimeora i dtascanna, triailscóir, samplaí d'obair na scoláirí, agus scrúduithe i scríbhinn, ó bhéal, agus praiticiúla san iar-bhunscoil. Ach ní leor díreach measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na foghlaimeoirí.

Tá a fhios againn go mbaineann na múinteoirí is éifeachtaí úsáid as eolas measúnachta ar an dul chun cinn atá déanta ag a scoláirí go dtí seo, go roinneann siad an t-eolas seo lena scoláirí, agus go mbaineann siad úsáid as an eolas seo chun na chéad chéimeanna eile ina gcuid teagasc agus i bhfoghlaim a scoláirí a phleanáil. Ba chóir an cur chuige seo, ar a dtugtar *measúnú chun foghlama (McF)* uaireanta, a úsáid chun cur leis an teagasc uile ach ní bhaintear úsáid leordhóthanach as go forleathan in ár scoileanna agus ní mór dúinn múinteoirí a chumasú chun feabhas a chur ar an gcleachtas seo.

Ní mór dúinn dea-chleachtas *measúnú chun foghlama* a nascadh le chéile le cur chuigí oiriúnacha de *measúnú ar an bhfoghlaim (MaF)*. Is é atá i gceist againn le *measúnú ar an bhfoghlaim* ná cur chuigí a chuireann in iúl dúinn faoin dul chun cinn atá déanta ag na scoláirí agus na torthaí foghlama atá leagtha síos sa churaclam á mbaint amach acu. Ba chóir go dtabharfadh an *measúnú ar an bhfoghlaim* achoimre dúinn ar a bhfuil bainte amach ag na

scoláirí ag pointí ar leith ar nós dheireadh na bliana acadúla. D'fhéadfadh an t-eolas seo maidir le dul chun cinn na scoláirí teacht ó bhreithiúnais eolasacha na múinteoirí, feidhmíocht na scoláirí ar thrialacha agus ar thascanna atá curtha le chéile ag na múinteoirí nó ag an scoil, feidhmíocht na scoláirí ar mheasúnachtaí caighdeánaithe agus, ag leibhéal na hiar-bhunscoile, an fheidhmíocht i scrúduithe an stáit. I dtreoirlínte an CNCM ar an measúnacht agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle 'Action' ar www.action.ncca.ie tugtar samplaí dea-chleachtais dúinn sa McF i suíomhanna na bunscoile agus na hiar-bhunscoile.

Measúnú ar fhoghlaim na leanaí i suíomhanna COLÓ

Cé go bhfuil srianta ar na trialacha measúnachta caighdeánaithe, nuair a bhaintear úsáid cheart astu cuireann siad eolas atá an-áisiúil ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag na scoláirí aonair

In *Treoirlínte um Dhea-chleachtas* atá in éineacht le creat oibre an churaclaim do COLÓ in *Aistear* tá comhairle leathan ann faoin gcaoi inar féidir le cleachtóirí COLÓ fianaise foghlama leanaí a bhailiú, a dhoiciméadú, machnamh a dhéanamh uirthi agus úsáid a bhaint aisti le cur lena gcuid oibre. Sna treoirlínte déantar cur síos ar an gcaoi inar féidir le cleachtóirí COLÓ an fhianaise a bhailiú trí chur chuig éagsúla lena n-áirítear comhráite, breathnóireacht, tascanna a leagan amach don leanbh agus trialacha a úsáid atá deartha go sonrath. Féadfaidh eolas a fháil trí thaidfid físe nó fuaim, trí bhreathnú ar shamplaí d'obair na leanaí, trí nótaí a dhéanamh faoi rannpháirtíocht na leanaí i ngníomhaíocht áirithe nó ag imeacht ar leith, nó trí dhialanna laethúla nó taifid chúraim. Mar atá molta sna treoirlínte, ní mór do chleachtóirí COLÓ fianaise a lorg den dul chun cinn atá déanta ag na leanaí chun na meonta atá acu i dtreo na foghlama a fhorbairt (mar shampla, an fhiosracht, an dianmhachnamh, an athléimneacht), scileanna a fhorbairt (ar nós a bheith ag siúl, ag gearradh, ag scríobh agus ag réiteach fadhbanna), dearcthaí agus luachanna a fhorbairt, agus eolas agus tuiscint a fháil.

Ní mór dúinn cleachtóirí i suíomhanna COLÓ a spreagadh chun na cur chuigí measúnachta éagsúla seo a úsáid go rialta toisc go gcumasaíonn siad leanaí óga chun foghlama. Ciallaíonn sé seo gur gá dóibh monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na leanaí aonair agus é a dhoiciméadú, riachtanais foghlama an linbh a aimsiú agus an taithí foghlama oiriúnach a chur ar fáil sa chur chuige *measúnú chun foghlama*. Ní mór dóibh a bheith in ann glacadh le cur chuige éifeachtach i dtaobh *measúnú ar an bhfoghlaim* nuair a thuiriscíonn siad eolas maidir le dul chun cinn na leanaí chuig na tuismitheoirí, chuig na scoileanna a n-aistríonn na leanaí chucu agus chuig daoine gairmiúla eile.

Is féidir leis na trialacha caighdeánaithe cabhrú le measúnacht na scileanna litearthachta agus uimhearthachta

Tá trialacha caighdeánaithe ar fáil don léitheoireacht (i mBéarla agus i nGaeilge) agus don mhatamaitic ag leibhéal na bunscoile in Éirinn. Féadfaidh na trialacha seo, atá curtha le chéile ar bhealach eolaíoch, eolas a thabhairt do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí maidir le cé chomh maith is atá gnóthachtáil linbh i gcomparáid le gnóthachtáil na

leanaí atá sa leibhéal ranga céanna i mbunscoileanna in Éirinn agus an ráta dul chun cinn atá déanta acu thar tréimhse ama.

Ní féidir le trialacha caighdeánaithe tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí chun torthaí foghlama éagsúla atá tábhachtach a bhaint amach, lena n-áirítear, mar shampla, cumais teanga labhartha na scoláirí nó an cumas atá iontu scríbhneoireacht a dhéanamh go cruthaitheach. Mar sin féin, is uirlis thábhachtach amháin iad, atá na múinteoirí in ann a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí.

Má dhéantar triailscóir chaighdeánaithe do scoláirí i ranganna éagsúla a chomhiomlánú is féidir leis seo cur leis an bpleanáil, féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach a dhéanann scoil. Leis na torthaí comhiomlána seo ní inseofar an scéal iomlán maidir leis an ngnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta, toisc go mbeidh siad bunaithe ar thorthaí na dtrialacha nach bhfuil in ann ach cuid dá bhfoghlaímíonn na leanaí a thástáil. Ach d'fhéadfaidís cabhrú le scoileanna tuiscint níos soiléire a fháil ar na treochtaí sa ghnóthachtáil agus fianaise a chur ar fáil maidir le cé chomh maith is a fheidhmíonn na tionsnaimh a chuireann foghlaim níos fearr chun cinn.

Is fiú a nótáil go bhfuil srianta áirithe ann maidir leis na tátail a bhféadfaí a bhaint astu go hiontaoifa agus comparáid á déanamh bunaithe ar thorthaí líon beag de mheasúnachtaí an scoláire. Mar shampla, tá seans níos mó ann go mbeidh tionchar ag tosca an tseans ar na triailscóir chomhiomlána má tá líon beag scoláirí sa triail. Tá tátail níos iontaoifa ann má thagann siad ó chomparáidí ina ndéantar measúnú ar líon cosúil le deich scoláire nó níos mó ag gach leibhéal ranga, go háirithe má tá comparáid á déanamh sna treochtaí gnóthachtála thar tréimhse ama nó má chuirtear torthaí i gcomparáid le torthaí ó scoileanna eile dá samhail.

Is féidir linn feabhas a chur ar an gcaoi ina n-úsáidimid an t-eolas ó thrialacha caighdeánaithe chun feabhas a chur ar an litearthacht agus an uimhearthacht

Cé go bhfuil an fhéidearthacht ann go gcabhraíonn na trialacha caighdeánaithe le múinteoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha d'fhoghlaim na scoláirí sa litearthacht agus san uimhearthacht le cur le próisis féinmheastóireachta na scoileanna, tá a fhios againn go mbaintear úsáid annamh as na trialacha caighdeánaithe chun na críocha seo i mbunscoileanna an hÉireannach. De réir Chiorclán 138/2006 na Roinne Oideachais agus Scileanna éilítear ar bhunscoileanna measúnú a dhéanamh sa ghnóthachtáil i léitheoireacht an Bhéarla agus sa mhatamaitic ag deireadh rang a haon *nó* ag tús rang a dó, agus ag deireadh rang a ceathair *nó* ag tús rang a cúig trí úsáid a bhaint as na trialacha caighdeánaithe. Tá líon mór scoileanna ann freisin a bhaineann úsáid as trialacha eile ag tréimhsí eile sa bhunscoil, ach éilítear dhá cheann ar a laghad, in éineacht leis an riachtanas go dtuairiscítear torthaí na dtrialacha seo do na tuismitheoirí.

Féadfaidh anailís ar thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe ag leibhéal na scoile sonraí áisiúla a chur ar fáil do phróiseas féinmheastóireachta na scoile

Is féidir linn feabhas a chur ar na bealaí ina mbailímid agus ina n-úsáidimid eolas measúnachta

Tá a fhios againn, áfach, cé go ndéantar na trialacha a riar go coinsiasach, nach mbaineann na múinteoirí bunscoile an fheidhm is fearr as an eolas a d'fhéadfaí a fháil uathu agus go bhfuil easnamh shuntasacha ann sa bhealach ina dtuairiscítear an t-eolas do na tuismitheoirí. D'fhéadfaí cuid de seo a bheith ann ar a laghad de dheasca na n-easnamh in oideachas tosaigh na múinteoirí agus an easpa béime a leagtar ar an measúnacht i bhforbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí.

Tá cúrsaí níos míshásúla ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Níl aon trialacha caighdeánaithe léitheoireachta ná matamaitice ann leis na noirm Éireannacha atá ar fáil faoi láthair d'iar-bhunscoileanna in Éirinn. Dá bhrí sin, ní mór dúinn feabhas suntasach a chur ar an úsáid a bhainimid as na huirlisí measúnachta seo agus iad a chur ar fáil do na hiar-bhunscoileanna.

Ní mór dúinn feabhas a chur ar mheasúnacht na litearthachta agus na huimhearthachta sna scrúduithe stáit

Tá na scrúduithe stáit agus na scrúduithe foirmiúla mar ghné shuntasach de na cur chuigí measúnachta a úsáidtear san iar-bhunscoil. Ag eascairt as próiseas comhairliúcháin poiblí tá treo leasú na sraithe sóisearaí amach anseo mar ábhar plé faoi láthair leis na compháirtíochtaí i gcúrsaí oideachais ag an CNCM. Is deis í seo lena chinntiú go gcuirfidh na curaclaim nua agus an córas measúnaithe a chuirfimid i bhfeidhm na deiseanna is fearr ar fáil do dhaoine óga chun forbairt agus comhdhlúthú a dhéanamh ar na scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Ní mór an cur chuige seo a leathnú amach chuig forbairt churaclaim sa tsraith shinsearach.

Tá athruithe an-mhór á ndéanamh le Tionscadal Mata ar churaclam na matamaitice sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach – athruithe atá deartha lena chinntiú go n-éireoidh níos fearr leis na scoláirí agus iad rannpháirteach i ngach gné den mhatamaitic. Léirítear é seo freisin sna hathruithe fíorshuntasacha atá á ndéanamh ar scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus scrúdú na hArdeistiméireachta don ábhar, a spreagfaidh forbairt na scileanna ar nós fadhbanna a réiteach agus an cumas atá ann an mhatamaitic a úsáid gach lá. De réir mar a dhéantar athcheartú ar na siollabais don Bhéarla agus don Ghaeilge le soiléireacht níos fearr a chinntiú sna scileanna litearthachta ar mian linn na daoine óga a fhorbairt, ní mór athruithe substaintiúla a dhéanamh i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh don Bhéarla agus don Ghaeilge freisin. Chomh maith leis sin ba chóir go léireodh na leasuithe ar na hábhair sa tsraith shinsearach an bhéim a leagtar ar chomhdhlúthú agus feidhmiú na scileanna litearthachta agus uimhearthachta tríd an gcuraclam.

Is dúshlán mór é freisin a chinntiú go n-aithníonn múinteoirí na n-ábhar uile ag leibhéal na hiar-bhunscoile an chaoi inar féidir leo ionchur a dhéanamh chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí. Ní mór na deiseanna atá ann chun forbairt litearthachta agus uimhearthachta a dhéanamh laistigh de dhisciplíní ar leith agus tríd an gcuraclam a léiriú i ndoiciméid an tsiollabais. Ní mór do na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

i ngach ábhar agus sna próisis measúnaithe a úsáidtear sa tsraith shóisearach caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta níos fearr a chur chun cinn.

Is gá dúinn eolas níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn a leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht

Tá ról lárnach ag na thuismitheoirí agus iad ag tacú le foghlaim a leanaí. Mar a pléadh i gCaibidil 3, is féidir le scoileanna agus suíomhanna COLÓ inniúlacht na dtuismitheoirí a neartú chun tacú lena leanaí sa chaoi seo. Ceann amháin de na bealaí inar féidir leis na múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ é seo dhéanamh ná trí eolas lánbhí a chomhroinnt leis na thuismitheoirí maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na leanaí sa chóras oideachais. Ní mór don eolas seo tarraingt ar na foinsí éagsúla d'fhianaise atá in úsáid ag na múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ, ar nós comhráite leis an bhfoghlaim, scrúdú a dhéanamh ar shonraí féinmheasúnaithe na scoláirí iad féin, breathnóireachtaí doiciméadaithe de rannpháirtíocht an fhoghlaimeora i dtascanna, torthaí tascanna agus trialacha measúnachta eile, agus samplaí d'obair na scoláirí. Tar éis sin beidh thuismitheoirí in ann an t-eolas atá ag múinteoirí a neartú maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a scoláirí trí thuilleadh eolais a chur ar fáil faoin bhfoghlaim atá ar siúl ag na scoláirí sa bhaile.

Tá a fhios againn, áfach, nach bhfaigheann thuismitheoirí eolas leordhóthanach, lánbhí agus soiléir ó na scoileanna agus na suíomhanna COLÓ i gcónaí. Tá a fhios againn go mbíonn cabhair de dhíth orthu go minic chun tacú leo tuiscint iomlán a fháil ar fhianaise na foghlama a thuiriscíonn an scoil dóibh, go háirithe an t-eolas ó thrialacha caighdeánaithe. Tá teimpléid tuairiscí caighdeánacha curtha ar fáil ag an CNCM chun cabhrú le scoileanna agus iad ag tuairisciú eolas maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na daltaí bunscoile do thuismitheoirí, lena n-áirítear eolas ó na trialacha caighdeánaithe, ach léirítear leis an bhfianaise ó Mheasúnachtaí Náisiúnta Léitheoireacht an Bhéarla agus na Matamaitice agus staidéir eile go bhfuil bearnaí suntasacha ann maidir le heolas a thuirisciú chuig thuismitheoirí. Cé go bhfuil an leagan amach maidir le tuairisciú a dhéanamh do na thuismitheoirí sa tsraith shóisearach le socrú go fóill, tá i gceist teimpléad cárta tuairisce a fhorbairt don chéim seo den oideachas, cosúil lena bhfuil curtha ar fáil ag an CNCM do bhunscoileanna. Beidh an leagan amach tuairiscithe seo áisiúil le comhsheasmhacht an tuairiscithe ar fud na scoileanna a chinntiú. Cuirfear na torthaí ó thrialacha caighdeánaithe sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic san áireamh mar réimsí le tuairisciú a dhéanamh.

Féadfaidh scoileanna agus suíomhanna COLÓ inniúlacht na dtuismitheoirí chun tacú lena leanaí a neartú trí eolas lánbhí a chomhroinnt leo maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na leanaí sa chóras oideachais

Má dhéantar aistriú níos éifeachtaí ar an eolas ar dhul chun cinn an scoláire cabhraíonn sé seo leis an leanúnachas a chinntiú don fhoghlaim

Ba chóir go mbeadh aistriú eolais níos éifeachtaí idir scoileanna maidir le dul chun cinn gach scoláire

Tá laigí ann freisin maidir leis an gcaoi ina n-aistrímid eolas maidir le dul chun cinn scoláirí idir suíomhanna COLÓ agus bunscoileanna agus idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. D'fhéadfadh sé seo cur leis an neamhleanúnachas dochrach a d'fhéadfadh a bheith san fhoghlaim a dhéanann na scoláirí agus an baol atá ann go mbeadh cúlú i bhfoghlaim na scoláirí, go fiú, mar thoradh air.

Níl aon chórais chomhaontaithe ann maidir leis an gcaoi inar chóir do shuíomhanna COLÓ tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhfoghlaiméirí óga nó ar an gcaoi ar chóir an t-eolas seo a aistriú chuig bunscoileanna. Ar an gcaoi chéanna, ní mór dúinn feabhas ollmhór a chur ar an gcóras maidir le heolas measúnachta a aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Tá tábhacht le cathain a ndéantar an t-aistriú eolais seo lena chinntiú nach bhfuil aon 'geallta' ceangailte leis. Ba chóir go dtarlódh sé díreach i ndiaidh dóibh clárú agus nuair atá an chéad bhliain ar bun acu. Ba chóir go mbeadh foinsí fianaise éagsúla ar fáil ón mbunscoil – na triailscóir, nótaí tráchta na múinteoirí, agus samplaí d'obair na scoláirí. Ní mór tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shraith na dteimpléad cárta tuairisce atá ullmhaithe ag an CNCM chun na críche seo agus iad a úsáid ar fud chóras na scoile.

Chomh maith leis sin ní mór dúinn feabhas a chur ar an gcaoi ina n-úsáideann na hiar-bhunscoileanna an t-eolas a chuirtear ar fáil dóibh maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag a scoláirí atá ag teacht isteach. Caithfidh deireadh a chur leis an tuairim mhícheart atá ann gur chóir don fhoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht a bheith "críochnaithe" faoi dheireadh na bunscoile agus ina ionad sin a thuiscint go dtiocfaidh scoláirí isteach i leibhéal na hiar-bhunscoile agus leibhéal éagsúla gnóthachtála acu, idir iad siúd a bhfuil na scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar a dtoil acu agus iad siúd atá ar chéim i bhfad níos ísle d'fhoghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta ar chúis éigin. Má bhaintear úsáid as sonraí measúnachta ó dheireadh na sraithe bunscoile cabhróidh sé seo le múinteoirí iar-bhunscoile chun a dteagasc a choigeartú le tabhairt faoi riachtanais ar leith na scoláirí níos éifeachtaí. Ba chóir go mbeadh an t-eolas ó na bunscoileanna mar fhoinsé riachtanach tagartha agus an clár á phleanáil don tsraith shóisearach agus chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn na scoláirí sna trí bliana den tsraith shóisearach.

Ba chóir do na scoileanna úsáid a bhaint as an eolas measúnachta le cur leis an bhféinmheastóireacht agus leis na pleananna feabhsúcháin scoile

Is féidir leis na sonraí measúnachta comhiomlánaithe do ranganna nó grúpaí i scoil a bheith mar fhoinsé fianaise thábhachtach don phobal scoile agus é ag iarraidh an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Déanann na scoileanna éifeachtacha anailís ar shonraí ó thrialacha caighdeánaithe agus ó fhoinsí eile go rialta agus coinníonn

siad súil ar threochtaí thar tréimhse ama. Ní choinníonn siad súil ar ghnáthghnóthachtáil na scoláirí uile amháin ach ar ghnóthachtáil grúpaí ar leith, lena n-áirítear scoláirí níos cumasaí agus grúpaí leochaileacha atá i mbaol deacrachtaí foghlama a bheith acu.

Baineann múinteoirí, príomhoidí agus boird bainistíochta úsáid as eolas, eolas maidir leis an litearthacht agus an uimhearthacht san áireamh, le cur le féinmheastóireacht a scoile, cleachtais mhachnamhacha agus lena bpleananna feabhsúcháin scoile. Baineann siad úsáid as na sonraí chun tosaíochtaí dá bhforbairt a aimsiú lena n-áirítear athruithe ar mhian leo a dhéanamh i gcur chuig teagaisc, a dtosaíochtaí d'fhorbairt na foirne agus chun acmhainní a fháil. Baineann siad úsáid as eolas measúnachta freisin mar chuid den mhonatóireacht a dhéanann siad ar éifeachtúlacht na dtionscnamh nó a mhalairt atá curtha i bhfeidhm acu chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí.

Ní mór eolas measúnachta níos fearr a bheith againn chun foghlaim litearthachta agus uimhearthachta níos éifeachtúla a chinntiú

Sa chaoi chéanna inar gá do na scoileanna úsáid a bhaint as an eolas ón measúnú a dhéantar ar fhoghlaim a scoláirí sa litearthacht agus san uimhearthacht chun an bealach a aimsiú inar féidir leo feabhas a chur ar na torthaí foghlama, ní mór eolas measúnachta comhiomlánaithe ar bheith againn chun pictiúr a fháil go náisiúnta maidir le cé chomh maith is atá ag éirí leis na scoláirí sa dara bliain ag sealbhú na litearthachta agus na huimhearthachta. Faoi láthair tá an t-eolas atá againn ar an ngnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta in Éirinn teoranta do mheasúnachtaí tréimhsiúla de shamplaí de na scoláirí ag an leibhéal bunscoile atá bailithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas sna Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla agus ar an Matamaitic agus an t-eolas a fhaighimid ó na staidéir idirnáisiúnta ina bhfuil Éire rannpháirteach. Ní mór na Measúnachtaí Náisiúnta tréimhsiúla ar an Matamaitic agus ar Léitheoireacht an Bhéarla a leathnú amach pointe amháin ar a laghad sa leibhéal iar-bhunscoile.

Chomh maith leis sin ní mór dúinn sonraí comhiomlánaithe a bhailiú ó gach scoil chun pictiúr a fháil ar cé chomh maith is atá ag éirí leis na scoláirí chun an litearthacht agus an uimhearthacht a shealbhú. Beidh na sonraí seo á gcomhiomlánú ag na scoileanna le cur lena bhféinmheastóireacht agus a bpleananna feabhsúcháin scoile. Má chuirtear na bealaí i bhfeidhm atá simplí agus díreach inar féidir sonraí comhiomlánaithe a bhailiú ó na scoileanna uile go rialta ní thabharfaidh sé seo pictiúr iomlán dúinn maidir le hobair na scoileanna chun feabhas a chur ar ghnóthachtáil na litearthachta agus na huimhearthachta, ná níor chóir é a úsáid chun “táblaí léige” de scoileanna a chur le chéile, ach d'fhéadfadh sé bearna shuntasach a líonadh san eolas atá ar fáil don chóras oideachais. D'fhéadfadh sé cur le dearbhú cáilíochta an chórais agus scoileanna a aimsiú a mbeadh tacaíochtaí breise de dhíth

orthu. Féadfaidh sé cur le tionscnaimh beartais freisin trí chabhrú linn tuiscint níos fearr a fháil maidir lena bhfuil ag feidhmiú go maith agus ar gá a fheabhsú i bhfoghlaim litearthachta agus uimhearthachta ár leanaí.

Gníomhartha chun feabhas a chur ar an measúnú agus meastóireacht chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht

Is gníomhartha riachtanacha iad an leasú ar ghnéithe litearthachta agus uimhearthachta an churaclaim ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiarbhunscoile ag baint úsáide as cur chuige “torthaí foghlama” agus forbairt samplaí gaolmhara d’obair agus foghlaim na leanaí le múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ a chumasú chun bheith rannpháirteach i measúnú lánbhrí ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama. Déantar cur síos go mion ar na gníomhartha seo i gCaibidil 6 agus ní dhéantar é sin arís anseo.

Cuspóir	Mionsonra	Freagrach as an ngníomh seo	Dáta treorach
Feabhas a chur ar inniúlacht na múinteoirí agus na gcleachtóirí COLÓ chun úsáid a bhaint as cur chuigí measúnachta agus sonraí	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil modúil éigeantacha san áireamh sna cúrsaí uile um oideachas tosaigh múinteoirí agus sna cláir oiliúna COLÓ chun múinteoirí agus cleachtóirí COLÓ a chumasú le raon cur chuigí measúnachta a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> ○ cur le planáil na gcéimeanna ina dhiaidh sin i bhfoghlaim litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí, i.e. cur chuigí <i>measúnú chun foghlama</i> (McF) ○ monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar ghnóthachtáil na bhfoghlaiméoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht, i.e. cur chuigí <i>measúnú ar an bhfoghlaim</i> (MaF) ○ foghlaim na scoláirí sa litearthacht agus san uimhearthacht a dhoiciméadú agus tuairisciú a dhéanamh do thuismitheoirí, múinteoirí eile agus daoine gairmiúla eile de réir mar is cuí ○ riachtanais foghlama ar leith a aimsiú 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2013
	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go bhfuil fáil ag múinteoirí agus príomhoidí atá ag obair ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus ar líne agus treoir eile ar úsáid éifeachtach na measúnachta chun iad seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> ○ cur le planáil na gcéimeanna ina dhiaidh sin i bhfoghlaim litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí, i.e. cur chuigí <i>measúnú chun foghlama</i> (McF) ○ monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar ghnóthachtáil na bhfoghlaiméoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht, i.e. cur chuigí <i>measúnú ar an bhfoghlaim</i> (MaF) ○ foghlaim na scoláirí sa litearthacht agus san 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<p>uimhearthacht a dhoiciméadú agus tuairisciú a dhéanamh do thuismitheoirí, múinteoirí eile agus daoine gairmiúla eile de réir mar is cuí</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ riachtanais foghlama ar leith a aimsiú 		
	<ul style="list-style-type: none"> • Cleachtóirí COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát a spreagadh le bheith rannpháirteach san fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun feabhas a chur ar an gcumas atá iontu chun raon cur chuigí <i>measúnú chun foghlama</i> (McF) agus <i>measúnú ar an bhfoghlaim</i> (MaF) a úsáid 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2014

Feabhas a chur ar úsáid an eolais mheasúnachta chun tacú le teagasc agus foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht do na scoláirí aonair	<ul style="list-style-type: none"> • Tacú le forbairt agus foilsiú na n-uirlisí measúnachta chun cabhrú le cleachtóirí COLÓ agus múinteoirí na naíonán chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na leanaí i suíomhanna COLÓ agus i ranganna na naíonán 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Ó 2012
	<ul style="list-style-type: none"> • Straitéisí idirghabhála a chur i bhfeidhm sa dara téarma de na naíonáin shóisearacha do na scoláirí úd a aithnítear agus deacrachtaí acu sa litearthacht agus san uimhearthacht agus tacaíocht a fháil sa rang ó na múinteoirí tacaíochta foghlama 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2013-14
	<ul style="list-style-type: none"> • Éileamh ar gach bunscoil trialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic a riar do gach scoláire incháilithe ag deireadh rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé • Éileamh ar gach Gaelscoil trialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht na Gaeilge, léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic a riar do gach scoláire incháilithe ag deireadh rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012
	<ul style="list-style-type: none"> • Coimisiúnú a dhéanamh ar fhorbairt na dtrialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht an Bhéarla, léitheoireacht na Gaeilge agus ar an matamaitic do scoláirí ag deireadh na dara bliana san iar-bhunscoil 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2014
	<ul style="list-style-type: none"> • Éileamh ar gach iar-bhunscoil trialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic a riar do gach scoláire ag deireadh na dara bliana • Éileamh ar gach iar-bhunscoil lán-Ghaeilge trialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht na Gaeilge, léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic a riar do gach scoláire incháilithe ag deireadh na dara bliana 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2014-15

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> Éileamh ar gach scoil tuairisciú soiléir a dhéanamh do thuismitheoirí (trí thuairiscí scoile i scríbhinn agus agallaimh idir thuismitheoirí agus múinteoirí) maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanbh (trí eolas a úsáid ó raon cur chuigí measúnachta lena n-áirítear torthaí na dtrialacha measúnachta caigdeánaithe agus eolas ar an gcaoi ina bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag a leanbh i gcomparáid leis na noirm go náisiúnta) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Leibhéal Bunscoile 2012 Leibhéal Iarbhunscoile 2015
	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas a chur ar an treoir atá ar fáil do thuismitheoirí chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar an eolas a fhaigheann siad ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanbh Scoileanna a spreagadh chun cuidiú le thuismitheoirí an t-eolas measúnachta a thuiscint 	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	2012-15
	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas a chur ar na socrúithe le haghaidh aistriú an eolais maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh agus lena bhfuil baint amach ag na scoláirí idir na scoileanna agus suíomhanna COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát trí éileamh ar na suíomhanna agus scoileanna uile tuairiscí i scríbhinn a chur ar fáil i ngnáthfhormáid do na scoileanna agus na suíomhanna a n-aistríonn na scoláirí chucu (tá na tuairiscí le cur ar fáil i ndiaidh don scoláire a ligean isteach sa scoil/suíomh nua) 	Teimpléid tuairiscithe oiriúnacha le forbairt ag an CNCM agus iad a chur ar fáil ar líne An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le haistriú an eolais a dhéanamh mar riachtanas	2012-14 2013-15
A chinntiú go mbainfidh na scoileanna uile úsáid as na sonraí measúnachta le cur lena bpleananna feabhsúcháin scoile trí bliana	<ul style="list-style-type: none"> Éileamh ar na scoileanna uile dul i ngleic le féinmheastóireacht láidir agus plean feabhsúcháin scoile trí bliana a chur i bhfeidhm ina bhfuil spriocanna ar leith curtha san áireamh chun an litearthacht agus an uimhearthacht a chur chun cinn agus a fheabhsú 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> Mar chuid den fhorbairt ghairmiúil thosaigh agus leanúnach do mhúinteoirí agus do phríomhoidí mar a nótáiltear thuas, treoir a chur ar fáil ar an mbealach is fearr leis na sonraí measúnachta caigdeánaithe a chomhiomlánú, le súil a choinneáil orthu thar thréimhse ama agus a léirmhíniú chun tacú le féinmheastóireacht scoile láidir; lena n-áirítear treoir ar an gcaoi ina bhféadfaí feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta i scoileanna a aithint (lena n-áirítear comhairle fhorálach maidir leis na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a thiteann líon na scoláirí a ndéantar measúnú orthu ag leibhéal ranga amháin ar bith faoi bhun deich scoláire) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012-2013

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go gcuirtear le féinmheastóireacht na scoileanna agus le pleananna feabhsúcháin scoile trí shonraí measúnachta maithe a bheith ann: éileamh ar phríomhoidí i mbunscoileanna tuairisciú (bliantúil) a dhéanamh ar shonraí measúnachta comhiomlánaithe ó thrialacha caighdeánaithe (ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic i ngach buncoil agus ar léitheoireacht na Gaeilge i nGaelscoileanna)⁹ do na boird bainistíochta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012
	<ul style="list-style-type: none"> I ndiaidh do na trialacha caighdeánaithe a bheith ar fáil, éileamh ar na príomhoidí sna hiar-bhunscoileanna tuairisciú (bliantúil) a dhéanamh ar shonraí measúnachta comhiomlánaithe ó thrialacha caighdeánaithe (ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic i ngach buncoil agus ar léitheoireacht na Gaeilge in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge) do na boird bainistíochta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2015
	<ul style="list-style-type: none"> Treoir ar léirmhíniú ar na sonraí measúnachta caighdeánaithe ar fáil agus an úsáid a bhaintear as san fhéinmheastóireacht scoile i gcúrsaí oiliúna do na boird bainistíochta 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012-13
Feabhas a chur ar an bhfáil ar shonraí measúnachta náisiúnta ar ghnóthachtáil na litearthachta agus uimhearthachta	<ul style="list-style-type: none"> Sonraí comhiomlánaithe a bhailiú ar ghnóthachtáil an scoláire maidir le trialacha measúnachta caighdeánaithe i léitheoireacht an Bhéarla agus sa mhatamaitic i ngach buncoil agus i léitheoireacht na Gaeilge i nGaelscoileanna ag deireadh rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2012
	<ul style="list-style-type: none"> I ndiaidh infhaighteacht na dtrialacha, sonraí comhiomlánaithe a bhailiú ar ghnóthachtáil an scoláire maidir le trialacha measúnachta caighdeánaithe i léitheoireacht an Bhéarla agus sa mhatamaitic i ngach iar-bhunscoil agus i léitheoireacht na Gaeilge in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ag deireadh na dara bliana 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2015
	<ul style="list-style-type: none"> Tuairisciú a dhéanamh ar na treochtaí gnóthachtála náisiúnta sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna gach dhá bhliain ag baint úsáide as sonraí comhiomlánaithe ó thrialacha caighdeánaithe i scoileanna 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ó 2013 ag an leibhéal bunscoile Ó 2016 ag an leibhéal iar-bhunscoile

⁹ Féach ar an Aguisín don leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ann don tuairisciú

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
	<ul style="list-style-type: none"> Coimisiúnú a dhéanamh ar thaighde chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann chun anailís a dhéanamh ar shonraí measúnachta ó na scoileanna ionas gur féidir linn sonraí treochta náisiúnta a chur ar fáil ar an ngnóthachtáil i gcatagóirí éagsúla scoileanna (scoileanna atá ag freastal ar scoláirí ó chomhtéacsanna socheacnamaíocha agus déimeagrafacha éagsúla, etc.) agus an fhéidearthacht atá ann go gcuideoidh an anailís seo le scoileanna agus tagarmharcáil á déanamh acu ar a gcaighdeáin i gcoinne an noirm do scoileanna cosúil leis agus chun spriocanna a leagan amach le feabhas a dhéanamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2016
	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ar aghaidh agus na <i>Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla</i> (bunaithe ar shampla eolaíochta de na scoileanna) a dhéanamh agus a fhoilsiú ar bhonn cúig bliana agus iad seo a leathnú amach leis an measúnú ar scoláirí sa leibhéal iar-bhunscoile a chur san áireamh Na Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus ar Léitheoireacht an Bhéarla a leathnú amach le trialacha litearthachta digítí a chur san áireamh 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2014, 2019
Tagarmharcáil a dhéanamh idir gnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus na scoláirí i dtíortha forbartha eile	<ul style="list-style-type: none"> Páirt a ghlacadh i suirbhéanna idirnáisiúnta ar nós an PISA, PIRLS agus TIMSS ionas gur féidir gnóthachtáil na scoláirí i léamh na litearthachta, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a thagarmharcáil i gcoinne na gcaighdeán idirnáisiúnta sa leibhéal bunscoile agus sa leibhéal iar-bhunscoile 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	An chéad PISA eile in 2012 TIMSS agus PIRLS in 2011
	<ul style="list-style-type: none"> Éileamh ar gach scoil comhoibriú a dhéanamh, nuair a iarrtar é, leis na suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta uile atá faofa nó coimisiúnaithe ag An Roinn Oideachais agus Scileanna 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2012

<i>Cuspóir</i>	<i>Mionsonra</i>	<i>Freagrach as an ngníomh seo</i>	<i>Dáta treorach</i>
Úsáid a bhaint as an bhféinmheastóireacht agus an chigireacht sheachtrach chun tacú le feabhsuithe sa ghnóthachtáil litearthachta agus uimhearhachta	<ul style="list-style-type: none"> Tacú le húsáid na féinmheastóireachta láidre i scoileanna tríd seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Forbairt ghairmiúil leanúnach spriocdhírthe do phríomhoidí agus múinteoirí a chur ar fáil (féach ar Chaibidil 4 agus Caibidil 5) Ábhair, treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir leis na pleananna feabhsúcháin scoile a chruthú agus a chur i bhfeidhm Éileamh ar scoileanna a bpleananna feabhsúcháin scoile a chur ar fáil don phobal scoile 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Tús a chur leis an obair in 2011-2012 A chur i bhfeidhm i scoileanna ó 2012-13
	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go ndéanann gach cineál cigireachta ar an scoil uile meastóireacht agus tuairisciú ar na caighdeáin litearthachta agus uimhearhachta sna scoileanna, lena n-áirítear meastóireacht ar fhéinmheastóireacht na scoile agus an plean feabhsúcháin scoile sna réimsí seo, agus in iar-bhunscoileanna maidir le cur chun cinn na litearthachta agus na huimhearhachta tríd an gcuraclam 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2011-12
	<ul style="list-style-type: none"> Sonraí comhiomlánaithe ó thrialacha caighdeánaithe a úsáid <i>mar ghné amháin</i> den fhianaise a úsáidtear chun tacú leis an gcigireacht a dhéantar i scoileanna (mar shampla, i bpleanáil na cigireachta; le linn an phróisis chigireachta; leis an dea-chleachtas a aithint; agus ag díriú ar scoileanna nach bhfuil ag feidhmiú go maith) 	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2013
	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas a chur ar dhearbhú cáilíochta an tsoláthair COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát tríd seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Féinmheastóireacht a éileamh le bheith déanta i ngach suíomh COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát Ábhair agus treoir a chur ar fáil chun tacú leis an bhféinmheastóireacht Meastóireachtaí seachtracha píolótacha de cháilíocht an tsoláthair (cáilíocht an tsoláthair den litearthacht agus uimhearhacht luath san áireamh) a forbairt agus a chur i bhfeidhm i suíomhanna COLÓ Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na meastóireachtaí píolótacha agus an fhoghlaim a úsáid chun feabhas a chur ar na meicníochtaí agus mionsamhlacha um dhearbhú cáilíochta 	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhar leis An Roinn Oideachais agus Scileanna (An Chigireacht)	Tús a chur leis na meastóireachtaí píolótacha in 2011-12 Athbhreithniú le déanamh in 2012-13

GIORRÚCHÁIN

BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
COLÓ	Cúram agus Oideachas Luathóige
DEIS	Comhdheiseanna á gCur ar Fáil i Scoileanna (Clár na Roinne Oideachais agus Scileanna chun tacú le foghlaimoirí i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste)
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus um Fhorbairt Eacnamaíochta
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FNES	An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach
FTO	Foras Taighde ar Oideachas (foras taighde oideachais neamhspleách atá lonnaithe i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath)
IEA	Cumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar an nGnóthachtáil Oideachais
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
IPPN	Líonra Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann
MaF	Measúnú ar an bhfoghlaim (príomhchuspóir MaF ná tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthachtáil foghlaimora go dtí seo agus eolas a thabhairt do na tuismitheoirí agus na daoine gairmiúla ábhartha, ar nós múinteoirí agus teiripeoirí, maidir leis an ngnóthachtáil seo)
McF	Measúnú chun Foghlama (díríonn Mc Far úsáid a bhaint as eolas measúnachta ón bhfoghlaimoir agus pleanáil á déanamh ar na chéad chéimeanna eile ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt)
NAMER	Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí tánaisteachta

NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
OTM	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
PIRLS	Staidéar Litearthachta um an Dul Chun Cinn sa Léitheoireacht Idirnáisiúnta (staidéar idirnáisiúnta um léitheoireacht na litearthachta atá á dhéanamh faoi choimirce an IEA)
PISA	Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta ar Scoláirí (staidéar idirnáisiúnta ar an léitheoireacht, an mhatamaitic agus an litearthacht eolaíoch atá á dhéanamh faoi choimirce an ECFE)
RDÁI	Rochtain á Déanamh ar Ábhair Idirchultúrtha (liosta ar líne d'acmhainní don oideachas idirchultúrtha atá á n-óstáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna)
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SEN	Riachtanais Oideachais Speisialta
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
SLT	Teiripeoir Urlabhra agus Teanga
T1	An bhunteanga teagaisc (mar shampla, tagraíonn an Ghaeilge mar T1 do theagasc na Gaeilge mar an chéad teanga nó an úsáid a bhaintear as mar mheán an teagaisc i nGaelscoileanna)
T2	Teanga a mhúintear mar an dara teanga (mar shampla, an Ghaeilge mar T2 i scoileanna trí Bhéarla)
TIMSS	Treochtaí sa Staidéar Matamaitice agus Eolaíochta Idirnáisiúnta (staidéar idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil na matamaitice agus eolaíochta atá déanta faoi choimirce an IEA)
VEC	An Coiste Gairmoideachais
VFM	Luach ar Airgead (staidéar meastóireachta a rinneadh i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais)

AGUISÍN

Leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ann chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí comhiomlánaithe ó mheasúnachtaí caighdeánaithe

Léitheoireacht an Bhéarla

Iontráil líon na scoláirí i rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé a dtiteann a scóir chaighdeánacha ar thriail chaighdeánaithe léitheoireachta isteach sna raoin seo a leanas:

Rang	Suas go 80	81-90	91-100	101-110	111-120	Os cionn 120
Rang a Dó						
Rang a Ceathair						
Rang a Sé						

Triail a rinneadh
Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T
Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T
Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T

Matamaitic

Iontráil líon na scoláirí i rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé a dtiteann a scóir chaighdeánacha ar thriail chaighdeánaithe matamaitice isteach sna raoin seo a leanas:

Rang	Suas go 80	81-90	91-100	101-110	111-120	Os cionn 120
Rang a Dó						
Rang a Ceathair						
Rang a Sé						

Triail a rinneadh
Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Matamaitice Sigma-T
Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Matamaitice Sigma-T
Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Matamaitice Sigma-T

Tabhair faoi deara: Is é atá i gceist le scóir chaighdeánacha ná trasfhoirmiúcháin na n-amhscór a baineadh amach ar thrialacha caighdeánaithe, agus a bhíonn idir 55 agus 145 de ghnáth, le meán de 100.

D'fhéadfaí tábla tuairiscithe a úsáid chun sonraí measúnachta caighdeánaithe a chur ar ais ó iar-bhunscoileanna nuair atá na trialacha ar fáil.

